An Coimisiún Eorpach

# STAID AN AONTAIS 2023

ag

**COIMISIÚN VON DER LEYEN**

GA

ec.europa.eu/soteu2023

**Staid an Aontais 2023 — le Coimisiún von der Leyen**

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-05625-7 | doi:10.2775/57526 | NA-09-23-325-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-05606-6 | doi:10.2775/46224 | NA-09-23-325-GA-N |

Ní bheidh an Coimisiún faoi dhliteanas i leith aon toradh a d'fhéadfadh a bheith ar athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoin gceadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

CREIDIÚINTÍ
Gach grianghraf © An tAontas Eorpach mura dtugtar a mhalairt le fios.


# Réamhrá

Gach bliain i mí Mheán Fómhair, tugann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Aitheasc ar Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa. Déantar trácht san aitheasc sin ar ar baineadh amach in imeacht na bliana a chuaigh thart agus leagtar amach ann tosaíochtaí na bliana dár gcionn. Ina cheann sin, leagann an tUachtarán amach an dóigh a rachaidh an Coimisiún Eorpach i ngleic leis na dúshláin is práinní atá roimh an Aontas Eorpach. I ndiaidh na hóráide, bíonn díospóireacht iomlánach ann. Is leis an óráid ar Staid an Aontais a chuirtear tús leis an bplé idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, plé arb é is aidhm dó plean oibre an Choimisiúin don chéad bhliain eile a shocrú.

De bhun Chonradh Liospóin, tá an tAitheasc ar Staid an Aontais leagtha síos i gCreat-Chomhaontú 2010 maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Leagtar síos freisin sa Chreat-Chomhaontú sin nach mór don Uachtarán litir intinne a sheoladh chuig Uachtarán na Parlaiminte agus chuig an té ag a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle, litir ina mbeidh mionchuntas ar na bearta atá faoin gCoimisiún Eorpach a dhéanamh trí bhíthin na reachtaíochta agus ar na tionscnaimh eile atá ar na bacáin ag an gCoimisiún go dtí deireadh na bliana dár gcionn.

Thug Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Aitheasc ar Staid an Aontais uaithi den cheathrú huair an 13 Meán Fómhair 2023.

Tá an t-ábhar ar fad le fáil ar ec.europa.eu/soteu2023.


EURÓPA
EWROPA
EUROPA
EUROPY
EUROPA
EUROPA
EVROPA
EURÓPA

# Ábhar


## Aitheasc 5

Gairm na staire a fhreagairt 6

## An litir intinne chuig an Uachtarán Roberta Metsola agus chuig an bPríomh-Aire Pedro Sánchez 36

Na príomhthosaíochtaí le haghaidh 2024 39

## An méid atá bainte amach 40


An Eoraip: todhchaí ar fiú troid ar a son 41

1 Gealladh na hEorpa a chosaint 43

2 Infheistíocht a dhéanamh i rathúnas na hEorpa 60

3 Athléimneacht shochaíoch na hEorpa a fhorbairt 102

## Amlíne 119


EUROPE
EUROPA
EURÓPA
EWROPA
EUROPA
EUROPY
EUROPA
EVROPA

# Aitheasc

# Gairm na staire a fhreagairt



## Beart a dhéanamh inniu, agus an bealach a réiteach don lá amárach

A Chomhaltaí Onóracha,

Laistigh de 300 lá, caithfidh muintir na hEorpa a vóta sa daonlathas uathúil suntasach atá againn.

Mar is amhlaidh i gcás aon toghcháin, tráth a bheidh ann do dhaoine chun machnamh a dhéanamh ar Staid an Aontais seo againne agus ar an obair atá déanta ag na daoine sin a dhéanann ionadaíocht dóibh.

**Ach tráth a bheidh ann freisin chun cinneadh a dhéanamh faoin gcineál todhchaí agus faoin Eoraip atá uathu.**

Beidh na milliúin daoine ag caitheamh vóta den chéad uair ina measc, agus rugadh na daoine is óige díobh sin in 2008.

Nuair a bheidh siad sa bhoth vótála sin, smaoineoidh siad ar an méid atá tábhachtach dóibh.

Smaoineoidh siad ar an gcogadh atá faoi lán seoil ag ár dteorainneacha.

Nó ar thionchar scriosach an athraithe aeráide.

Nó ar an gcaoi a ndéanfaidh an intleacht shaorga difear dá saol.

Nó ar a dhóichí a bheidh sé go bhféadfaidh siad teach a cheannach nó post a fháil sna blianta amach rompu.

**An tAontas atá againn sa lá atá inniu ann**, léiríonn sé fís na ndaoine sin a bhí ag iarraidh todhchaí níos fearr a bhaint amach tar éis an **Dara Cogadh Domhanda**.

Todhchaí ina n-oibreodh Aontas náisiún, daonlathas agus daoine as lámh a chéile chun síocháin agus rathúnas a bhaint amach.

**Chreid siad gurbh í an Eoraip an freagra ar ghairm na staire.**

Nuair a labhraím leis an nglúin nua daoine óga, feicim an fhís chéanna sin le haghaidh todhchaí níos fearr.

An díocas mór céanna atá orthu chun rud éigin níos fearr a thógáil.

An chreidiúint chéanna sin **gur gá don Eoraip gairm na staire a fhreagairt an athuair** i saol na héiginnteachta.

Agus sin é an méid is gá dúinn a dhéanamh **i dteannta a chéile**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Cuirtear tús leis an méid sin trí **mhuinín mhuintir na hEorpa** a thuilleamh chun déileáil lena n-uaillmhianta agus leis na rudaí a dhéanann imní dóibh.

Agus sna **300 lá atá amach romhainn**, ní mór dúinn an **obair a chuir siad de chúram orainn a dhéanamh a thabhairt chun críche**.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Teach seo as an ról ceannasach a bhí aige i dtaca le ceann de na hathruithe is uaillmhianaí ar thug an tAontas seo faoi riamh cheana a bhaint amach.

Nuair a chuir mé mo chlár le haghaidh **Eoraip ghlas dhigiteach gheopholaitiúil** i láthair os bhur gcomhair in 2019, tá a fhios agam go raibh **amhras ar roinnt agaibh**.

Tharla sé sin **sular cuireadh an domhan as riocht** le paindéim dhomhanda agus le cogadh brúidiúil i gcríoch na hEorpa.

Ach féachaigí an Eoraip atá againn inniu.

Cuireadh tús le h**Aontas geopholaitiúil**, ar Aontas é a thacaíonn leis an Úcráin, a sheasann i gcoinne fhogha na Rúise, a fhreagraíonn ar theanntás na Síne agus a dhéanann infheistíocht i gcomhpháirtíochtaí.

Tá **Comhaontú Glas don Eoraip** againn anois i g**croílár** ár ngeilleagair, **nach bhfuil a shárú ann** ó thaobh na huaillmhéine de.

Tá an bealach leagtha amach againn don **aistriú digiteach** agus is **ceannródaithe domhanda sinn anois maidir le cearta ar líne**.

Tá an plean stairiúil **NextGenerationEU** againn, lena gceanglaítear le chéile **infheistíochtaí agus athchóirithe** dar luach €800 billiún agus lena gcruthaítear **poist chuibhiúla** don lá inniu agus don lá amárach.

Cuireadh tús le h**Aontas geopholaitiúil**.

Tá na **bunchlocha** leagtha síos againn le haghaidh **Aontas Sláinte**, agus é ag cuidiú le mór-roinn iomlán agus áiteanna móra eile ar fud an domhain a vacsaíniú.

Táimid **níos neamhspleáiche** in earnálacha criticiúla, cuir i gcás fuinneamh, sliseanna agus amhábhair.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil libh freisin as an **obair cheannródaíoch nuálach** a rinneamar i leith an **chomhionannais inscne**.

Mar bhean, is mór agam an méid sin.

Tá comhaid tugtha chun críche againn ar cheap go leor daoine go mbeadh bac orthu go deo, cuir i gcás **an Treoir maidir le Mná ar Bhoird** agus **aontachas stairiúil an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún Iostanbúl.**

Leis an **Treoir maidir le trédhearcacht pá**, tá sé cumhdaithe sa dlí againn go bhfuil pá comhionann tuillte as obair chomhionann.

**Níl argóint ar bith ann** gur cheart níos lú airgid a íoc le bean ná le fear as an gcineál céanna oibre.

Ach níl deireadh lenár gcuid oibre go fóill, ná baol air, agus ní mór dúinn leanúint den dul chun cinn a éileamh i dteannta a chéile.

Tá a fhios agam go dtacaíonn an Teach seo lenár dtogra maidir le **foréigean in aghaidh na mban a chomhrac**.


Ar an mbonn sin, is mian liom bunphrionsabal eile a chumhdach sa dlí: **Diúltú is ea diúltú**.

**Ní fíor-chomhionannas go saoirse ón bhforéigean.**




Is mian liom bunphrionsabal eile a chumhdach sa dlí: **Diúltú is ea diúltú. Ní fíor-chomhionannas go saoirse ón bhforéigean**.

**Treoirlínte Polaitiúla**
a cuireadh i láthair in 2019




Agus a bhuí leis an bParlaimint seo, leis na Ballstáit agus le m'fhoireann Coimisinéirí, **bhaineamar amach níos mó ná 90 % de na Treoirlínte Polaitiúla** a chuir mé i láthair in 2019.

I dteannta a chéile, tá sé léirithe againn **go mbaintear torthaí amach nuair a bhíonn an Eoraip ceannasach**.

Agus níl deireadh lenár gcuid oibre go fóill – **seasaimis le chéile**.

**Déanaimis beart inniu, agus réiteoimis an bealach don lá amárach.**

# An Comhaontú Glas don Eoraip

A Chomhaltaí Onóracha,



Ceithre bliana ó shin, ba é an Comhaontú Glas don Eoraip ár bh**freagra ar ghairm na staire**.

Bhí an samhradh seo ar an samhradh ba theo a bhí againn riamh san Eoraip, agus chuir sé an méid sin i gcuimhne dúinn go láidir.

Bhuail falscaithe sladacha **an Ghréig agus an Spáinn**, agus bhuail tuilte millteacha arís iad cúpla seachtain ina dhiaidh sin.

Agus chonaiceamar **anord agus eirleach** na hadhaimsire — ón tSlóivéin go dtí an Bhulgáir agus ar fud an Aontais seo againne.

**Is é sin réaltacht pláinéid atá ar fiuchadh.**

Ceapadh an Comhaontú Glas don Eoraip i ngeall ar an ngá atá ann ár bpláinéad a chosaint.

Ach ceapadh é freisin mar dheis chun ár rathúnas amach anseo a chaomhnú.

Chuireamar tús leis an sainordú seo le peirspictíocht fhadtéarmach a leagan síos maidir leis an dlí aeráide agus sprioc 2050.

D'athraíomar an clár oibre aeráide chun go gcuimseodh sé an **geilleagar**.

Dá thoradh sin, tá **tuiscint shoiléir againn ar an mbealach atá romhainn le haghaidh na hinfheistíochta agus na nuálaíochta**.

Agus tá sé feicthe againn cheana féin gur **baineadh torthaí amach** sa ghearrthéarma a bhuí leis an **straitéis fáis** sin.

Léiríonn tionscal na hEorpa gach lá go bhfuil sé réidh chun an t-aistriú sin a chumhachtú.

Chruthaigh sé gur féidir **an nuachóiriú agus an dícharbónú** a chur le chéile.

Le cúig bliana anuas, tá méadú tagtha ar líon na **monarchana cruach glaine** san Aontas ó náid go 38.

Tá **níos mó infheistíochta sa hidrigin ghlan** á mealladh againn anois ná na Stáit Aontaithe agus an tSín **le chéile**.

Agus amárach, beidh mé sa Danmhairg leis an bPríomh-Aire Mette Frederiksen chun an nuálaíocht sin a fheiceáil le mo shúile cinn.

Déanfaimid ceiliúradh ar sheoladh na chéad loinge coimeádán, long atá á cumhachtú le meatánól glan a rinneadh le fuinneamh na gréine.

Tá níos mó **infheistíochta sa hidrigin ghlan** á mealladh againn anois ná na Stáit Aontaithe agus an tSín le chéile.

**Is é sin neart fhreagairt na hEorpa ar an athrú aeráide.**

Is é an Comhaontú Glas don Eoraip a chuireann an creat, na dreasachtaí agus an infheistíocht is gá ar fáil – ach is iad na daoine, na ceapadóirí, na hinnealtóirí a fhorbraíonn na réitigh.

Agus, a Chomhaltaí Onóracha,

agus muid ag dul isteach sa **chéad chéim eile** den Chomhaontú Glas don Eoraip, tá rud amháin ann nach n-athrófar choíche dá réir.

**Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do thionscal na hEorpa feadh an aistrithe seo.**

Thosaíomar amach le pacáiste beart – **ón nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta go dtí an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla**.

Lenár **Straitéis Tionsclaíochta**, thosaíomar ag déanamh measúnú ar na rioscaí agus ar na riachtanais a bhaineann le gach éiceachóras san aistriú sin.

Ní mór dúinn an obair sin a thabhairt chun críche.

Agus chuige sin, ní mór dúinn cur chuige a fhorbairt do gach éiceachóras tionsclaíoch.

Dá bhrí sin, reáchtálfaimid **sraith comhairliúchán d'Idirphlé maidir le hAistriú Glan** leis an tionscal, ag tosú an mhí seo.

Is é an **phríomhaidhm** a bheidh ann tacú le gach earnáil a samhail ghnó a fhorbairt chun an tionscal a dhícharbónú.

Mar go gcreidimid go bhfuil an t-aistriú sin ríthábhachtach dár n-iomaíochas amach anseo san Eoraip.

Agus is amhlaidh a bhaineann an méid sin freisin **leis na daoine agus lena bpost sa lá atá inniu ann**.

Is scéal ratha Eorpach é ár d**tionscal gaoithe**, mar shampla.

Ach tá **meascán ar leith de dhúshláin le sárú aige** faoi láthair.

Sin an fáth a gcuirfimid ar aghaidh **pacáiste Eorpach um Chumhacht Ghaoithe**, agus muid ag obair go dlúth leis an tionscal agus leis na Ballstáit chuige sin.

Cuirfimid tuilleadh dlúis leis an bpróiseas ceadaithe.

Cuirfimid feabhas ar na córais cheantála ar fud an Aontais.

Díreoimid ar scileanna, ar rochtain ar mhaoiniú, agus ar shlabhraí soláthair cobhsaí.



Ach tá **níos mó** ná aon earnáil amháin i gceist leis an méid sin:

Ón ngaoth go cruach, agus ó chadhnraí go feithiclí leictreacha – tá an uaillmhian atá againn chomh soiléir le grian an mheán lae: **Ní mór todhchaí ár dtionscail teicneolaíochta glaine a lonnú san Eoraip.**

**A Chomhaltaí Onóracha,**

**I dtaca leis an gComhaontú Glas don Eoraip:**

**Táimid chun an cúrsa a sheasamh.**

**Táimid uaillmhianach i gcónaí.**

**Táimid ag cloí leis an straitéis um fhás.**

**Agus féachfaimid i gcónaí le haistriú cóir cothrom a chur i gcrích!**

Ciallaíonn sé sin toradh cóir do na glúnta atá le teacht – gur ar phláinéad folláine a mhairfidh siad.

Agus ráth is bláth a bheith orthu siúd atá buailte – **poist chuibhiúla a fháil agus gealltanas sollúnta nach bhfágfar aon duine ar gcúl**.

Ón ngaoth go cruach, agus ó chadhnraí go feithiclí leictreacha – tá an uaillmhian atá againn chomh soiléir le grian an mheán lae: **Ní mór todhchaí ár dtionscail teicneolaíochta glaine a lonnú san Eoraip**.

Smaoinígí féin ar na **jabanna sa réimse monaraíochta agus ar an iomaíochas**: sin ábhar cainte atáimid a phlé go mór na laethanta seo.

**Is mian** leis an tionscal agus leis na cuideachtaí teicneolaíochta againn féin an iomaíocht.

**Tá a fhios acu** go bhfuil an iomaíocht dhomhanda **maith** don ghnó.

Agus is amhlaidh a **chruthaíonn** sí agus a **chosnaíonn** sí jabanna maithe anseo san Eoraip.

Ach ní bheidh **fíor-iomaíocht** i réim mura bhfuil sí **cothrom**.

Go mion minic, ní thugtar cead dár gcuideachtaí féin feidhmiú i margaí eachtracha agus, de dheasca cleachtais chreachacha, cuirtear faoi mhíbhuntáiste iad.

Is minic a dhéanann iomaitheoirí **sladghearradh** ar ár gcuideachtaí, sin iomaitheoirí atá ag baint tairbhe as fóirdheontais ollmhóra stáit.

**Níl dearmad déanta againn** ar an gcaoi a raibh **an tionscal grianfhuinnimh againne** thíos le **cleachtais éagóracha trádála** na Síne.

De dheasca iomaitheoirí Síneacha a fhaigheann fóirdheontais mhóra, cuireadh a lán gnólachtaí nua amach as an iomaíocht.

Bhí ar chuideachtaí ceannródaíocha iarratas ar fhéimheacht a dhéanamh.

Agus iad siúd a raibh tallann fónta acu, chuaigh siad ar lorg a bhfortúin thar lear.

Sin an fáth a bhfuil **an chothroime** sa gheilleagar domhanda chomh tábhachtach sin – mar déanann sé difear do shaol daoine agus a slí bheatha.

Tá a lán tionscal agus pobal ag brath air.

Mar sin, caithfimid a bheith glé grinn faoi na rioscaí atá amach romhainn.

**An earnáil feithiclí leictreacha, cuir i gcás.**

Is ríthábhachtach an tionscal é don gheilleagar glan agus beidh deiseanna móra ag baint leis an Eoraip.



Ach tá carranna leictreacha Síneacha níos saoire ag teacht isteach sna margaí domhanda ina **rabharta**.

Agus mar gheall ar na fóirdheontais ollmhóra stáit, tá an praghas atá ar na carranna sin á choinneáil go híseal **d'aon turas**.

**Saobhann an méid sin ár margadh.**

**Go díreach mar nach nglacaimid leis sin ón taobh amuigh, is amhlaidh nach nglacaimid leis ón taobh amuigh ach an oiread.**

Dá réir sin, tá mé ag fógairt inniu go bhfuil an Coimisiún ag seoladh **imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí leictreacha a thagann isteach ón tSín.**

**Tá an Eoraip oscailte don ghnó. Ní le haghaidh rás go dtí an grinneall.**

Tá an Coimisiún ag seoladh imscrúdú frith-fhóirdheontais ar fheithiclí leictreacha a thagann isteach ón tSín. **Tá an Eoraip oscailte don ghnó. Ní le haghaidh rás go dtí an grinneall**.

Ní mór dúinn muid féin a chosaint ar chleachtais éagóracha.

Ach mar sin féin, is ríthábhachtach an ní é **na línte cumarsáide agus an plé a choinneáil oscailte leis an tSín**.

Mar **tá topaicí ann chomh maith** a bhféadfaimid, agus ar gá dúinn, dul i gcomhar le chéile ina leith.

**Dí-rioscú seachas dí-chúpláil** – sin é an **cur chuige a bheidh agam i leith ceannaireacht na Síne ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tSín níos faide anonn sa bhliain**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá bród orainn san Aontas Eorpach as an **éagsúlacht chultúrtha** atá againn.

'Eoraip na Réigiún' ina bhfuil éagsúlacht mhór teangacha, ceoil, ealaíne, traidisiún, ceardaíochta agus cócaireachta ar leith – sin muid.

Tá **éagsúlacht bitheolaíochta ar leith againn san Eoraip** lena chois sin.

Tá thart faoi 6,500 speiceas le fáil san Eoraip **amháin**.

I dtuaisceart na hEorpa tá **Láithreán Oidhreachta Domhanda Mhuir Wadden** le fáil, ar gnáthóg ar leith í a chuireann tearmann ar fáil do chineálacha ainmhithe agus plandaí nach bhfeictear ach go hannamh, agus tá an limistéar ríthábhachtach do na milliúin éan imirceach.

In éineacht le **Muir Bhailt, is í an mhuir bhreacsháile is mó ar domhan í**.

Ó dheas, tá **na hísealchríocha Eorpacha** ann arb iad is mó atá iontu **bogaigh agus móinteáin**.

Is **tábhachtach an ról atá ag na réigiúin sin i gcoinne an athraithe aeráide**.

Tá cuid mhór de na **gáis ceaptha teasa** á gceapadh ag na bogaigh sin agus ag na móinteáin sin atá faoi chosaint, tá **timthriallta réigiúnacha uisce** slán sábháilte mar gheall orthu agus cuireann siad tearmann ar fáil do bhithéagsúlacht ar leith.

Agus tá cuid mhór **coillte** san Eoraip.


© Adobe Stock

Idir na **foraoisí buaircíneacha ollmhóra sa tuaisceart agus san oirthear** agus **foraoisí cianaosta darach agus feá** i lár na hEorpa agus **foraoisí corcdharach i ndeisceart na hEorpa**, soláthraíonn na foraoisí uile go léir earraí agus seirbhísí nach féidir a leithéidí a fháil aon áit eile.

Ceapann siad carbón, soláthraíonn siad adhmad agus táirgí eile, cruthaíonn siad ithir thorthúil, agus scagann siad an t-aer agus an t-uisce.

Is ríthábhachtach an bhithéagsúlacht agus oibriú an éiceachórais **do gach duine san Eoraip**.

Má chailltear an dúlra sin, **ní hamháin go scriosfar slí bheatha daoine** ach scriosfar an **dáimh atá acu** lena n-áit dúchais chomh maith.

Tá **bithéagsúlacht ar leith sa mhór-roinn seo againn** freisin.



**Ní mór na foraoisí a chosaint.**

Ag an am céanna, ní mór deimhin a dhéanamh de gur **dualgas é ár soláthar bia ón dúlra a choinneáil slán sábháilte anois agus feasta**.

**Ba mhaith liom ómós a thabhairt inniu dár bhfeirmeoirí** agus buíochas a ghabháil leo as bia a sholáthar dúinn ó lá go lá.

Bia folláine – is é an cúram talmhaíochta sin bunchloch ár mbeartais talmhaíochta dúinne san Eoraip.

Tá an neamhspleáchas sa soláthar bia tábhachtach dúinn chomh maith.

Sin an méid a dhéanann ár bhfeirmeoirí.

Ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de sin mar gheall ar iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin, ar an athrú aeráide de dheasca triomaigh, tinte foraoise agus tuilte, agus tá oibleagáidí nua ag dul i bhfeidhm ar obair na bhfeirmeoirí agus ar a n-ioncam i rith an ama.

Tá **an tslándáil bia ar aon dul leis an dúlra** ríthábhachtach fós.

**Caithfimid é sin a chur san áireamh.**

Inniu féin tá a lán daoine tiomanta don talmhaíocht inbhuanaithe.

I gcomhar leis na fir agus leis na mná atá i mbun na talmhaíochta, caithfimid an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin sin.

Is mar sin amháin a thig linn an tsábháilteacht bia a chinntiú freisin don am atá amach romhainn.

**Is mó plé agus is lú achrann atá ag teastáil.**

Dá bharr sin, ba mhian linn tús a chur le **plé straitéiseach faoi thodhchaí na talmhaíochta san Eoraip**.

Is mian linn **idirphlé straitéiseach a sheoladh maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach**.

Níl amhras dá laghad orm gur féidir leis an **talmhaíocht agus leis an gcomhshaol a bheith ag obair as lámh a chéile**.

**Tá an dá rud de dhíth orainn.**

# Geilleagar, sóisialta agus iomaíochas

A Chomhaltaí Onóracha,

Aistriú chóir d'fheirmeoirí, do theaghlaigh agus don tionscal.

Sin saintréith an tsainordaithe seo.

Agus is amhlaidh is tábhachtaí anois é agus muid ag tabhairt aghaidh ar threochtaí dúshlánacha don gheilleagar.

Feictear dom go mbeidh trí mhórdhúshlán eacnamaíocha roimh ár dtionscal sa bhliain atá amach romhainn: ganntanais lucht saothair agus scileanna, an boilsciú, agus conas an gnó a dhéanamh níos éasca dár gcuideachtaí.

**Baineann an chéad cheann lenár margadh saothair.**

**Níl** dearmad déanta againn ar laethanta luatha na paindéime domhanda.

Nuair a bhí gach duine ag tuar go dtiocfadh **rabharta nua den oll-dífhostaíocht mar a bhí ann sna 1930í**.

Ach sháraíomar an tuar sin.

Le SURE, an chéad tionscnamh Eorpach riamh maidir le hobair ghearr-ama, shábhálamar 40 milliún post.

**Seo geilleagar margaidh sóisialta na hEorpa faoi lán seoil.**

**Is cúis mhórtais againn sin!**

Ansin rinneamar ár n-inneall eacnamaíoch a atosú láithreach a bhuí le NextGenerationEU.

Agus tá torthaí na hoibre sin le feiceáil inniu.

Tá lánfhostaíocht bainte amach ag an Eoraip nach mór.

**Seachas na milliúin daoine a bheith ag lorg post, tá daoine á lorg leis na milliúin poist a líonadh.**

Tá na ganntanais lucht saothair agus scileanna níos mó ná riamh – anseo agus ar fud na mórgheilleagair go léir.

Seachas na milliúin daoine a bheith ag lorg post, **tá daoine á lorg leis na milliúin post a líonadh**.

Deir **74 % de FBManna** go bhfuil ganntanais scileanna os a gcomhair.

Ag buaicphointe an tséasúir turasóireachta, is éigean do bhialanna agus tithe tábhairne san Eoraip gearradh siar ar a n-uaireanta oscailte toisc nach bhfuil siad in ann foireann a fháil.

Tá ospidéil ag cur cóireálacha leighis siar mar gheall ar an easpa altraí.

Agus níl dhá thrian de na gnólachtaí Eorpacha atá ag lorg speisialtóirí TF in ann iad a aimsiú.

San am céanna, tá deacrachtaí ag **na mílte tuismitheoirí** – máithreacha an chuid is mó díobh – cothromaíocht a aimsiú idir an obair agus an teaghlach **toisc nach bhfuil aon seirbhísí cúraim leanaí ann**.

Agus tá 8 milliún duine óg nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais, ná oiliúna.

Tá a mbrionglóidí curtha i leataobh, a saol ar feitheamh.

**Ní hamháin go bhfuil sin ina chúis le go leor cruacháis phearsanta,**

**ach tá sé ar cheann de na bacainní is mó atá roimh ár n-iomaíochas.**

Óir cuireann ganntanais lucht saothair bac ar an acmhainneacht le haghaidh nuálaíochta, fáis agus rathúnais.

Mar sin, ní mór dúinn rochtain ar an margadh saothair a fheabhsú.


© Adobe Stock

Go háirithe le haghaidh **daoine óga, le haghaidh na mban**.

Agus tá **imirce cháilithe** de dhíth orainn freisin.

Chomh maith leis sin, ní mór dúinn freagra a thabhairt ar na h**athruithe doimhne sa teicneolaíocht, sa tsochaí agus sa déimeagrafaíocht**.

Agus chuige sin, ba cheart dúinn brath ar shaineolas na n**gnólachtaí agus na gceardchumann, ár gcomhpháirtithe cómhargála**.

**Tá sé beagnach daichead bliain ó thionóil Jacques Delors cruinniú Val Duchesse nuair a cuireadh tús leis an dialóg shóisialta Eorpach.**

Ó shin i leith, tá comhpháirtithe sóisialta i ndiaidh dul i bhfeidhm ar Aontas an lae inniu – iad ag cinntiú dul chun cinn agus rathúnais le haghaidh na mílte daoine.

Agus an domhan mórthimpeall orainn ag athrú níos tapa ná riamh, ní mór do chomhpháirtithe sóisialta a bheith arís ag croílár ár dtodhchaí.

Le chéile, ní mór dúinn díriú ar na dúshláin atá roimh an margadh saothair – ó ghanntanais lucht saothair agus scileanna, go dúshláin nua a eascraíonn as an intleacht shaorga.

Sin an fáth a bhfuilimid chun **Cruinniú Mullaigh nua na gComhpháirtithe Sóisialta a thionól in Val Duchesse arís** an bhliain seo chugainn, in éineacht le h**Uachtaránacht na Beilge**.

**In éineacht linne**, is iad na **comhpháirtithe sóisialta a thógfaidh todhchaí na hEorpa**.

In éineacht linne, is iad na **comhpháirtithe sóisialta** a thógfaidh todhchaí na hEorpa.

**An dara mórdhúshlán eacnamaíoch: an t-ardbhoilsciú leanúnach.**

Tá Christine Lagarde agus an Banc Ceannais Eorpach ag obair go dian chun an boilsciú a choinneáil faoi smacht.

Tá a fhios againn go dtógfaidh sé tamall filleadh ar sprioc mheántéarmach an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

Ar an dea-uair, tá an Eoraip tar éis tosú ar na praghsanna fuinnimh a thabhairt síos.

Níl dearmad déanta againn ar an **úsáid a bhain Putin d'aon turas as gás mar uirlis troda** agus an dóigh ar chuir sé eagla ar dhaoine go mbeadh cliseadh cumhachta agus géarchéim fuinnimh ann, mar a bhí sna 1970í.

Mheas go leor daoine nach mbeadh go leor fuinnimh againn chun teacht slán ón ngeimhreadh.

Ach thángamar slán.

Toisc go bhfanamar aontaithe – chuireamar ár n-éilimh le chéile agus cheannaíomar fuinneamh le chéile.

Agus san am céanna, murab ionann agus na 1970í, d'úsáideamar an ghéarchéim chun infheistíocht ollmhór a dhéanamh i bhfoinsí in-athnuaite agus chun dlús a chur leis an aistriú glan.

Bhaineamar úsáid as mais chriticiúil na hEorpa chun na praghsanna a thabhairt síos agus chun ár soláthar a dheimhniú.

Bliain ó shin, bhí os cionn €300 ar ghás san Eoraip in aghaidh an MWh. Anois tá sé thart ar €35.

Mar sin, ní mór dúinn féachaint ar conas is féidir linn **an tsamhail ratha sin** a athchruthú i réimsí eile amhail **amhábhair chriticiúla nó hidrigin ghlan**.

Bhaineamar úsáid as mais chriticiúil na hEorpa chun na praghsanna a thabhairt síos agus chun ár soláthar a dheimhniú. Ní mór dúinn féachaint ar conas is féidir linn an tsamhail ratha sin a athchruthú i réimsí eile amhail **amhábhair chriticiúla nó hidrigin ghlan**.

**An gnó a dhéanamh níos éasca - sin an tríú dúshlán atá roimh chuideachtaí Eorpacha.**

Níl sé d'acmhainn ag cuideachtaí beaga déileáil le riarachán casta.

É sin, nó bíonn próisis fhadálacha ina mbac orthu.

Fágann sé sin gur minic a dhéanann siad níos lú leis an am atá acu – agus go gcailleann siad amach ar dheiseanna fáis.

Sin an fáth a bhfuilimid chun **Toscaire an Aontais do FBManna** a cheapadh roimh dheireadh na bliana a thuairisceoidh domsa go díreach.

Is mian linn cloisteáil go díreach **ó ghnólachtaí beaga agus meánmhéide** faoina ndúshláin laethúla.

Déanann **bord neamhspleách seiceáil iomaíochas** dúinn i leith gach píosa reachtaíochta nua.

Agus an mhí seo chugainn, déanfaimid **na chéad tograí reachtacha i dtreo oibleagáidí tuairiscithe a laghdú 25 %** ar an leibhéal Eorpach.




A Chomhaltaí Onóracha,

Bímis ionraic – ní bheidh an méid sin éasca.

Agus beidh bhur dtacaíocht ag teastáil uainn.

Óir is **iarracht choiteann é seo le haghaidh na n-institiúidí Eorpacha go léir**.

Agus is gá dúinn oibriú leis na Ballstáit freisin chun an 25 % a mheaitseáil ar an **leibhéal náisiúnta**.

**Is mithid an gnó a dhéanamh níos éasca san Eoraip!**

Ach is gá **rochtain a bheith ag cuideachtaí Eorpacha ar na príomhtheicneolaíochtaí** ionas go bhféadfaidh siad a bheith nuálach, forbairt a dhéanamh, agus monarú.

Baineann an cheist sin le **ceannasacht na hEorpa** mar a chuir na Ceannairí i dtábhacht in Versailles.

Tá sé ríthábhachtach, ar **chúiseanna eacnamaíocha agus slándála**, buntáiste Eorpach a choinneáil i leith teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

**Is mithid an gnó a dhéanamh níos éasca san Eoraip!**

Tá **maoiniú coiteann Eorpach** ag teastáil le haghaidh an bheartais thionsclaíoch Eorpaigh sin freisin.

Sin an fáth ar mholamar an clár STEP mar chuid dár dtogra le haghaidh athbhreithniú ar ár mbuiséad.

Le STEP, is féidir linn **borradh** a chur faoi chistí an Aontais, iad a **ghiaráil** agus a **threorú**, chun infheistíocht a dhéanamh i ngach rud idir **mhicrileictreonaic, ríomhaireacht chandamach agus an intleacht shaorga**.

**Ón mbiteicneolaíocht go dtí an teicneolaíocht ghlan.**

Tá an tacaíocht sin ag teastáil ónár gcuideachtaí anois – **mar sin impím oraibh teacht ar chomhaontú tapa maidir lenár dtogra buiséid**.

Agus tá a fhios agam gur féidir liom brath ar an Teach seo.

Agus tá **níos mó** ann ó thaobh an **iomaíochais** de.

Chonaiceamar scrogaill fhíora feadh **na slabhraí soláthair domhanda**, agus ba iad **beartais a rinne tíortha eile d'aon ghnó ba chúis leo**.

Cuir i gcás na **sriantaí easpórtála a chuir an tSín** ar **ghailliam** agus ar **ghearmáiniam –** dhá eilimint atá riachtanach le haghaidh earraí amhail leathsheoltóirí agus painéil gréine.

Is léiriú é sin ar a thábhachtaí agus atá sé don Eoraip **borradh a chur faoin tslándáil eacnamaíoch**.

**Trí dhí-rioscú, seachas trí dhí-chúpláil.**

Agus is **cúis mhórtais** dom go bhfuil ár b**príomh-chomhpháirtithe ag tacú** leis an gcoincheap sin.

Ón **Astráil go dtí an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe**.

Agus is iomaí tír eile ar fud an domhain **atá ag iarraidh oibriú le chéile**.


**Tá go leor acu ró-spleách ar sholáthróir amháin** le haghaidh mianraí criticiúla.

Cuid eile acu – tíortha i Meiriceá Laidineach agus san Afraic ina measc – **ag iarraidh tionscail áitiúla a fhorbairt le haghaidh próiseála agus scagtha** seachas a bheith ag **seoladh** a n-acmhainní thar lear.

Sin an fáth a bhfuilimid chun **an chéad chruinniú de Chomhaltas nua na nAmhábhar Criticiúil** a thionól níos déanaí i mbliana.

San am céanna, **leanfaimid de thrádáil chóir agus oscailte a spreagadh**.

Go dtí seo, tá comhaontuithe saorthrádála nua tugtha i gcrích againn leis an t**Sile**, leis an **Nua-Shéalainn** agus leis an g**Céinia**.



Ba cheart dúinn díriú ar chomhaontuithe a thabhairt i gcrích leis an **Astráil**, le **Meicsiceo** agus le **Mercosur** faoi **dheireadh na bliana seo**.

**Agus leis an India agus leis an Indinéis go gairid ina dhiaidh sin.**

**Is as an trádáil chliste a thagann poist mhaithe agus rathúnas.**

A Chomhaltaí Onóracha,

Tagann na trí dhúshlán seo – an lucht saothair, an boilsciú agus an timpeallacht gnó – ag teacht ag tráth atáimid ag iarraidh ar earnáil na tionsclaíochta a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú glas.

Mar sin ní mór dúinn féachaint níos faide chun tosaigh agus a leagan amach **conas** is féidir linn leanúint de bheith iomaíoch agus sin á dhéanamh againn.

Sin an fáth ar iarr mé ar Mario Draghi – duine de na heacnamaithe is éirimiúla san Eoraip – **tuarascáil a ullmhú maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa**.

Óir déanfaidh an Eoraip pé gníomh is gá chun a buntáiste iomaíoch a choinneáil.

## An teicneolaíocht dhigiteach agus an intleacht shaorga



A Chomhaltaí Onóracha,

I gcás gnó agus an saol a dhéanamh níos éasca, tá sé feicthe againn a thábhachtaí atá an teicneolaíocht dhigiteach.

Tá sé suntasach **go ndeachamar i bhfad thar an sprioc infheistíochta 20 %** i dtionscadail dhigiteacha faoi chuimsiú NextGenerationEU.

D'úsáid na Ballstáit an infheistíocht sin chun a gcórais sláinte, a gcórais cheartais agus a ngréasáin iompair a dhigitiú.

Ag an am céanna tá an Eoraip ina ceannródaí ó thaobh **rioscaí an domhain dhigitigh a bhainistiú**.

Ar dtús bhí an tIdirlíon ina uirlis chun **eolas a chomhroinnt, meon daoine a oscailt agus daoine a idirnascadh le chéile**.

D'iarr mé ar Mario Draghi – duine de na heacnamaithe is éirimiúla san Eoraip – **tuarascáil a ullmhú maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa**.

Ach tá **go leor dúshláin thromchúiseacha** ag baint leis freisin.

**An bhréagaisnéis, ábhar díobhálach á scaipeadh, rioscaí do phríobháideachas ár gcuid sonraí**.

Dá thoradh sin, bhí daoine ar **easpa iontaoibhe** agus **sáraíodh cearta bunúsacha daoine**.

Mar fhreagairt air sin, is í an Eoraip anois atá ina **ceannródaí domhanda maidir le cearta na saoránach** sa saol digiteach.

Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, táimid ag cruthú **spás digiteach atá níos sábháilte** agus a chosnaíonn cearta bunúsacha.

Déanann na gníomhartha sin cothrom na Féinne a chinntiú freisin agus tugann siad **freagrachtaí soiléire do na mórchuideachtaí teicneolaíochta**.

**Is éacht gan fasach é sin agus ba cheart dúinn a bheith bródúil as.**

Ba cheart an méid céanna a bheith fíor i gcás na h**intleachta saorga** freisin.

**Cuirfidh sí feabhas ar an gcúram sláinte, cuirfidh sí borradh faoin táirgiúlacht agus tabharfaidh sí aghaidh ar an athrú aeráide**.

Ach ba cheart dúinn a bheith **airdeallach** freisin ar na bagairtí fíora a bhaineann léi.

Thug **na céadta forbróirí ceannródaíocha, acadóirí agus saineolaithe i réimse na hintleachta saorga** rabhadh dúinn le déanaí leis na focail seo a leanas:

“Ba cheart é a bheith ina thosaíocht dhomhanda dúinn **an riosca díothaithe** ón intleacht shaorga a mhaolú, mar aon le rioscaí eile ar leibhéal na sochaí amhail paindéimí agus an chogaíocht núicléach.”

Is teicneolaíocht ghinearálta í an intleacht shaorga atá **inrochtana, cumhachtach agus inoiriúnaithe** le haghaidh réimse an-mhór úsáidí – idir shibhialtach **agus** mhíleata.

**Agus tá sí á forbairt i bhfad níos tapúla ná mar a raibh coinne ag na forbróirí féin leis.**

Tá an deis atá againn ag éirí níos lú is níos lú an teicneolaíocht seo a threorú ar bhealach freagrach.

Creidim féin gur cheart don Eoraip, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, **a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le creat domhanda nua** le haghaidh na hintleachta saorga, creat a bheidh bunaithe ar thrí cholún: **ráillí cosanta, rialachas agus treorú na nuálaíochta**.

Ar an gcéad dul síos, **ráillí cosanta**.

Is é an **phríomhthosaíocht** atá againn a chinntiú **go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealach atá duinelárnach, trédhearcach agus freagrach**.

Is é sin an fáth ar thug mé gealltanas i mo Threoirlínte Polaitiúla **cur chuige reachtach a leagan amach sna chéad 100 lá**.

Chuireamar an **Gníomh um an Intleacht Shaorga** chun tosaigh – **an chéad dlí cuimsitheach ar domhan maidir leis an intleacht shaorga atá ar son na nuálaíochta**.

**Agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Teach seo agus leis an gComhairle as an obair gan staonadh a rinne siad ar an dlí ceannródaíoch seo.**

Tá ár nGníomh um an Intleacht Shaorga ina **threoirphlean don domhan ar fad** cheana.

Ní mór dúinn anois díriú ar na rialacha sin a ghlacadh a luaithe agus is féidir agus aghaidh a thabhairt ar a gcur chun feidhme.

Tá ár nGníomh um an Intleacht Shaorga ina **threoirphlean don domhan ar fad** cheana. Ní mór dúinn anois díriú ar na rialacha sin a ghlacadh a luaithe agus is féidir agus aghaidh a thabhairt ar a gcur chun feidhme.

Is é an **rialachas** an dara colún.

Táimid anois ag leagan na dúshraithe le haghaidh córais rialachais aonair san Eoraip.

Ach ba cheart dúinn teacht le chéile freisin lenár gcomhpháirtithe chun **cur chuige domhanda** a chinntiú maidir le tionchar na hintleachta saorga a thuiscint inár sochaithe.

Smaoinígí ar an obair dhearfach atá déanta ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir leis an aeráid, tríd an eolaíocht is déanaí a chur faoi bhráid na n-eolaithe.

Creidim féin go bhfuil comhlacht den chineál sin ag teastáil uainn i leith na hintleachta saorga – **ar na rioscaí agus ar na buntáistí lena mbaineann don chine daonna**.




Agus eolaithe, cuideachtaí teicneolaíochta agus saineolaithe neamhspleácha timpeall an bhoird.

Leis sin, beimid in ann freagra tapa a fhorbairt agus comhordú domhanda a dhéanamh air, rud a chuirfidh leis **an obair atá á déanamh ag Próiseas Hiroshima agus próisis eile**.

Is é an tríú colún **treorú na nuálaíochta** ar bhealach atá freagrach.

A bhuí leis an infheistíocht atá déanta againn le blianta beaga anuas, tá an Eoraip anois ina **ceannródaí sa tsár-ríomhaireacht**– agus 3 cinn as na 5 shár-ríomhaire is cumhachtaí ar domhan inár seilbh againn.

Ní mór dúinn sin a chur chun tairbhe dúinn féin.

Is ar an bhfáth sin is féidir liom **tionscnamh nua** a fhógairt inniu, **chun ár ríomhairí ardfheidhmíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta i réimse na hintleachta saorga** chun oiliúint a chur ar a gcuid samhlacha.

Ach níl ann ach **cuid** dár gcuid oibre chun an **nuálaíocht a threorú**.

Tá **idirphlé oscailte** de dhíth orainn leo siúd a **fhorbraíonn an intleacht shaorga agus a chuireann in úsáid í**.

Tarlaíonn an méid sin sna Stáit Aontaithe, áit ar aontaigh seacht mórchuideachta teicneolaíochta cheana féin le **rialacha deonacha faoin tsábháilteacht, faoin tslándáil agus faoin muinín**.

Tarlaíonn an méid sin anseo, áit a n-oibrímid le cuideachtaí i réimse na hintleachta saorga le go dtabharfaidh siad gealltanais go toilteanach do phrionsabail **an Ghnímh um an Intleacht Shaorga roimh** a theacht i bhfeidhm.

Anois, ba cheart dúinn an obair sin ar fad a chur le chéile i dtreo **íoschaighdeáin dhomhanda maidir le húsáid shábháilte eiticiúil na hintleachta saorga.**

# Cúrsaí domhanda, an imirce agus an tslándáil

A Chomhaltaí Onóracha,

Nuair a sheas mé anseo os bhur gcomhair ceithre bliana ó shin, dúirt mé, má táimid aontaithe go hinmheánach, ní fhéadfar sinn a scaradh ó chéile ón taobh amuigh.

Agus ba é sin an smaointeoireacht a bhí taobh thiar den Choimisiún Geopholaitiúil.

Le **cur chuige Team Europe** is féidir linn a bheith níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos aontaithe.

Agus tá sé sin níos tábhachtaí anois ná riamh.

Is dona linn gur cailleadh daoine go tragóideach sa **Libia** agus i **Maracó** tar éis na dtuilte fíochmhara agus an chreatha talún thréin.

Beidh an Eoraip réidh i gcónaí le tacaíocht a thabhairt ar bhealach ar bith is féidir linn.

Le **cur chuige Team Europe** is féidir linn a bheith níos straitéisí, níos teanntásaí agus níos aontaithe.

Nó smaoinígí ar réigiún na Saiheile, ceann de na réigiúin is boichte ach is mó fás ó thaobh na déimeagrafaíochta de.

Is míshocra a bheidh an réigiún sna blianta amach romhainn mar gheall ar na *coups* míleata éagsúla.

Ach tá an Rúis ag imirt tionchar ar an anord agus ag baint tairbhe as.

Agus tá an réigiún anois ina bhonn torthúil le go dtiocfadh méadú ar an sceimhlitheoireacht.

Is ábhar imní é sin go díreach don Eoraip – dár slándáil agus dár rathúnas.

Mar sin, caithfimid an **aontacht chéanna cuspóra a léiriú don Aifric mar atá léirithe againn don Úcráin**.

Caithfimid díriú ar an g**comhar le rialtais dhlisteanacha agus le heagraíochtaí réigiúnacha**.

Agus caithfimid comhpháirtíocht a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a fhorbairt, comhpháirtíocht a dhíreoidh ar shaincheisteanna coiteanna don Eoraip agus don Afraic.

Sin an fáth a n-oibreoimid, i gcomhar leis an Ardionadaí Borrell, ar **chur chuige straitéiseach nua lena thabhairt chun tosaigh ag an gcéad Chruinniú Mullaigh eile idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá an stair ag dul ar aghaidh.

Tá an Rúis i mbun cogadh iomlán a fhearadh i gcoinne bhunphrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

Is ábhar imní é i dtíortha ó Lár na hÁise go dtí an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

Tá siad buartha gurb é an chinniúint chéanna a bheidh i ndán dóibh i ndomhan gan dlí is atá á fulaingt ag an Úcráin faoi láthair.

Feicimid iarracht shoiléir ó thíortha áirithe filleadh ar an mblocsmaointeoireacht – is é sin tíortha idir eatarthu a leithlisiú agus tionchar a imirt orthu.




Agus tagann sin chun cinn tráth a bhíonn míshuaimhneas níos doimhne ann do go leor geilleagair atá ag fás, míshuaimhneas mar gheall ar an gcaoi a n-oibríonn institiúidí agus an domhandú ar a son.

Is ábhair imní dhlisteanacha iad sin.

I gcás na ngeilleagar sin atá ag teacht chun cinn mar aon lena ndaoine agus a sócmhainní nádúrtha, is ríthábhachtach na comhghuaillithe dúinn iad chun domhan níos glaine, níos sábháilte agus níos rathúla a thógáil.

Oibreoidh an Eoraip in éineacht leo i gcónaí chun an córas idirnáisiúnta a athchóiriú agus a fheabhsú.

Is mian linn a bheith ceannródaíoch san iarracht chun an t-ord riailbhunaithe a dhéanamh níos córa agus chun an dáileadh a dhéanamh níos cothroime.

Is éard a bheidh i gceist leis sin oibriú le comhpháirtithe nua agus le sean-chomhpháirtithe chun na naisc eadrainn a dhéanamh níos doimhne.

Agus go deimhin, is tairiscint ar leith í **Global Gateway** ón Eoraip.

Tá Global Gateway níos trédhearcaí, níos inbhuanaithe agus níos tarraingtí ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de.

An tseachtain seo caite bhí mé i nDeilí Nua chun an tionscadal is uaillmhianaí dár linne a shíniú.

**An Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip**.

Is éard a bheidh ann an nasc is dírí go dtí seo idir an India, Murascaill na hAraibe agus an Eoraip: Agus nasc iarnróid ann, is amhlaidh a bheidh an trádáil idir an India agus an Eoraip 40 % níos tapúla.

Agus cábla leictreachais agus píblíne hidrigine glaine ann, chun trádáil fuinnimh ghlain a chothú idir an Áise, an Meánoirthear agus an Eoraip.

Agus cábla sonraí ardluais ann, chun roinnt de na héiceachórais dhigiteacha is nuálaí ar domhan a idirnascadh le chéile, agus deiseanna gnó a chruthú feadh na slí.

Is naisc úrscothacha iad seo do shaol an lae amárach.

Níos tapúla, níos giorra, níos glaine.

**Agus tá difríocht mhór á déanamh le Global Gateway.**

Tá sé feicthe agam i Meiriceá Laidineach, san Áise Thoir Theas agus ar fud na hAfraice – ó gheilleagar hidrigine áitiúil a thógáil leis an Namaib agus leis an gCéinia go geilleagar digiteach leis na hOileáin Fhilipíneacha.

Is infheistíochtaí iad sin i ngeilleagair ár gcomhpháirtithe.

Agus is infheistíochtaí iad sin i rathúnas agus i slándáil na hEorpa i ndomhan atá ag athrú go tapa.

Tá difríocht mhór á déanamh le **Global Gateway**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Gach lá bíonn ar dhaoine a mbaile a thréigean agus tearmann a lorg i ngeall ar choimhlintí, ar an athrú aeráide, agus ar an éagobhsaíocht.



Bhí mé den tuairim riamh anall gur gá an imirce a bhainistiú.

Agus caithfear a bheith foighneach.

Iarrachtaí fadtéarmacha lenár gcomhpháirtithe

agus go háirithe an aontacht laistigh dár nAontas,

sin spiorad an chomhshocraithe nua maidir leis an imirce agus an tearmann.

Nuair a tháinig mé i mbun oifige, ní fhacthas dom go raibh aon chomhréiteach le fáil.

Ach leis an gcomhaontú seo táimid tar éis cothromaíocht nua a aimsiú.

Idir cosaint na dteorainneacha agus cosaint na daoine.

Idir an cheannasacht agus an dlúthpháirtíocht.

Idir an tslándáil agus an daonnacht.

Thugamar cluas éisteachta do na Ballstáit uile.

Rinneamar machnamh ar na bealaí imirce go léir.

Agus thángamar i dtír ar spiorad an chomhshocraithe chun teacht ar réitigh phraiticiúla.

D'fhreagraíomar ar ionsaí hibrideach na Bealarúise go pras agus ar bhealach aontaithe.

D‘oibríomar i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar chun na sreabha neamhrialta a laghdú.

Shíníomar comhpháirtíocht leis an Túinéis a bhfuil buntáistí frithpháirteacha ag gabháil léi taobh amuigh den imirce, i réimsí an oideachais, scileanna gairmiúla, an fhuinnimh agus na slándála.

Agus anois is mian linn oibriú ar chomhaontuithe den chineál céanna le tíortha eile.

Threisíomar cosaint na dteorainneacha.

Chuir na gníomhaireachtaí Eorpacha lena gcomhar leis na Ballstáit.

Agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBulgáir agus leis an Rómáin go háirithe, óir bhí siad ar thús cadhnaíochta agus iad ag leagan béim ar na dea-chleachtais maidir le himirce agus filleadh.




**Tá sé cruthaithe ag an mBulgáir agus ag an Rómáin gur cuid dár spás Schengen iad.**

**Ligimis isteach iad gan tuilleadh moille!**

A dhaoine uaisle,

An obair a dhéanaimid maidir leis an imirce, tá sí bunaithe ar an gcreideamh láidir atá againn go bhfuil an aontacht faoinár lámh againn.

Is giorra dúinn comhaontú ina leith anois ná riamh roimhe.

Tá deis gan fasach ag an bParlaimint agus ag an gComhairle é a thabhairt i gcrích.

**Léirímis gur féidir leis an Eoraip an imirce a bhainistiú go héifeachtach agus go comhbhách.**

**Cuirimis an obair i gcrích!**

A Chomhaltaí Onóracha,

Tuigimid go bhfuil gá le hobair leanúnach i dtaca leis an imirce.

Agus tá an obair sin ríthábhachtach go speisialta sa troid i gcoinne na smuigléirí daoine.

Meallann siad daoine atá ar anchaoi lena mbréaga.

Tugann siad ar bhealaí marfacha iad tríd an bhfásach, nó ar bháid bheaga nár cheart a bheith ar an uisce ar chor ar bith.

Bíonn na smuigléirí sin ag síorathrú a modhanna oibre.

Ach tá ár reachtaíocht i bhfeidhm le breis agus fiche bliain agus tá géarghá lena thabhairt cothrom le dáta.

Mar sin tá reachtaíocht nua agus struchtúr nua rialachais ag teastáil uainn.

Tá forfheidhmiú agus ionchúiseamh níos déine de dhíth orainn, agus ról níos tábhachtaí dár ngníomhaireachtaí – Europol, Eurojust agus Frontex.

Agus caithfimid oibriú lenár gcomhpháirtithe chun dul i ngleic le fadhb dhomhanda na gáinneála ar dhaoine.

Sin an fáth a bhfuil an Coimisiún ag eagrú **Comhdháil Idirnáisiúnta maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac**.

**Is mithid deireadh a chur leis an gcoir dhanartha sin!**

Eagróidh an Coimisiún **Comhdháil Idirnáisiúnta maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac**.

# An Úcráin

A Chomhaltaí Onóracha,

An lá a thrasnaigh tancanna na Rúise an teorainn leis an Úcráin, thug máthair óg ón Úcráin aghaidh ar Phrág chun a páiste a thabhairt chun sábháilteachta.

Nuair a chuir garda teorann Seiceach stampa ar a pas, thosaigh sí ag caoineadh.

Níor thuig a mac. D'fhiafraigh sé dá máthair cén fáth a raibh sí ag caoineadh.

"Mar go bhfuilimid tagtha abhaile," ar sise.

"Ach ní seo an Úcráin," a d'áitigh sé.

"Seo an Eoraip," a mhínigh sí dó.

Ar an lá sin, bhrath an mháthair sin ón Úcráin gurbh í an Eoraip a baile.

Óir is féidir daoine a thrust agus tú sa bhaile.

Agus d'fhéad muintir na hÚcráine a gcomh-Eorpaigh a thrust.

Victoria Amelina ab ainm di.

Bhí sí ar dhuine de mhórscríbhneoirí óga a linne agus ba ghníomhaí díograise ceartais í.

A luaithe a bhí a mac slán sábháilte, d'fhill Victoria ar an Úcráin chun coireanna cogaidh na Rúise a thaifeadadh.



Bliain ina dhiaidh sin maraíodh í le diúracán balaistíoch de chuid na Rúise agus í ag caitheamh dinnéir le comhghleacaithe.

B'íospartach í de choir chogaidh Rúiseach, ceann den iliomad ionsaithe in aghaidh sibhialtaigh neamhurchóideacha.

Bhí Amelina i gcuideachta triúr cairde an lá sin – ina measc bhí Héctor Abad Faciolince, scríbhneoir eile ón gColóim.

Tá sé páirteach i bhfeachtas dar teideal 'Aguanta, Ucrania' – 'Seas an fhód, a Úcráin', rud a cuireadh ar bun chun muintir Mheiriceá Laidineach a chur ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise agus faoi na hionsaithe ar shibhialtaigh.

Ach níor shamhlaigh Héctor riamh go mbeifí ag díriú airsean.

I ndiaidh na heachtra, dúirt sé nár thuig sé cén fáth ar tháinig seisean slán agus ar maraíodh ise.

Ach anois tá sé ag scaipeadh scéal Victoria ar an domhan mór, chun a cuimhne a choinneáil buan agus chun deireadh a chur leis an gcogadh seo.

Agus is mór an onóir dom go bhfuil Héctor anseo linn inniu.

Agus ba mhaith liom a rá leat go gcoinneoimid cuimhne Victoria, agus cuimhne na n-íospartach uile, buan.

Aguanta, Ucrania. Slava Ukraini!

A Chomhaltaí Onóracha,

Seasfaimid leis an Úcráin i ngach céim den bhealach.

A fhad is gá.

Ó cuireadh tús leis an gcogadh tá ceithre mhilliún Úcránach tar éis tearmann a fháil san Aontas seo againne.

Agus ba mhaith liom a rá leo go bhfuil fearadh na fáilte rompu anois, ach an oiread leis na chéad seachtainí cinniúnacha sin.

Rinneamar deimhin de go bhfuil rochtain acu ar thithíocht, ar chúram sláinte, ar an margadh fostaíochta agus ar nithe eile nach iad.

A Chomhaltaí Onóracha,

b'shin an Eoraip ag freagairt ghairm na staire.

**Mar sin de, is ábhar bróid dom a fhógairt go molfaidh an Coimisiún go gcuirfear síneadh lenár gcosaint shealadach do mhuintir na hÚcráine san Aontas Eorpach.**

Leanfaidh ár dtacaíocht don Úcráin ar aghaidh.

Chuireamar €12 bhilliún ar fáil i mbliana chun cuidiú le tuarastail agus pinsin a íoc.

Chun ospidéil, scoileanna agus seirbhísí eile a choinneáil ag imeacht.

Agus trínár dtogra ASAP táimid ag cur dlús leis an táirgeadh armlóin chun freastal ar riachtanais láithreacha na hÚcráine.

Ach táimid ag amharc níos faide chun tosaigh freisin.

Molfaidh an Coimisiún **go gcuirfear síneadh lenár gcosaint shealadach do mhuintir na hÚcráine san Aontas Eorpach**.

Sin an fáth a bhfuil €50 billiún breise molta againn thar cheithre bliana i dtaca le hinfheistíocht agus athchóirithe.

Cuideoidh sé sin le todhchaí na hÚcráine a thógáil, chun tír nua-aimseartha rathúil a atógáil.

Agus is léir cad a bheidh i gceist leis an todhchaí sin.

Tá sé ráite os ard ag an Teach seo: Tá sé i ndán don Úcráin a bheith ina cuid dár nAontas.

Tá sé i ndán do na Balcáin Thiar a bheith ina gcuid dár nAontas.

Tá sé i ndán don Mholdóiv a bheith ina cuid dár nAontas.

Agus tuigim a thábhachtaí atá peirspictíocht an Aontais Eorpaigh do go leor daoine sa tSeoirsia.



A Chomhaltaí Onóracha,

Ag an tús labhair mé faoin am a d'fhreagair an Eoraip **gairm na staire.**

Agus anois tá sé de dhualgas orainn obair chinniúnach a dhéanamh chun ár nAontas a iomlánú.

Sa ré seo ina bhfuil daoine áirithe ag iarraidh tíortha a shárú ceann ar cheann, ní féidir linn ár gcomh-Eorpaigh a fhágáil inár ndiaidh.

Sa ré seo ina bhfuil tábhacht le méid agus neart, is léir gur chun leas straitéiseach agus slándála na hEorpa é ár nAontas a iomlánú.

Ach diomaite den pholaitíocht agus den gheopholaitíocht, caithfimid breathnú ar a bhfuil idir chamáin againn.

Caithfimid fís a leagan amach do mhéadú a n-éireoidh leis.

Aontas agus breis agus 500 milliún duine ag cur fúthu ann. Aontas atá saor, daonlathach agus rachmasach.

Aontas agus daoine óga ann atá ábalta maireachtáil, dul i mbun staidéir agus i mbun oibre gan bhac.

Aontas agus daonlathais bhríomhara ann ina bhfuil na breithiúna neamhspleách, ina bhfuil meas ar na freasúraí, agus ina ndéantar cosaint ar na hiriseoirí.

> **Beidh an smacht reachta agus cearta bunúsacha i gcónaí mar bhunchlocha inár nAontas**, sna Ballstáit reatha agus sna tíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo.

Óir beidh an smacht reachta agus cearta bunúsacha i gcónaí mar bhunchlocha inár nAontas – sna Ballstáit reatha agus sna tíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo.

Sin an fáth ar thug an Coimisiún tosaíocht do na Tuarascála maidir leis an Smacht Reatha.

Oibrímid go dlúth anois leis na Ballstáit chun dul chun cinn agus ábhair imní a shainaithint, agus chun moltaí a dhéanamh don bhliain atá amach romhainn.

Ar an gcaoi sin cinntíodh cuntasacht os comhar an Tí seo agus os comhair parlaimintí náisiúnta.

Bhíothas in ann idirphlé a dhéanamh idir na Ballstáit dá bharr.

Agus tá torthaí na hoibre sin le feiceáil anois.

Creidim go bhféadfaidh an obair sin dul chun tairbhe do na tíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo.

Sin an fáth a bhfuil ríméad orm a fhógairt go bhfuilimid chun na Tuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta a oscailt do na tíortha aontachais sin ionas go dtiocfaidh siad suas leis na Ballstáit níos tapa.

Cuirfidh an méid sin ar comhchéim leis na Ballstáit iad.

Agus tacóidh sé leo ina n-iarrachtaí athchóirithe.

Agus cuideoidh sé lena chinntiú go mbeidh saoirse, cearta agus luachanna ag cách san Aontas a bheidh againn amach anseo.

A Chomhaltaí Onóracha,

Is chun ár leasa go léir é seo.

Caithigí súil siar ar an méadú mór a tharla 20 bliain ó shin.

Thugamar Lá Eorpach na bhFáiltí air.

Agus ba bhua na dúthrachta agus an dóchais é ar ualaí an ama a bhí thart.

Agus le linn na 20 bliain atá imithe isteach ó shin, tá fíorghaisce eacnamaíoch feicthe againn atá tar éis feabhas a chur ar shaol na milliún daoine.

Is mian liom go gcaithfimid súil chun cinn ar an gcéad Lá Eorpach na bhFáiltí eile agus na fíorghaiscí eacnamaíocha eile atá le teacht.

Tá a fhios againn **nach** bóthar éasca atá romhainn.

**Is ar fhiúntas atá an t-aontachas bunaithe, agus déanfaidh an Coimisiún an prionsabal sin a chosaint i gcónaí.**

**Obair dhian agus ceannasaíocht** a theastaíonn chuige sin.

Ach tá neart dul chun cinn déanta cheana féin.

Tá feicthe againn an méid ollmhór atá bainte amach ag an Úcráin cheana féin ón uair a bhronnamar stádas mar iarrthóir orthu.

Agus tá feicthe againn freisin a dhiongbháilte is atá tíortha eile is iarrthóirí i dtaca le hathchóiriú a dhéanamh.



**Is ar fhiúntas atá an t-aontachas bunaithe**, agus déanfaidh an Coimisiún an prionsabal sin a chosaint i gcónaí.

A Chomhaltaí Onóracha,

seo anois an t-am dúinne an diongbháilteacht chéanna sin a léiriú.

Rud a fhágann nach mór dúinn a bheith ag smaoineamh faoin mbealach le hullmhú le haghaidh Aontas críochnaithe.

Is gá dúinn na seandíospóireachtaí dénártha faoin méadú a fhágáil inár ndiaidh.

Níl aon cheist ann i dtaca leis an gcomhtháthú a dhoimhniú **nó** an tAontas a leathnú.

Is féidir linn agus is gá dúinn an dá thrá a fhreastal.

Chun go mbeidh an tábhacht gheopholaitiúil agus an acmhainneacht againn le beart a dhéanamh.

Sin atá á dhéanamh ag an Aontas seo againne riamh anall.

Le gach méadú tháinig doimhniú ar pholaitíocht na hEorpa.

Bhogamar ó thionscail an ghuail agus na cruaiche i dtreo chomhtháthú eacnamaíoch iomlán.

Agus tar éis don Chuirtín Iarainn titim, rinneamar tionscadal eacnamaíoch a thiontú ina fhíor-Aontas de dhaoine agus stáit.

Creidim **nach mór don chéad mhéadú eile dul chun cinn a spreagadh**.

Táimid tar éis tús a chur le hAontas Sláinte a fhorbairt agus 27 mBallstát againn.

Agus creidimse gur féidir linn níos mó ná 30 Ballstát a bhaint amach sula gcríochnófar an tAontas Sláinte sin.

Táimid tar éis tús a chur le hAontas Eorpach um Chosaint a fhorbairt agus 27 mBallstát againn.

Agus creidimse gur féidir linn níos mó ná 30 Ballstát a bhaint amach sula gcríochnófar an tAontas Cosanta sin.

Tá sé cruthaithe againn gur Aontas Geopholaitiúil muid **agus** léirithe againn gur féidir linn gníomhú go pras agus muid aontaithe.

Agus creidimse go bhfeidhmeoidh Team Europe go maith agus níos mó ná 30 Ballstát againn freisin.



A Chomhaltaí Onóracha,

Tá a fhios agam go gcreideann an Teach seo sa mhéid sin freisin.

Agus bhí Parlaimint na hEorpa i gcónaí ar cheann de na príomhinnill ar chúl chomhtháthú na hEorpa.

Sin mar a bhí an scéal le blianta fada.

Agus sin mar atá inniu.

Tacóidh mise i gcónaí leis an Teach seo – agus leo siúd go léir ar mian leo an tAontas a athchóiriú ionas go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach níos fearr dá shaoránaigh.

**Agus is ea, fiú trí athrú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún Eorpach agus ar an gConradh, más gá!**

Ach ní féidir linn – **agus níor cheart dúinn** – **fanacht ar athruithe ar an gConradh** sula mbogfaimid ar aghaidh leis an méadú.

Táimid tar éis tús a chur le h**Aontas Eorpach um Chosaint a fhorbairt agus 27 mBallstát againn** agus creidimse gur féidir linn é **a thabhairt chun críche agus níos mó ná 30 Ballstát againn**.

**Beimid in ann Aontas atá oiriúnach don mhéadú a bhaint amach ar luas níos tapúla.**

Chuige sin, beidh gá le ceisteanna praiticiúla a fhreagairt faoin mbealach a n-oibreoidh Aontas ina bhfuil os cionn 30 tír.

Agus, go háirithe, faoinár gcumas gníomhú.

Is dea-scéala é gur léiríodh, le gach méadú a cuireadh ar bun, nach raibh an ceart acusan a dúirt nach mbeimis chomh héifeachtach céanna dá bharr.

Smaoinígí ar na blianta beaga deireanacha, mar shampla.

Thángamar ar chomhaontú i dtaca le NextGenerationEU agus 27 mBallstát againn.

D'aontaíomar vacsaíní a cheannach agus 27 mBallstát againn.

D'aontaíomar smachtbhannaí ar luas lasrach – agus 27 mBallstát againn.

D'aontaíomar gás nádúrtha a cheannach – ní hamháin agus 27 mBallstát againn, ach leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeirbia chomh maith.

Is léir gur féidir é a dhéanamh.

Ach is gá dúinn breathnú go géar ar gach beartas chun an tionchar a bheadh ag Aontas níos mó orthu a fhiosrú.

Sin an chúis a thosóidh an Coimisiún ag obair ar shraith d'**athbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe** chun breathnú ar an méid a bheadh le déanamh i ngach réimse lena gcur in oiriúint d'Aontas níos mó.

Beidh orainn ár machnamh a dhéanamh faoin mbealach ina bhfeidhmeodh ár n-institiúidí – an leagan amach a bheadh ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún.

Ní mór dúinn todhchaí an bhuiséid a phlé – i dtaca leis an **méid** a mhaoinítear, **conas** a mhaoinítear é agus an bealach a **mhaoinítear** an buiséad féin.

Agus is gá dúinn freisin a thuiscint conas **gealltanais slándála inchreidte** a chinntiú anois agus an díspreagadh níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh.

Sin iad na ceisteanna ar gá dúinn aghaidh a thabhairt orthu **anois** má táimid chun bheith ullmhaithe don am atá le teacht.

Tosóidh an Coimisiún ag obair ar **shraith d'athbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe** chun breathnú ar an méid a bheadh le déanamh i ngach réimse lena gcur in oiriúint d'Aontas níos mó.

Agus déanfaidh an Coimisiún a chion chuige sin.

Sin an fáth a bhfuilimid chun **ár smaointe a chur os comhair phlé na gCeannairí, rud a thionólfar faoi Uachtaránacht na Beilge.**

Beimid spreagtha ag an gcreideamh gurb é iomlánú an Aontais an bealach is fearr chun infheistiú a dhéanamh sa tsíocháin, sa tslándáil agus sa rathúnas ar an Mór-Roinn seo.

**Tá sé in am, mar sin, don Eoraip ligean lena smaointe agus a cinniúint féin a mhúnlú!**

# Conclúid

A Chomhaltaí Onóracha,

Chreid Victoria Amelina gurb é an dualgas comhchoiteann atá orainn **scéal nua a scríobh don Eoraip**.

**Seo an áit a bhfuil an Eoraip inniu.**

**Seo an tráth agus an áit a scríobhfar an stair.**

**Braitheann todhchaí ár mór-roinne ar na roghanna a dhéanaimid inniu.**

**Ar na céimeanna a ghlacaimid chun an tAontas seo againne a iomlánú.**

Teastaíonn Aontas ó mhuintir na hEorpa a sheasfaidh an fód dóibh tráth a bhfuil iomaíocht ghéar cumhachta ann.

Ach Aontas a chosnóidh iad agus a sheasfaidh go dlúth leo freisin, mar chomhpháirtí agus mar chomhghuaillí, le linn a gcuid cathanna laethúla.

Agus tabharfaimid cluas éisteachta dóibh.

**Más cás le muintir na hEorpa é, is cás leis an Eoraip é.**

Smaoinígí an athuair faoi fhís agus faoi shamhlaíocht na glúine óige a bhí faoi chaibidil agam ag tús m'óráide.

Seo an t-am chun a thaispeáint dóibh gur féidir linn mór-roinn a thógáil inar féidir leat a bheith dílis duit féin, inar féidir leat grá a thabhairt don té is ansa leat, agus inar féidir leat dréim leis an gcraobh is airde.

Mór-roinn atá **le chéile leis an dúlra** agus atá **ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíochtaí nua**.

Mór-roinn atá **aontaithe sa tsaoirse agus sa tsíocháin**.

Mór-roinn atá **le chéile leis an dúlra agus atá ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíochtaí nua**.

**Arís eile, seo an t-am don Eoraip gairm na staire a fhreagairt.**

**Gura fada a mhairfidh an Eoraip.**

# An litir intinne

chuig an Uachtarán Roberta Metsola agus
chuig an bPríomh-Aire Pedro Sánchez

*An Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2023*

*A Uachtaráin Metsola, a chara,*
*A Phríomh-Aire Sánchez, a chara,*

*Is cinniúnach an tréimhse ina bhfuilimid anois. Na himeachtaí a chuireamar dínn le ceithre bliana anuas, rachaidh siad i bhfeidhm ar an domhan mór go ceann na mblianta fada: idir phaindéim dhomhanda agus fhilleadh na cogaíochta ar ár mór-roinn, idir theacht chun cinn na n-eachtraí adhaimsire agus an intleacht shaorga.*

***An cor cinniúnach sin i stair an domhain, is cor cinniúnach don Eoraip é chomh maith.*** *I ngeall ar ár bhfreagairt ar an gcogadh i gcoinne na hÚcráine agus ar iomaíocht ghéar cumhachta, tá Aontas geopholaitiúil tar éis éirí aníos. Tá NextGenerationEU tar éis borradh a chur faoinár n-inneall eacnamaíoch an athuair, agus dlús a chur lenár n-aistriú glan agus ár n-aistriú digiteach. A bhuí leis an gComhaontú Glas don Eoraip – ár straitéis fáis – tá an Eoraip ag gluaiseacht go seasta i dtreo na haeráidneodrachta, agus ag an am céanna, táimid ag cur lenár bhfreagairt ar fhogha na Rúise. Táimid tar éis tús a chur le hAontas Sláinte a fhorbairt agus muid féin a dhéanamh níos neamhspleáiche in earnálacha ríthábhachtacha amhail fuinneamh, sliseanna agus amhábhair. Táimid ar thús cadhnaíochta anois i dtaca le cearta digiteacha agus tá cearta sóisialta curtha i gcroílár ár dtéarnaimh againn, agus sábháladh 40 milliún post a bhuí lenár dtionscnamh maidir le hobair ghearr-ama. Agus tá obair cheannródaíoch déanta againn i leith an chomhionannais inscne, ón Treoir maidir le Mná ar Bhoird go dtí aontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún Iostanbúl.*

*A bhuí le comhobair institiúidí an Aontais,* ***tá os cionn 90 % de Threoirlínte Polaitiúla 2019 curtha i gcrích againn*** *– in ainneoin gach géarchéime. Thángamar ar chomhaontú i gcás* ***63 %*** *de na* ***633*** *thogra reachtach atá curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún seo. Ach níl deireadh lenár gcuid oibre, ná baol air. Beidh an tréimhse idir seo agus na toghcháin Eorpacha ríthábhachtach chun an obair atá tosaithe againn a thabhairt chun críche agus chun síolta a chur le haghaidh na mblianta amach romhainn chomh maith.*

***Seo é an t-am chun beart a dhéanamh don lá inniu agus chun ullmhú don lá amárach.*** *Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfimid bailchríoch ar an gcomhaontú maidir le tograí reachtacha atá curtha i láthair cheana féin. Mar atá léirithe arís agus arís eile ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle le linn an tsainordaithe seo, áit a bhfuil toil tá bealach; léiríodh an méid sin le gairid nuair a formheasadh an Gníomh mar Thaca le Táirgeadh Lóin Airm san achar ama ba ghiorra riamh. Sna míonna amach romhainn, ní mór dúinn an rúndaingne chéanna a léiriú i leith reachtaíocht thábhachtach, cuir i gcás an Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a bhaint amach, an tAthbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch a bhaint amach nó an Gníomh um an Intleacht Shaorga a fhormheas. Cuirimis ár moladh chun cinn freisin le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar bhuiséad an Aontais, a mbeidh maoiniú riachtanach san áireamh ann dár dtosaíochtaí láithreacha.*

*Chun tús áite a thabhairt don obair reachtach leanúnach sin, ní chuirfidh an Coimisiún i láthair ach* ***líon teoranta tionscnaimh nua a léiríonn ár ngealltanais reatha nó atá mar fhreagairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn*** *– amhail sprioc aeráide 2040 nó dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe, amhail smuigleáil daoine nó gáinneáil ar dhrugaí. Tá béim sa liosta thíos ar ár bpríomhthosaíochtaí, ar thugamar aird chuí ar an idirphlé polaitiúil le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis na comhlachtaí comhairliúcháin ina leith. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a mhionsonrú agus a chomhlánú inár gclár oibre le haghaidh 2024.*

*Ag an am céanna, leanfaimid dár gcuid oibre chun aistriú cothrom a chinntiú do dhaoine, don tionscal agus d'fheirmeoirí. Oibreoimid chun ualaí riaracháin a laghdú tuilleadh agus chun borradh a chur faoin iomaíochas tionsclaíoch agus faoi neart an mhargaidh aonair. Leanfaimid de bheith ag obair chun an Eoraip a dhéanamh níos cothroime agus chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, go háirithe le* ***Cruinniú Mullaigh Val Duchesse*** *leis na comhpháirtithe sóisialta, rud a thionólfar le linn Uachtaránacht na Beilge – beagnach 40 bliain tar éis an chruinnithe chinniúnaigh a eagraíodh san áit chéanna, cruinniú a chuidigh chun an tIdirphlé Sóisialta Eorpach a sheoladh. Beidh sraith comhairliúchán den* ***Idirphlé maidir le hAistriú Glan*** *againn, agus beidh* ***idirphlé straitéiseach againn leis an bpobal feirmeoireachta*** *chun a chinntiú go gcuirfear an t-aistriú chun feidhme ar bhealach cothrom cliste cuimsitheach. Ullmhóidh Mario Draghi tuarascáil faoi thodhchaí iomaíochas na hEorpa, ina mbreathnófar ar na dúshláin atá le sárú ag lucht an tionscail agus cuideachtaí inár Margadh Aonair.*


*Leanfaimid freisin de bheith ag obair chun* ***go ndéanfaidh ár n-institiúidí féin ionadaíocht níos fearr do na daoine a bhfreastalaímid orthu****. Sa lá atá inniu ann is ag mná atá níos mó ná 47 % de phoist ardbhainistíochta an Choimisiúin. Táimid caol díreach laistigh dá n-aithnítear mar staid atá cothrom ó thaobh inscne de. Den chéad uair riamh, tá níos mó de phoist Ard-Stiúrthóirí sa Choimisiún ag mná ná mar atá ag fir.*

*Agus muid ag druidim i dtreo an dara bliain iomlán den chogaíocht, leanfaidh an Eoraip de bheith diongbháilte seasmhach agus í ag tacú leis an Úcráin. Déanfaimid sin a fhad is gá. Tá* ***€76 bhilliún*** *san iomlán curtha ar fáil cheana féin ag an Aontas agus a Bhallstáit mar thacaíocht do gheilleagar, sochaí agus iarrachtaí míleata na hÚcráine. Agus is cúis bhróid dom go molfaimid* ***go leathnófaí ár gcosaint shealadach d'Úcránaigh san Aontas Eorpach****. Fágann sé sin go leanfaidh ár gcairde Úcránacha de thairbhe a bhaint as rochtain ar ár margadh saothair, ar ár scoileanna agus ar ár gcóras sláinte. Leanfaimid de bheith ag obair chun geilleagar na hÚcráine a thabhairt níos gaire dúinn agus í ar a conair chun a háit dhlisteanach féin a bhaint amach san Aontas seo againne. Ag an am céanna, táimid ag géarú agus ag leathnú na smachtbhannaí tuilleadh agus táimid ag cur lenár gcúnamh míleata tríd an tSaoráid Eorpach Síochána agus trí shaighdiúirí de chuid na hÚcráine a thraenáil.*


*An beart seo atá de dhualgas orainn a dhéanamh, is tasc cinniúnach amach is amach é.* ***Agus na tíortha is iarrthóirí ag ullmhú don aontachas, ní mór don Aontas a bheith ullamh chomh maith.*** *Ní mór don chéad mhéadú eile dul chun cinn a spreagadh, go díreach mar a ullmhaíodh gach méadú a rinneadh roimhe seo agus athchóirithe institiúideacha doimhne ag gabháil leo. Cuirfidh an Coimisiún a chuid smaointe chun tosaigh i dtaca leis an méid sin.*

*Go luath sa sainordú seo, dúirt mé gur scéal glúnta atá san Eoraip. Agus glúin nua d'Eorpaigh ar tí vóta a chaitheamh den chéad uair, ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir a n-uaillmhianta agus aghaidh a thabhairt ar na rudaí a dhéanann imní dóibh. Ní mór dúinn an bealach chun cinn a leagan amach chun ár nAontas a iomlánú agus an chéad ghlúin eile den tionscadal Eorpach a ullmhú.*

*Sin é an cúram coiteann atá orainn. Is féidir libh brath ar an gCoimisiún chun oibriú i gcomhar libh feadh an bhealaigh.*



***Ursula von der Leyen***



***Maroš Šefčovič***

# Na príomhthosaíochtaí le haghaidh 2024

## Comhaontú Glas don Eoraip

- Pacáiste Eorpach um Chumhacht Ghaoithe
- Sprioc aeráide 2040
- Tionscnamh maidir le hathléimneacht uisce

## Eoraip atá oiriúnach don ré dhigiteach

- Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh
- Straitéis maidir le Geilleagar Sonraí Spáis
- Tionscnamh chun acmhainneacht sár-ríomhaireachta Eorpach a oscailt do ghnólachtaí nuathionscanta intleachta saorga atá eiticiúil siosmaideach

## Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine

- Tionscnamh Biteicneolaíochta agus Bithmhonaraíochta an Aontais Eorpaigh
- Obair leantach ar Chruinniú Mullaigh Val Duchesse
- Ardábhair le haghaidh na ceannaireachta tionsclaíche
- Tionscnamh maidir le rialacha i ndáil leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha

## Eoraip níos láidre sa Domhan

- An chomhpháirtíocht leis an Afraic a neartú
- Straitéis thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach

## Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn

- Síneadh a chur le Cosaint Shealadach do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin
- Plean Gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí, Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach san áireamh
- An creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta agus an comhar a neartú chun smuigleáil imirceach a chomhrac
- Comhchéim Eorpach

## Ugach Nua do Dhaonlathas na hEorpa

- Teachtaireacht maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais
- Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite um chosaint leanaí

# An méid atá bainte amach

# An Eoraip: todhchaí ar fiú troid ar a son

Bliain ó shin, bhí ar an Aontas Eorpach aghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin ba mhó a bhí roimhe go dtí seo agus cogadh dearg ar siúl ar an mór-roinn seo againne agus, den chéad uair riamh, tír chomharsanach faoi ionsaí ós rud é gur mian léi dul isteach san Aontas seo againne. Bhain an Rúis úsáid as an bhfuinneamh chun iarracht dúmháil a dhéanamh orainn agus bhí an Eoraip i mbéal géarchéime breoslaí iontaise. Ní raibh a fhios againn an mairfeadh ár gcúltaiscí gáis an geimhreadh. Ach bhí a fhios againn, inár gcroí istigh, nach bhféadfaimis loiceadh ar ár gcairde Úcránacha a bhí ag troid ar son a saoirse. **Ba ghá dúinn ár neamhspleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a bhriseadh go tapa trí éagsúlú a dhéanamh agus dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Agus sin a rinneamar, le chéile.** Ní toisc go raibh sé éasca, ach toisc gurbh é ba cheart a dhéanamh.

Sin spiorad Choimisiún Eorpach an Uachtaráin Ursula von der Leyen. Ó bhí 2019 ann, sheas muintir na hEorpa paindéim dhomhanda, chuir siad géarchéim fuinnimh díobh agus chuir siad fáilte isteach ina dtithe roimh an líon is mó de dhaoine easáitithe ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann. D'ainneoin na haimhleasa sin, níor chailleamar ár misneach riamh agus muid ag obair ar son an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ar son na nuálaíochta digití daonlárnaí agus ar son an chothroime shóisialta. **Seo Coimisiún atá dílis dá ghealltanais agus a dhéanann beart de réir a bhriathair.**

Ní hamháin go bhfuil muinín arís ag saoránaigh an Aontais as athléimneacht, sofhreagrúlacht agus fís an Aontais, tá muintir na hEorpa tar éis teacht chun cinn ar bhealach níos láidre agus níos aontaithe fós. Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, leanaimid de bheith inár seasamh gualainn ar ghualainn leis an Úcráin agus lena muintir. Rinneamar raon feidhme ár smachtbhannaí a dhoimhniú agus a leathnú agus tá siad ag déanamh dochar mór d'acmhainn cogaíochta na Rúise. Táimid ag cosaint an oird riailbhunaithe, tabharfaimid an Rúis chun cuntais as a coireanna, agus táimid **ag obair ar son síocháin chóir**. Chuidíomar chun bearna bhuiséid na hÚcráine a líonadh do 2023 agus tá sé beartaithe againn leanúint de thacaíocht a thabhairt dá geilleagar sna blianta amach romhainn trí shaoráid nua laistigh de bhuiséad an Aontais. Ag an am céanna, táimid ag ullmhú do **lánpháirtiú na hÚcráine inár dteaghlach Eorpach**, agus muid ag díriú ar an atógáil agus ar athchóirithe. Agus chun slándáil ár nAontais mhéadaithe a chothú, tá cumais chosanta na hEorpa á dtreisiú againn.

Le **REPowerEU**, bhuamar an cogadh fuinnimh a thug an Rúis faoinár ngeilleagar: sheachnaíomar cliseadh cumhachta; thugamar praghsanna fuinnimh síos go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an gcogadh; agus neartaíomar ár dtiomantas don fhuinneamh in-athnuaite glan inacmhainne dúchasach. I mí na Bealtaine 2023, **den chéad uair riamh, tháirg an tAontas níos mó fuinnimh ón ngaoth agus ón ngrian ná ó bhreoslaí iontaise**. Agus táimid ag athdhíriú ar a bhfuil ag teastáil ó thionscal na hEorpa chun go mbeidh an bua aige sa rás domhanda le haghaidh glan-nialasachta, cuir i gcás an Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta, an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus an banc hidrigine – ar tionscnaimh reachtacha cheannródaíocha iad go léir.

Tá **NextGenerationEU**, ár bplean téarnaimh agus infheistíochta gan fasach, ag croílár chlaochlú eacnamaíoch an Aontais. Agus comóradh 30 bliain an mhargaidh aonair á cheiliúradh againn, tá na 27 mBallstát le chéile ag infheistiú i mbonneagar ar nós idirnascairí fuinnimh agus oileáin fuinnimh, agus sa tsoghluaisteacht leictreach freisin.

Táimid ag uas-scálú tionscadail nuálacha ar nós cadhnraí, sliseanna agus hidrigine. Is láidre anois é margadh saothair an Aontais ná mar a bhí leis na scórtha bliain anuas ach fágann ganntanais i leith na scileanna atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh go bhféadfadh sé go mbeadh teorainn lenár gcumas ár spriocanna a bhaint amach. Sin an fáth ar thugamar Bliain Eorpach na Scileanna ar 2023 freisin – chun tosaíocht a thabhairt arís d'uas-sciliú agus d'oiliúint ar feadh an tsaoil.

Don Choimisiún seo, is éard atá i gceist leis an Aontas i ndeireadh na dála, 'daoine ag seasamh le chéile – ar son a saoirse, ar son a luachanna agus, sa deireadh, ar son todhchaí níos fearr'. Agus muid ag druidim le **toghcháin Eorpacha 2024**, ní mór dúinn gach is féidir a dhéanamh chun daoine a chumhachtú agus chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad a gceart daonlathach chun vótála. Cosnóimid an spás daonlathach ar chur isteach agus ar bhagairtí, cuir i gcás éilliú, mífhaisnéis, ionsaithe ar iriseoirí agus iarrachtaí ó chumhachtaí eachtracha muid a dheighilt óna chéile. **Is iad ár dtraidisiúin dhaonlathacha, ár n-uaillmhianta agus ár n-aontacht ár neart.**

Ó bhunaitheoirí thionscadal síochána na hEorpa a raibh sé de mhisneach acu Eoraip aontaithe a shamhlú tar éis an Dara Cogadh Domhanda, go dtí na daoine a tharraing anuas an Cuirtín Iarainn lenar scoilteadh ár mór-roinn in 1989, agus anois na laochra san Úcráin atá ag troid ar son saoirse agus todhchaí Eorpach dá leanaí – **is éard a aontaíonn sinn go dtroidimid ar son an ní is cóir**. Inniu, tá an Eoraip ag seasamh arís do thodhchaí ar fiú troid ar a son, agus is fúinne an todhchaí sin a thógáil.



Inniu, tá an Eoraip ag seasamh arís do thodhchaí ar fiú troid ar a son, **agus is fúinne an todhchaí sin a thógáil**.

# 1 Gealladh na hEorpa a chosaint

Den chéad uair riamh, tá tír chomharsanach faoi ionsaí toisc gur mian léi a bheith mar chuid de theaghlach na hEorpa. Tá an Rúis ag fearadh cogaidh ar chinneadh ceannasach na hÚcráine – agus ar an toil a léirigh a muintir go soiléir – bogadh níos gaire don Aontas seo againne. Is soiléir ár bhfreagra, agus ní mór é a bheith buan. Ní mór dúinn leanúint de bheith ag obair ar son síocháin chóir, agus is cinnte go ndéanfaimid sin. Is éard atá i gceist leis sin cuidiú leis an Úcráin í féin a chosaint, a ceannasacht iomlán a fháil ar ais agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo bhallraíocht an Aontais.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, táimid ag soláthar cabhair dhaonnúil, cúnamh eacnamaíoch agus tacaíocht mhíleata don Úcráin; tá maoiniú suntasach á ghealladh againn do riachtanais láithreacha, téarnamh agus nuachóiriú na tíre; táimid ag coinneáil seirbhísí poiblí riachtanacha ar siúl, ospidéil agus scoileanna ina measc; táimid ag athchóiriú bonneagar criticiúil atá scriosta ag an Rúis - córais fuinnimh, córais uisce, líonraí iompair, bóithre agus droichid ina measc; agus táimid ag cuidiú chun na cumais chosanta atá ag teastáil a chur ar fáil. Ina theannta sin dheonaíomar cearta cosanta sealadaí d'Úcránaigh atá ina gcónaí san Aontas, táimid ag cur cosanta agus sainseirbhísí athshlánúcháin ar fáil do leanaí atá faoi anás agus leanaí neamhthionlactha san Úcráin agus san Aontas araon, agus táimid ag tacú le hathchóiriú cuimsitheach na hÚcráine ar chúram leanaí.

Sa bhreis air sin, táimid ag tacú leis an Úcráin maidir leis an Rúis a thabhairt chun cuntais as a coir fhoghach agus as a coireanna cogaidh, agus táimid ag cuidiú le filleadh slán na leanaí Úcránacha a díbríodh go dtí an Rúis. Chun acmhainneacht chogaidh na Rúise a lagú, **tá 11 phacáiste de smachtbhannaí leathana forchurtha ag an Aontas** a bhfuil tionchar acu ar phríomhearnálacha gheilleagar na Rúise, smachtbhannaí lena reoitear sócmhainní suntasacha agus lena gcuirtear cosc ar bhainc Rúiseacha an córas SWIFT a úsáid. Ó thaobh na cosanta de, neartaigh an tAontas an comhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus san am céanna chuir sé borradh faoina chumais chosanta chomhpháirteacha féin tríd an gCiste Eorpach Cosanta.

## Ag seasamh leis an Úcráin a fhad is gá

Ón gcéad lá a raibh cogadh foghach na Rúise ina scamall anuas ar an Úcráin, ba é an príomhdhualgas a ghlac an tAontas air féin sibhialtaigh na hÚcráine a chosaint. Den chéad uair riamh sna fiche bliain ó glacadh an ionstraim seo, an 4 Márta 2022, díreach cúpla lá tar éis thús ionradh na Rúise, chuir an tAontas **an Treoir um Chosaint Shealadach** i bhfeidhm d'aon toil. Chinntigh an méid sin gur deonaíodh cearta san Aontas ón tús do na hÚcránaigh ar a dteitheadh ón gcogadh, cuir i gcás ceadanna cónaithe, tithíocht, rochtain ar an margadh saothair, cúram leighis, agus go ríthábhachtach, oideachas agus scolaíocht dá leanaí.

Tá Ballstáit an Aontais tar éis a dtithe agus a gcroí a oscailt do na milliúin Úcránach, agus iad ag cur cosaint shealadach ar fáil do thart ar 4 mhilliún duine, ar mná iad beagnach leath díobh. **Tá an tAontas Eorpach anois ina thearmann don chúigiú cuid, nach mór, de leanaí na hÚcráine.** Tá an fhreagairt chuimsitheach shochaíoch sin ar an easáitiú daoine is mó san Eoraip ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann tar éis tionchar mór a imirt ar chreatlach ár sochaithe.

**A bhuí le saoránaigh Úcránacha ar a dteitheadh ón gcogadh, sábháladh bunscoil thuaithe in Éirinn** a bhí i mbaol a dúnta. Tá Scoil Náisiúnta an Leasa Mhaoil i Ros Comáin tar éis glacadh le 14 leanbh ón Úcráin agus is Úcránaigh iad breis agus leath de na daltaí sa scoil anois.

Faoi láthair, meastar go bhfuil os cionn 5 mhilliún duine easáitithe go hinmheánach laistigh den Úcráin. De dheasca néal dubh an chogaidh agus na n-ionsaithe a dhéanann an Rúis d'aon ghnó ar shibhialtaigh, meastar go bhfuil cúnamh daonnúil ag teastáil ó suas le 17.6 milliún duine in 2023.

Ó thosaigh an t-ionradh, tá €733 mhilliún geallta ag an gCoimisiún do chláir um chabhair dhaonnúil. Slógadh €685 mhilliún san iomlán le haghaidh cúnamh daonnúil san Úcráin agus cuireadh €48 milliún ar fáil d'Úcránaigh ar a dteitheadh ón gcogadh agus do phobail óstacha sa Mholdóiv in aice láimhe. Idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2023, tá **tacaíocht dhaonnúil ón Aontas** agus ó rannchuiditheoirí flaithiúla eile **faighte ag 7.9 milliún Úcránach**, iad siúd sna limistéir atá buailte go dona san áireamh.


Ó mhí Eanáir 2023:

- tugadh cúnamh bia do bhreis agus 4 mhilliún duine;
- bhain 5.6 milliún duine leas as idirghabhálacha sláinte nó as soláthairtí leighis;
- tá rochtain ag 2.9 milliún duine ar chúnamh airgid;





Tá **€733 mhilliún** geallta
ag an gCoimisiún do chláir um chabhair dhaonnúil




- cuireadh seirbhísí cosanta criticiúla ar fáil do 1.1 milliún duine; agus
- tá rochtain arís ag beagnach 3.3 milliún duine ar uisce glan agus ar sheirbhísí riachtanacha sláinteachais agus sláintíochta.

Thairis sin, leis na **tionscnaimh CARE** 2022 (Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip agus Cúnamh Solúbtha do Chríocha), tugadh isteach solúbthacht fhairsing sa bheartas comhtháthaithe, rud a d'fhág gurbh fhéidir suas le €17 mbilliún ó chistí comhtháthaithe 2014–2020 nár sannadh a athchlárú, agus solúbthacht spriocdhírithe áirithe ann le haghaidh 2021–2027 chun tacú le daoine ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise.

**Tá an chuid is mo de na hÚcránaigh faoin gcosaint shealadach san Aontas lánpháirtithe go maith.** Is fíor sin go háirithe san Eastóin, áit a bhfuil timpeall a leathchuid de na hÚcránaigh atá in aois oibre i bhfostaíocht ghníomhach cheana féin.



Trí ghníomhachtú **Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta**, threoraigh an tAontas cúnamh go héifeachtúil chuig an Úcráin ó na 27 mBallstát go léir in éineacht leis an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia agus an Tuirc. Tá os cionn 94,000 tona de chúnamh comhchineáil a mheastar a bhfuil breis agus €760 milliún i gceist leis, tar éis a bheith seachadta chuig an Úcráin. Cuimsíonn an méid sin slógadh ár stoc-charn éigeandála rescEU féin, lenar cuireadh ar fáil dídean, fuinneamh, cabhair leighis agus trealamh speisialaithe dar luach €121 mhilliún chun rioscaí don tsláinte phoiblí a mhaolú, cuir i gcás bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha. **Seo é scoth na dlúthpháirtíochta ón Aontas Eorpach.**

Ós rud é go bhfuil an Rúis fós ag cur suiteálacha núicléacha sibhialta i mbaol, sholáthair an tAontas cúnamh ábhartha **i dtaca le sábháilteacht núicléach** dar luach breis agus €54.8 milliún don Úcráin ó chúlchiste straitéiseach rescEU. Agus úsáid á baint as cistí ón Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach, táthar tar éis tosú ar dheisiúcháin a dhéanamh ar shaotharlanna agus ar threalamh a ndearna na gabhálaithe Rúiseacha damáiste dóibh i gCrios Eisiaimh Shearnóbail agus tá córas nua-aimseartha uathoibrithe monatóireachta ar radaíocht curtha i bhfeidhm.

Ina theannta sin, tá an tAontas chun tosaigh ó thaobh **aslonnuithe leighis a eagrú le haghaidh othair Úcránacha** a bhfuil cóireáil leighis ag teastáil go géar uathu. Trí **Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta**, tá breis agus 2,500 aslonnuithe leighis d'othair Úcránacha curtha i gcrích go rathúil. Chun tuilleadh cabhrach a thabhairt do na hothair sin, d'oscail an tAontas mol medevac in Rzeszów na Polainne i mí Mheán Fómhair 2022. Oibrítear eitiltí aslonnaithe leighis gach seachtain trí úsáid a bhaint as eitleán leighis speisialaithe atá curtha ar fáil ag an Iorua agus atá maoinithe ag an Aontas. Thairis sin, tá clár maoiniúcháin EU4Health ag tacú le tionscadail atá dírithe ar **thacaíocht meabhairshláinte agus shíceolaíoch** do dhaoine san Úcráin mar aon le daoine ón Úcráin atá ag teacht isteach san Aontas.

Mar fhreagairt ar na hionsaithe dínáireacha a rinne an Rúis ar bhonneagar fuinnimh na hÚcráine, glacadh bearta éigeandála go pras. In éineacht lena chomhpháirtithe daonnúla, sholáthair an tAontas thart ar **5,760 gineadóir cumhachta don Úcráin**. Tá na gineadóirí sin éagsúil ó thaobh méide agus acmhainneachta de, idir aonaid ar féidir leo tithe cónaithe aonair a chumhachtú agus chinn mhóra ar leor an chumhacht atá acu chun ospidéil a choinneáil ar bun. I gcomhar leis an ngnólacht Enel, tá an Coimisiún tar éis **5,700 painéal gréine** a dheonú don Úcráin freisin. Táirgtear in Catania na hIodáile iad, le tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht. Soláthróidh siad leictreachas do scoileanna, ospidéil agus ranna dóiteáin.

Go luath sa chogadh, rinne an tAontas gníomh cinntitheach **chun córais leictreachais na hÚcráine agus na Moldóive a chobhsú**, trína n-eangacha leictreachais a shioncrónú le heangach ilchríochach na hEorpa. Ó tháinig an líne chumhachta nua idir an Pholainn agus an Úcráin i bhfeidhm an 7 Bealtaine 2022, tá sé d'acmhainn ag an Úcráin agus ag an Moldóiv suas le 1,050 meigeavata a iompórtáil ó mhór-roinn na hEorpa.

I measc achrann an chogaidh, tá sé ríthábhachtach gur féidir leis na hÚcránaigh fanacht i dteagmháil lena ngaolta. Dá réir sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le hoibreoirí teileachumarsáide an Aontais agus na hÚcráine, agus é ag áitiú orthu ligean do na hÚcránaigh san Aontas a nguthán phóca a úsáid le táillí

**5,700**
is ea líon na b**painéal gréine** a dheonaigh an Coimisiún Eorpach don Úcráin



fánaíochta íosta nó gan táillí fánaíochta ar bith ar feadh tréimhse 3 mhí. D'éirigh leis an gcomhaontú, ar shínigh 38 de na cuideachtaí sin é, **fánaíocht trasteorann a éascú**. Sa bhreis ar an bhfánaíocht a dhéanamh inacmhainne, tá 2.5 milliún cárta SIM dáilte ag an Aontas ar Úcránaigh atá ag lorg dídine agus tá baill the Wi-Fi bunaithe aige ag pointí teorann agus i mbrúnna. An 24 Aibreán 2023, thug an tAontas na rialacha a bhaineann leis an bhfánaíocht isteach sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin.

## *Úsáid iomlán a bhaint as láidreacht eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais Eorpaigh*

Ón uair a thosaigh an t-ionradh, tá leibhéal dlúthpháirtíochta nach bhfacthas riamh léirithe ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an Úcráin agus **€59 mbilliún san iomlán slógtha acu le haghaidh cúnamh airgeadais agus daonnúil, cúnamh buiséadach éigeandála agus cúnamh míleata.** Tá €38.8 billiún san iomlán – is é sin €31 bhilliún trí bhuiséad an Aontais agus €7.8 billiún ó na Ballstáit – curtha ar leataobh chun athléimneacht uileghabhálach eacnamaíoch, shochaíoch agus airgeadais na hÚcráine a dhaingniú. Chun tacú le fórsaí armtha na hÚcráine a náisiún a chosaint, tá cúnamh míleata dar luach €20 billiún curtha ar fáil ag an Aontas agus slógadh €5.6 billiún de sin faon tSaoráid Eorpach Síochána. Sa bhreis air sin tá €17 mbilliún ar a laghad slógtha ag an Aontas agus a Bhallstáit chun tacú le daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. **Fágann sin go bhfuil €76 bhilliún i gceist le méid iomlán na tacaíochta atá curtha ar fáil don Úcráin agus a muintir.**

In 2022, sheol an tAontas **cúnamh macrairgeadais dar luach €7.2 billiún chuig an Úcráin** chun oibríocht leanúnach rialtas na tíre agus soláthar leanúnach na seirbhísí poiblí a chinntiú. Gealladh €500 milliún den oibríocht sin chun tacú leis an mbuiséad faoin tionscnamh tiomsaithe airgid domhanda 'Seasaimis ar son na hÚcráine' agus faoi Chomhdháil Ardleibhéil Idirnáisiúnta na nDeontóirí don Úcráin i mí na Bealtaine 2022, agus é dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha sa tír a bhaineann le tithíocht, oideachas agus talmhaíocht.

In 2023, tá an tAontas ag soláthar pacáiste tacaíochta is mó ná riamh don Úcráin a bhfuil suas le **€18 mbilliún ann**, agus é i bhfoirm iasachtaí faoi choinníollacha an-fhabhrach **dá bhfuil €12 bhilliún curtha ar fáil cheana féin**. A bhuí leis sin, tá an Úcráin in ann leanúint de phánna agus pinsin a íoc agus de sheirbhísí poiblí riachtanacha a choinneáil ar bun, ospidéil, scoileanna agus tithíocht do dhaoine athlonnaithe ina measc. Cuideoidh sé freisin chun an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chinntiú agus chun an bonneagair criticiúil atá scriosta a athchóiriú.


Tá an tAontas ag soláthar pacáiste tacaíochta suas le **€18 mbilliún** don Úcráin




© Adobe Stock

I mí an Mheithimh 2023, mar chuid dá athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, **mhol an Coimisiún Eorpach Saoráid nua don Úcráin a chruthú laistigh de bhuiséad an Aontais**. Cinnteoidh an tSaoráid sin tacaíocht airgeadais don Úcráin ó 2024 go 2027 atá comhleanúnach, intuartha agus solúbtha chomh maith. Leis an tSaoráid don Úcráin, tá sé beartaithe suas le €50 billiún a chruinniú ó dheontais as buiséad an Aontais agus ó iasachtaí a chruinnítear ar mhargaí caipitil freisin. Thairis sin, ullmhóidh Rialtas na hÚcráine Plean le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe i ndlúthchomhairle leis an gCoimisiún.

**49 milliún tona**
de tháirgí talmhaíochta Úcránacha



**€99 mbilliún**
an luach measta atá ar na táirgí

© Adobe Stock

Tá na **Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin** tar éis teacht chun cinn mar líne tharrthála do gheilleagar na hÚcráine agus iad ag éascú méid dochreidte mór, is é sin 49 milliún tona, de tháirgí talmhaíochta Úcránacha a easpórtáil. A bhuí leis na conairí ríthábhachtacha sin, cinntítear ní hamháin easpórtáil táirgí talmhaíochta ach iompórtáil earraí riachtanacha chomh maith. Meastar gur thart ar €99 mbilliún an luach trádála iomlán a ghintear tríd an gconair sin. €1 bhilliún – sin an tsuim shubstaintiúil a foinsíodh as ranníocaíochtaí ón gCoimisiún, ón mBanc Eorpach Infheistíochta, ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus ó Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, agus tá sé á shlógadh chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht na lánaí dlúthpháirtíochta sin a mhéadú.

I mí Feabhra 2023, síníodh comhshocrú ceannródaíoch idir an Coimisiún agus an Úcráin, lena ndearnadh **an Úcráin a chomhlachú le clár an mhargaidh aonair**, tionscnamh atá ceaptha chun rochtain ar an margadh a éascú, timpeallacht ghnó fhabhrach a chothú agus fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh. Bearta trádála uathrialacha an Aontais, lena gcumasaítear léirscaoileadh iomlán taraifí i gcás na n-earraí uile ón Úcráin a iompórtáiltear isteach an Aontas, oibríonn siad in éineacht leis na lánaí dlúthpháirtíochta chun sreabhadh rianúil na bpríomhearraí talmhaíochta ón Úcráin chuig an Aontas agus tríd an Aontas a chinntiú. An 5 Meitheamh 2023, rinneadh na bearta a athnuachan go ceann bliain eile.

Comhlachas na hÚcráine le Fís Eorpach agus le clár taighde agus oiliúna Euratom, is tionscnamh tábhachtach é sin atá dírithe ar **a héiceachóras taighde agus nuálaíochta a chaomhnú agus a chothú**. Thairis sin, i dtús mhí an Mheithimh 2023, shínigh an tAontas agus an Úcráin comhaontú lena gcuirtear ar a gcumas do thionscnóirí tionscadal Úcránacha cur isteach ar mhaoiniú ón Aontas le haghaidh tionscadail leasa choitinn i réimse an iompair, an fhuinnimh agus an digitithe, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar nascacht na tíre lena comharsana san Aontas. Tacóidh sé sin le comhtháthú na hÚcráine le margadh aonair an Aontais agus cuirfidh sé an fás, an fhostaíocht agus an t-iomaíochas chun cinn.

## *Ag cuidiú leis an Úcráin í féin a chosaint*

Tá saighdiúirí cróga na hÚcráine ag cosaint a dtíre féin, a muintire féin agus a gcuid luachanna daonlathacha, ach tá níos mó ná crógacht ag teastáil uathu chun é sin a dhéanamh. Tá acmhainní de dhíth orthu chun a náisiún féin a chosaint. Seo an áit a bhfuil ról ag an Aontas – é ag cur a nirt agus a acmhainní ar fáil ar thrí bhealach straitéiseacha: trealamh, oiliúint, agus táirgeadh tionsclaíoch.

Tá tacaíocht dhaingean an Aontais ag déanamh difear cinniúnach ar láthair an chatha. A bhuí leis **an tSaoráid Eorpach Síochána** agus a maoiniú dar luach €5.6 billiún, bhíothas in ann tancanna, héileacaptair, córais aerchosanta, diúracáin agus armlón a sheachadadh. Ciallaíonn an rannchuidiú sin, agus é treisithe le cúnamh míleata ó na Ballstáit, go bhfuil **tacaíocht mhíleata dar luach €20** billiún san iomlán curtha ar fáil don Úcráin. Tá rún daingean ag an Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin a fhad is gá agus tá idirphlé ar siúl faoi láidir maidir le cur chuige substaintiúil fadtéarmach i leith tacaíocht mhíleata tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

Ní bhaineann ár n-iarrachtaí le soláthar trealaimh amháin áfach. Is é is aidhm do **Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais**, a bhfuil buiséid €168 milliún aige atá faoi bhainistiú na Comhairle, feabhas a chur ar acmhainneacht mhíleata Fhórsaí Armtha na hÚcráine, agus leis an misean sin tá oiliúint curtha ar 25,000 saighdiúir Úcránach cheana féin. Tá dul chun cinn seasta á dhéanamh againn i dtreo na sprice atá uainn, is é sin **oiliúint iomlán a chur ar 30,000 saighdiúir Úcránach** faoi dheireadh na bliana seo.

An 20 Márta 2023, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le togra suntasach: armlón a bhfuil géarghá leis a sholáthar don Úcráin. Is éard is aidhm don tionscnamh sin dlús a chur le seachadadh agus le soláthar comhpháirteach chun gur féidir 1 mhilliún urchar armlóin airtléire a sholáthar don Úcráin laistigh de 12 mhí. Tá sé bunaithe ar an straitéis thríthaobhach seo a leanas:

- ar an gcéad dul síos, cabhrú leis na Ballstáit ó thaobh armlón airtléire 155mm a aistriú láithreach ó na stoc-chairn náisiúnta;
- ar an dara dul síos, an t-éileamh Eorpach a chomhdhlúthú trí thús a chur le ceannacháin chomhpháirteacha armlóin 155mm,ceannacháin ar féidir leis na Ballstáit tabhairt fúthu, agus ról lárnach ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint sa mhéid sin;
- ar deireadh, acmhainneacht táirgeachta armlóin an Aontais a mhéadú chun freastal ar éileamh méadaithe na hÚcráine.

An 3 Bealtaine 2023, mhol an Coimisiún **an Gníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Arm (ASAP)**, tionscnamh a bhfuil luach €500 milliún ann. San áireamh leis sin tá bearta sonracha spriocdhírithe chun borradh a chur faoin táirgeacht agus chun soláthar armlóin a chinntiú laistigh den Aontas. Glacadh Rialachán ASAP an 20 Iúil agus tháinig sé i bhfeidhm níos déanaí an mhí sin. Tá an Coimisiún ag déanamh gach iarracht Rialachán ASAP a chur chun feidhme go tapa ionas gur féidir leis na Ballstáit soláthairtí agus tuilleadh cúnaimh a chur ar fáil don Úcráin de réir mar is gá.

Ní hí an láthair chatha fhisiceach an t-aon áit amháin ina bhfuil ionsaí á dhéanamh ar an Úcráin, agus an Rúis ag baint úsáid as cogaíocht hibrideach i gcoinne na hÚcráine agus an Aontais. Mar fhreagairt air sin, threisigh an tAontas **cibear-athléimneacht na hÚcráine** le hinfheistíocht €10 milliún i dtrealamh, bogearraí agus cineálacha tacaíochta eile a bhaineann leis sin. Tá €15 mhilliún breise as pacáiste €330 milliún curtha i leataobh chun aistriú digiteach seasmhach a chothú, rud a chuideoidh leis an Úcráin dul i ngleic le hionsaithe hibrideacha na Rúise.

I mí Feabhra 2023, le feachtas sluachistithe saoránach sa Liotuáin ar a dtugtar **Radarom!** cruinníodh airgead do 16 radar aerchosanta chun spéartha na hÚcráine a chosaint ar dhiúracáin na Rúise, suim a bhí i bhfad ní b'airde ná an sprioc tosaigh, is é sin 5 radar.


© Radarom

# An Rúis a thabhairt chun cuntais

Mar gheall ar ionradh brúidiúil na Rúise ar an Úcráin, cailleadh an iliomad daoine go tragóideach agus tá líon ollmhór daoine tar éis cruatain uafásacha a fhulaingt. Tá Bucha, a bhíodh ina fho-bhaile síochánta ar imeall Chív tráth den saol, anois ina mheabhrúchán lom ar an gcéasadh, ar an éigniú agus ar an marú uafásach a rinneadh ar shibhialtaigh neamhurchóideacha i mí an Mhárta 2022 agus atá á ndéanamh fós ar fud chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. **Tugann an tAontas ómós do chuimhne na n-íospartach uile agus treisíonn sé an rún daingean atá aige a chinntiú go bhfaighidh an ceartas an lámh in uachtar** agus go ngearrfar pionós as na coireanna sin.

Faoi láthair, tá Oifig Phríomh-Ionchúisitheoir na hÚcráine ag imscrúdú breis agus 100,000 cás amhrasta de choireanna cogaidh agus de choireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna a meastar gurb iad na sáruithe is tromchúisí ar an dlí idirnáisiúnta. Dá mhéid a fhásann an fhianaise, is ea is láidre rún daingean an Aontais tacú le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna sin.


© Getty Images

D’úsáid an deonach Konstantin Gudauskas, fear a bhfuil athair Liotuánach agus máthair Chasacach aige, a phas Casacach chun taisteal trí na críocha atá faoi fhorghabháil na Rúise san Úcráin agus chuidigh sé le breis agus 200 duine a shábháil i réigiún Chív, go háirithe in Bucha. Tugann na hÚcránaigh ‘**Aingeal Bucha**’ air.

Tá leanaí i measc na n-íospartach is leochailí de dheasca na n-ainghníomhartha atá déanta ag an Rúis. Meastar go bhfuil tionchar ag ionsaí na Rúise gan údar ar 5.7 milliún páiste in aois scoile san Úcráin, agus go bhfuil damáiste nó scriosadh déanta do bhreis agus 2,800 scoil agus saoráid. Dar leis an Úcráin, aistríodh beagnach **20,000 leanbh Úcránach go neamhdhleathach le lámh láidir chuig an Rúis**.

Ó thús chogadh neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá smachtbhannaí forchurtha ag an Aontas i gcoinne beagnach **40 duine** atá freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach agus a aistriú go dtí an Rúis agus as cláir athoideachais a reáchtáil, agus tá déantóirí ciona líomhnaithe á n-aithint againn i rith an ama. An 17 Márta 2023, d'eisigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta barántais ghabhála le haghaidh Uachtarán na Rúise Vladimir Putin agus Maria Alekseyevna Lvova-Belova, an Coimisinéir um Chearta Leanaí in Oifig Uachtarán na Rúise. Léiríonn na bearta sin go soiléir nach mbíonn aon duine os cionn an dlí agus gur féidir duine ar bith a thabhairt chun an dlí má dhéanann siad coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta.

D'aontaigh an tAontas €7.5 milliún a chur i leataobh chun cuidiú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta imscrúduithe a dhéanamh ar na coireanna cogaidh atá déanta ag an Rúis.

Ina theannta sin, tá an tAontas tar éis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- €6 mhilliún a thabhairt d'Oifig Phríomh-Ionchúisitheoir na hÚcráine ar mhaithe leis an teicneolaíocht faisnéise a chur chun cinn agus le haghaidh trealamh ríthábhachtach;
- é a chur ar a chumas do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) fianaise a chaomhnú, a stóráil agus a anailísiú ar bhealach slán i mBunachar Sonraí nua um Fhianaise i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is Tromchúisí;
- neartú a dhéanamh ar Eurojust agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) ina róil mar chomhordaitheoirí náisiúnta imscrúdúcháin le haghaidh Bhallstáit an Aontais; agus
- dul i dteagmháil le comhpháirtithe domhanda chun an chuntasaíocht agus an fhreagairt idirnáisiúnta a chinntiú.

Cé go tacaímid le hiarrachtaí na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, leanamar leis an bplé lenár mBallstáit agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta freisin maidir le binse speisialta a chur ar bun a bheidh dírithe ar cheannairí na Rúise atá freagrach as coir an fhogha faoin Úcráin a chur faoi thriail. Mar chéim thosaigh phraiticiúil, an 2 Feabhra 2023, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, gur bunaíodh **Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin** chun tacú leis an bhFoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú atá ann cheana in Eurojust, rud atá á óstáil sa Háig.

Leis an lárionad sin, ar cuireadh tús lena oibríochtaí mí Iúil 2023, tacaítear le comhordú na n-imscrúduithe ar choir an fhogha agus le bailiú na fianaise. Beidh sé ríthábhachtach chun cumais a mhéadú i leith cásanna a fhorbairt maidir le coir an fhogha agus i leith fianaise ábhartha a chaomhnú le haghaidh ionchúiseamh agus trialacha amach anseo. Cuirfidh sé struchtúr ar fáil chun comhstraitéis imscrúdaitheach agus ionchúisimh a chur chun feidhme agus cuirfidh sé le malartú agus anailísiú fianaise a bailíodh ó cuireadh tús le fogha na Rúise. Cinnteoidh sé dlúthchomhar le himscrúduithe na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta freisin. Tá an tAontas ag glacadh páirte in idirphlé maidir le binse speisialta a bhunú faoi chuimsiú an Chroíghrúpa in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta.



**€7.5 milliún**

is ea an méid atá curtha i leataobh ag an Aontas chun cuidiú le h**imscrúduithe na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta**

Is ar an Rúis a bheidh iarmhairtí dlíthiúla na ngníomhartha éagóracha atá déanta aici in aghaidh an dlí idirnáisiúnta, agus cúiteamh a dhíol astu ina measc sin. Tá an Coimisiún ag tacú le hidirphlé faoi **shásra cúitimh a bhunú i leith damáiste** arbh é fogha na Rúise ar an Úcráin ba chúis leis. Mar an chéad chéim i dtreo an chúitimh, an 12 Bealtaine 2023, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Rún lena mbunaítear **Clár Idirnáisiúnta Damáiste** sa Háig trí Pháirt-Chomhaontú Méadaithe, rud atá oscailte do thíortha nach den Aontas iad. An 11 Bealtaine 2023, rinneadh Ball Comhlach Bunaidh sin den Aontas i leith an chomhaontaithe sin. Beidh an Clár ina thaifead d'fhianaise agus d'eolas maidir le héilimh do na daoine leasmhara agus eintitis dhlíthiúla uile, mar aon le Stát na hÚcráine, i leith damáistí, caillteanais nó scriosta arb iad gníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin nó i gcoinne na hÚcráine is cúis leo, ar gníomhaíochtaí iad atá in aghaidh an dlí idirnáisiúnta.

**'Ná bí i do bholscaire ar son bholscaireacht na Creimile'**, sin feachtas a bhain gradam amach agus atá forbartha ag Ionadaíocht an Choimisiúin sa Bhratasláiv, ina dtugann Darina Chmúrová, a bhíodh ina haisteoir gutha le haghaidh síscéal Rúiseach agus í ina páiste, rabhadh dá comhshaoránaigh gan na 'síscéalta' Rúiseacha státurraithe a chreidiúint sa lá atá inniu ann.


© YouTube

# Smachtbhannaí agus acmhainn cogaíochta na Rúise a lagú

In aghaidh fhogha míleata neamhdhleathach leanúnach na Rúise ar an Úcráin gan údar, seasann an tAontas go diongbháilte lena thiomantas do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.


Go dtí seo tá an tAontas tar éis **11 phacáiste de smachtbhannaí cumhachtacha a fhorghníomhú i gcoinne na Rúise**. Buaileann na smachtbhannaí sin croílár gheilleagar na Rúise, agus iad ag ceilt teicneolaíochtaí agus margaí tábhachtacha uirthi. Ceapadh na smachtbhannaí chun **bac mór a chur ar chumas na Creimile an cogadh a mhaoiniú agus a fhearadh** agus forchuireann siad costais shoiléire eacnamaíocha agus pholaitiúla ar cheannairí na Rúise atá freagrach as an ionradh. Is smachtbhannaí iad sin a chuireann leo siúd atá forchurtha ar an Rúis ó 2014 i leith ó d'ionghabh an Rúis leithinis na Crimé go neamhdhleathach agus ó rinneadh Oirthear na hÚcráine a dhíchobhsú.

Tá cosc ar dhaoine atá ar an liosta smachtbhannaí dul isteach i gcríoch an Aontais nó dul tríd, agus tá a gcuntais bhainc san Aontas go léir reoite. **Tuairiscítear go bhfuil sócmhainní le daoine Rúiseacha san Aontas dar luach €24 bhilliún tar éis a bheith reoite**, agus ina theannta sin, teanntaíodh sócmhainní dar luach breis agus €200 billiún de chuid Bhanc Ceannais na Rúise.

Díreach tar éis an ionraidh, d'aontaigh an tAontas príomhbhainc na Rúise a chur amach as an gcóras SWIFT, an príomhchóras cumarsáide airgeadais ar domhan. Mar gheall ar an mbeart sin, cuireadh cosc ar na bainc sin a n-idirbhearta airgeadais a dhéanamh ar fud an domhain ar bhealach tapa éifeachtúil. Tá beagnach **70 % de shócmhainní chóras baincéireachta na Rúise faoi smachtbhannaí diana anois**.

Cé gur díol maolaithe a bhí sna hioncaim mhóra ola agus gáis sa Rúis le linn na chéad bliana den ionradh, tá **dochar tromchúiseach déanta do gheilleagar na Rúise** mar gheall ar na smachtbhannaí agus tá na hioncaim ó dhíolacháin ola tar éis titim a bhuí leis an gcaidhp phraghais atá curtha i bhfeidhm ag an Aontas, G7 agus an Astráil. Tháinig laghdú breis agus 2 % ar ollioncam intíre (OTI) na Rúise in 2022, agus measann an Eagraíocht um Chomhar

D'aontaigh an tAontas **príomhbhainc na Rúise** a chur amach ó chóras SWIFT




© Adobe Stock

agus Forbairt Eacnamaíochta go dtiocfaidh laghdú breise 2.5 % air faoi dheireadh 2023. An barrachas buiséadach a bhí ann sa chéad leath de 2022, arbh iad na praghsanna arda ola agus gáis ba chúis leis go príomha, scriosadh é sna míonna ina dhiaidh sin, agus bhí easnamh 2.3 % ag an mbuiséad feidearálach faoi dheireadh na bliana.

I bhfianaise an laghdaithe leanúnaigh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus na bpraghsanna fuinnimh íslithe, ní mheastar go dtiocfaidh feabhas ar an staid fhioscach sa ghearrthéarma. Is measa a bheidh éifeachtaí na smachtbhannaí le himeacht ama mar gheall ar thionchar an damáiste fhadtéarma sin ar bhuiséad, margaí airgeadais, infheistíocht eachtrach agus boinn thionsclaíocha agus theicneolaíocha na Rúise.

Mar atá le gach smachtbhanna ón Aontas, leis na cinn a forghníomhaíodh mar gheall ar ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, tá forálacha speisialta iontu maidir le cuspóirí daonnúla agus leighis. Thairis sin, ghlac an tAontas bearta chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ag a smachtbhannaí ar thrádáil in earnálacha atá criticiúil le haghaidh tíortha lasmuigh den Aontas ar fud an domhain, **an tslándáil bia agus fuinnimh mar shampla.**

Sa bhreis ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch atá glactha ag an Aontas, tá smachtbhannaí spriocdhírithe forchurtha aige i gcoinne na ndaoine sin atá freagrach as tacú le bearta a chuireann iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol, nó ina gcoinne siúd a mhaoiníonn bearta den sórt sin nó a chuireann chun feidhme iad.

San iomlán, agus na smachtbhannaí a forchuireadh roimhe seo tar éis ionghabháil neamhdhleathach leithinis na Crimé in 2014 á gcur san áireamh, tá smachtbhannaí forchurtha ag an Aontas ar thart ar **1,800 duine agus eintiteas**.

Cé gur ar an Rúis atá formhór na smachtbhannaí ón Aontas dírithe, glacadh cuid acu i gcoinne **na Bealarúise** freisin, mar fhreagairt ar an bpáirt a ghlac sí san ionradh ar an Úcráin agus chun cosc a chur ar theacht timpeall ar na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise. Cuireadh smachtbhannaí ar **an Iaráin** freisin i ndáil le monarú agus soláthar ladrann a úsáidtear chun ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin.

D'fhorghníomhaigh an tAontas freisin **'clásal chun teacht timpeall a sheachaint'** a chuireann cosc ar shaoránaigh nó ar ghnólachtaí san Aontas teacht timpeall ar na smachtbhannaí go feasach agus d'aon ghnó. Thairis sin, chinn an tAontas sárú ar na bearta sriantacha a chur le liosta coireanna an Aontais atá san áireamh sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rud ar **dul chun cinn suntasach é ó thaobh fhorfheidhmiú na smachtbhannaí de**. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir a mbeidh rialacha íosta inti a bhaineann le cionta cóiriúla a shainiú agus pionóis as sárú bhearta sriantacha an Aontais, cuirfear borradh faoi na hiarrachtaí sin.

Thairis sin, le ceapadh **Toscaire Speisialta an Aontais um fhorfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais**, cuirfear feabhas ar an gcomhordú le tíortha comhpháirtíochta agus cinnteofar nach mbainfidh easpórtálacha ar chuir an tAontas cosc orthu an Rúis amach trí thíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

## Atógáil agus athchóiriú ar chonair Eorpach na hÚcráine

Is tráth cinniúnach don tionscadal Eorpach é an cogadh i gcoinne na hÚcráine. Is ar an Úcráin atá ionsaí Putin dírithe i dtús báire. Is ionsaí do-ghlactha é ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, agus is ar ár luachanna agus ar ár nAontas atá sé dírithe freisin. **Den chéad uair riamh, tá tír chomharsanach faoi ionsaí toisc gur mian léi a bheith mar chuid de theaghlach na hEorpa.** Tá an Rúis ag fearadh cogaidh i gcoinne chinneadh ceannasach na hÚcráine – agus ar an toil a léirigh a muintir go soiléir – bogadh níos gaire don Aontas. Is soiléir agus is láidir ár bhfreagra, agus ní mór dó a bheith buan. Leanfaimid de na hacmhainní

a chur ar fáil don Úcráin chun gur féidir léi í féin a chosaint, agus cuideoimid leis an Úcráin an t-ionróir Rúiseach a bhrú amach as a críoch agus a ceannasacht iomlán a fháil ar ais.

Tá tús curtha cheana féin leis an tacaíocht le haghaidh athchóirithe, téarnamh agus atógáil na hÚcráine. Is san Aontas Eorpach atá todhchaí na hÚcráine, mar a deimhníodh le linn imeachtaí suntasacha amhail **an chéad chruinniú a bhí ann riamh idir Coláiste na gCoimisinéirí agus Rialtas na hÚcráine** a bhí ar siúl an 2-3 Feabhra 2023. Ó mhí an Mheithimh 2022, aithníodh an Úcráin mar thír is iarrthóir ar choinníoll go dtabharfaidh sí faoi athchóirithe tábhachtacha chun í féin a ailíniú le caighdeáin agus noirm an Aontais. Cé go bhfuil sí ag troid i gcogadh eiseach, tá dul chun cinn tapa léirithe ag an Úcráin ó thaobh na gcéimeanna athchóiriúcháin riachtanacha mar a sonraíodh sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht san Aontas.

Is ilghnéitheach iad na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun cuidiú leis an Úcráin. I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne an Coimisiún agus an Ghearmáin, a bhí ina cathaoirleach ar G7 ag an am, comhóstáil ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Saineolaithe maidir le téarnamh na hÚcráine i mBeirlín. Thairis sin, cuireadh tús leis **an Ardán um Chomhordú na nDeontóirí** an 26 Eanáir 2023 chun an tacaíocht dhomhanda a shioncrónú. Is é an t-ardán an chéad cheann dá shórt i stair na cabhrach idirnáisiúnta. Ní raibh croílár aonair ann riamh roimhe seo do na príomhdheontóirí idirnáisiúnta, chun a ráthú go dtabharfar an tacaíocht sin go díreach do na háiteanna is mó a bhfuil gá ag an Úcráin léi. Ní mór iarracht ollmhór idirnáisiúnta a dhéanamh chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine.

I mí an Mhárta 2023, sheol an Coimisiún, i gcomhar le heagraíochtaí Úcránacha, clár fothaithe acmhainneachta **Bauhaus Eorpach Nua** le haghaidh atógáil na hÚcráine.




Cuid shuntasach den iarracht sin is ea an t**Saoráid don Úcráin** atá á moladh, **dar luach €50 billiún** laistigh de bhuiséad an Aontais, agus í beartaithe le haghaidh 2024-2027. I bhfianaise chastacht na ndúshlán a bhaineann leis an atógáil agus leis na hathchóirithe, tá tacaíocht leanúnach ón Aontas ag teastáil ón Úcráin. Tá sé d'aidhm ag an tSaoráid aghaidh a thabhairt ar riachtanais téarnaimh láithreacha agus ar iarrachtaí nuachóirithe sa mheántéarma. Tá na hinfheistíochtaí á gcomhcheangal ar bhealach stuama le hathchóirithe bunathraitheacha chun an Úcráin a threorú ar a haistear Eorpach.




Tá aird ar leith á tabhairt do leanaí na hÚcránaigh arb iad todhchaí na tíre iad. Tá ionsaí na Rúise tar éis dul i bhfeidhm ar 5.7 milliún leanbh in aois scoile agus tá damáiste nó scrios déanta do bhreis agus 2,800 saoráid oideachais. Tá €100 milliún curtha i leataobh ag an gCoimisiún d'**athshlánú scoileanna na hÚcráine agus €14 mhilliún sa bhreis do dheonú na mbusanna scoile**, le tacaíocht bhreise tríd an bhfeachtas 'Busanna scoile don Úcráin' ar fud 11 Bhallstát den Aontas trínar deonaíodh 300 bus chun iompar sábháilte a chinntiú do leanaí Úcránacha.

Chun tacú leis an líon mór mianach agus ordanás neamhphléasctha ar chríoch na hÚcráine a ghlanadh, sholáthair an Coimisiún **maoiniú daonnúil dar luach €3.5 milliún le haghaidh gníomhaíocht i leith mianach** trí eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta. Thairis sin, cuireadh €18 milliún ar fáil tríd **an Ionstraim um Beartas Eachtrach** chun tacú le gníomhaíocht dhaonnúil i leith mianach agus tacaíonn beart cúnaimh dar luach €4 mhilliún ón t**Saoráid Eorpach Síochána** le cumais dímhianúcháin Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí mearfhreagartha a bhfuil buiséad iomlán suas le €25 mhilliún acu sna céimeanna deiridh dá n-ullmhúchán, agus mar chuid díobh sin déanfar trealaimh dímhianúcháin breise a sholáthar chun cur le héifeachtúlacht rialachas na gníomhaíochta i leith mianach.

**Tá teicneoirí mianadóireachta ón gCróit ag comhroinnt a gcuid scileanna cheana féin le saineolaithe ón Úcráin**. Mar iarsma den chogadh sna 1990í, is í an Chróit an t-aon Bhallstát amháin san Aontas a bhfuil a cuid talún fós á dímhianú aici, agus í ag fáil tacaíocht ón Aontas dar luach €120 milliún chuige sin go dtí 2027. Mar gheall ar thaithí phianmhar na Cróite ar an gcogaíocht, tá scileanna luachmhara aici chun cuidiú leis an Úcráin i leith téarnaimh agus atógála.




Saineolaithe diú
agus foirne dímh
ag glanadh mian
neamhphléascth

Tá céimeanna á dtabhairt ag an Aontas freisin **chun a cinntiú go gcúitíonn an Rúis agus a holagarcaí an Úcráin as an scrios**. I mí na Samhna 2022, cuireadh i láthair roghanna chun úsáid a bhaint, ar mhaithe le téarnamh na hÚcráine, as na sócmhainní Rúiseacha reoite dar luach €24 bhilliún in éineacht leis an ioncaim ó na sócmhainní teanntaithe de chuid Bhanc Ceannais na Rúise san Aontas dar luach €200 billiún.Tá an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ag obair ar thogra lena ndéanfaí an Úcráin a chúiteamh as na caillteanais a bhain di. I ndáil leis sin, aon bhearta a roghnaítear, ní mór dóibh prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus an dlí Eorpaigh mar aon le luachanna an Aontais a urramú, go háirithe prionsabal na comhréireachta, agus ní mór dóibh a chur san áireamh an gá le haon iarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú mar aon le haon fhrithbhearta ó thaobh na Rúise.

scartha buamaí
hianaithe
naigh
na de loch.

**Tá ár gcomhar leis an Úcráin dírithe ar shíocháin chóir a bhaint amach.** Ní thugann ár seasamh luach a shaothair don ionsaitheoir ná ní bhaineann sé de chearta mhuintir na hÚcráine smacht a bheith acu ar a gcinniúint féin ach oiread. Thar aon ní eile, ní mór cloí leis an bprionsabal '**ná déantar aon rud maidir leis an Úcráin gan an Úcráin a rannpháirtiú'**.

# Tús a chur le céim nua i dtreo aontú na mór-roinne seo againne

Is maith a thuigimid, muintir na hEorpa, go bhfuil fórsaí lasmuigh den Aontas atá ag iarraidh ár mór-roinn a stróiceadh as a chéile. Tá siad ag iarraidh comhphobail na hEorpa a chur in adharca a chéile. Tá siad ag iarraidh deireadh a chur le brionglóid an teaghlaigh Eorpaigh aontaithe agus, ina ionad sin, an Eoraip a dheighilt ina limistéir tionchair. Sa lá atá inniu ann tá feasacht nua laistigh den Aontas. **Ní mór dúinn an fhreagracht a ghlacadh orainn féin as baill ionchasacha ár nAontais a thabhairt i bhfad níos gaire dúinn.**

Bhuail iarmhairtí chogadh foghach Putin ár sé chomhpháirtí sna **Balcáin Thiar** láithreach, ach is é is toradh air sin go bhfuilimid níos gaire dá chéile dá bharr. Chuireamar na bearta dlúthpháirtíochta céanna ar fáil do na Balcáin Thiar agus atá glactha againn laistigh dár nAontas. Thacaíomar le teaghlaigh leochaileacha na costais arda fuinnimh a sheasamh agus tá bonneagar nua á thógáil againn chun spleáchas an réigiúin ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a laghdú tríd an bPacáiste Tacaíochta Fuinnimh dar luach €1 bhilliún. Tá an comhar praiticiúil sin á chur i bhfeidhm i gcomhthreo leis an dul chun cinn atá déanta ar chonair an réigiúin i dtreo an Aontais.

I mí na Nollag 2022, tionóladh cruinniú mullaigh gan fasach idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i dTiorána agus is sa réigiún sin a reáchtáladh an cruinniú den chéad uair. I mí an Mheithimh 2023, nocht an tUachtarán von der Leyen **plean nua fáis le haghaidh na mBalcán Thiar**, atá bunaithe ar cheithre cholún: na Balcáin Thiar a thabhairt níos gaire do mhargadh aonair an Aontais, comhtháthú eacnamaíoch an réigiúin a dhoimhniú, dlús a chur le hathchóirithe bunúsacha agus na cistí réamhaontais a mhéadú. Ní hamháin go bhfuilimid ag iarraidh ar ár gcomhpháirtithe céimeanna nua a thabhairt inár dtreo; tá céim mhór á tabhairt againne ina dtreosan freisin. Táimid réidh le maoiniú méadaithe a mholadh chun tacú le

cóineasú socheacnamaíoch níos tapa leis an Aontas ar mhaithe le muintir na mBalcán Thiar.

I mí an Mheithimh, ag an dara cruinniú den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen pacáiste tacaíochta nua dar luach €300 milliún chun cuidiú leis **an Moldóiv** aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chogaidh ar a tairseach féin agus dlús a chur lena lánpháirtiú leis an Aontas.

# Cosaint na hEorpa a neartú

In aghaidh fhogha na Rúise ar an Úcráin, tá an tAontas agus ECAT tar éis teacht le chéile go dána agus go diongbháilte. Is é ECAT an chomhghuaillíocht chosanta is láidre ar domhan agus feidhmíonn sé mar bhunchloch de struchtúr slándála na hEorpa. I bhfianaise na bagartha leanúnaí soiléire ón Rúis, **tá ardleibhéal comhair nach bhfacthas roimhe seo bainte amach sa chomhpháirtíocht straitéiseach** idir an tAontas agus ECAT tar éis shíniú an Dearbhaithe Chomhpháirtigh um Chomhar idir an tAontas agus ECAT i mí Eanáir 2023. Leathnaíodh an comhar chun réimsí nua a chumhdach, cuir i gcás teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, an aeráid agus an chosaint, agus an spás.



Ina theannta sin, sheol an tAontas agus ECAT Tascfhórsa idir an tAontas agus ECAT um Athléimneacht an Bhonneagair Chriticiúil ar mhaithe lenár slándáil choiteann a threisiú. Chinn dhá Bhallstát den Aontas dul isteach sa chomhghuaillíocht le déanaí. Tar éis thabhairt i gcrích an phlé aontachais, shínigh an Fhionlainn agus an tSualainn prótacail aontachais ECAT an 5 Iúil 2022. An 4 Aibreán 2023, **chuaigh an Fhionlainn isteach in ECAT go hoifigiúil agus í mar an 31ú Ballstát de**. Mar sin, tá ballraíocht ECAT ag 22 de na 27 mBallstát den Aontas anois.

Ní hamháin go bhfuil níos mó Ballstát tar éis dul isteach in ECAT, tá borradh curtha faoi chomhar chosanta an Aontais freisin. I reifreann an 1 Meitheamh 2022, thacaigh vótálaithe na Danmhairge le ballraíocht a ghlacadh i gcomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh, **rud a chuir deireadh le rogha na Danmhairge gan a bheith páirteach ar feadh 30 bliain i gcomhar cosanta an Aontais**. Mar thoradh air sin, tá an Danmhairg rannpháirteach i gcomhar an Aontais maidir le slándáil agus cosaint ón 1 Iúil 2022, agus chuir sí tús lena rannchuidiú le misin agus oibríochtaí an Aontais sa réimse sin. I mí na Bealtaine 2023, chuaigh an Danmhairg isteach mar an 26ú comhalta de PESCO (an Buanchomhar Struchtúrtha), arb é croílár chomhar cosanta an Aontais é.

Ó bhí 2021 ann, d'éirigh leis an gCoimisiún an **Ciste Eorpach Cosanta** a thionscnamh agus a chur chun feidhme. Go dtí seo, fuair na tionscadail níos mó ná €3 bhilliún d'infheistíocht. In 2023, cuirfidh an ciste €1.2 billiún eile isteach i dtionscadail i réimsí ríthábhachtacha cosanta, cuir i gcás feasacht staide an spáis, diúracáin hipearsonacha a chomhrac agus forbairt fréamhshamhlacha an choirbhéid patróil Eorpaigh.

Tá comhthéacs an mhargaidh ina n-oibríonn tionscal cosanta an Aontais athraithe go mór ó bhris an cogadh amach san Eoraip arís. Bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, tháinig na comhreachtóirí, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, ar chomhaontú polaitiúil i mí an Mheithimh 2023 maidir leis an n**Gníomh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch**, a bhfuil buiséad €300 milliún ag gabháil leis. Leis an rialachán seo, spreagfar Ballstáit an Aontais chun airm a sholáthar go comhpháirteach, rud a chinnteoidh idir-inoibritheacht, barainneacht scála agus tionscal cosanta láidir san Eoraip. Ina theannta sin tá an

**Gníomh mar Thaca le Táirgeadh Lóin Arm** (ASAP) beartaithe chun tacú le borradh a chur faoi acmhainneachtaí monaraíochta chun armlón talamh go talamh agus airtléire, chomh maith le diúracáin, a tháirgeadh.

Ní hamháin gur siombail é an tionscadal **Rail Baltica** don chaoi a bhfuil na Stáit Bhaltacha ag filleadh ar ais ar an Eoraip, ach tá tábhacht eacnamaíoch agus gheostraitéiseach nach beag leis freisin. Meastar go mbainfear tairbhí socheacnamaíocha dar luach €16.2 billiún as athnascadh na Stát Baltach le líonra iarnróid na hEorpa. Ina theannta sin cuireann sé feabhas ar an tslándáil réigiúnach trí iompar mear éifeachtúil trúpaí agus trealaimh tríd an réigiún a éascú.



# 2 Infheistíocht a dhéanamh i rathúnas na hEorpa

Le bliain anuas, léirigh an tAontas cé chomh mór is atá an dúshlán ar féidir linn a shárú nuair a ghníomhaímid le chéile go huaillmhianach. D'éirigh leis an gCoimisiún Eorpach cur i gcoinne chogadh fuinnimh na Rúise in aghaidh gheilleagar an Aontais le REPowerEU, lena ráthaítear ár slándáil fuinnimh trí sholáthair éagsúlaithe ó chomhpháirtithe iontaofa, cúltaiscí gáis atá líonta go maith, coigilteas fuinnimh, agus méadú agus luathú ar chur in úsáid foinsí in-athnuaite. Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair chun **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** a chur chun feidhme, táimid ag daingniú staid an Aontais mar cheannaire sa rás i dtreo na glan-nialasachta. Táimid ag tabhairt tús áite do scileanna agus do phoist, ag tabhairt ár ngeilleagar margaidh sóisialta cothrom le dáta agus ag múnlú aistriú digiteach atá daonlárnach san Eoraip. Sa chomhthéacs sin, sheolamar **Bliain Eorpach na Scileanna** chun spreagadh nua a thabhairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus muid ag tacú le daoine agus le gnólachtaí ionas gur féidir leo rannchuidiú go hiomlán leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

Thugamar isteach bearta chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas, le tacaíocht ón maoiniú €800 billiún de chuid **NextGenerationEU** le haghaidh infheistíochta agus athchóirithe. Ina theannta sin ghlac an Coimisiún clár oibre 2023-2024 le haghaidh **Fís Eorpach** – an clár maoiniúcháin is mó ar domhan le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Agus buiséad thart ar €13.5 billiún aige, cuirfidh an clár oibre seo ar a gcumas do thaighdeoirí agus nuálaithe réitigh a shaothrú ar na dúshláin shuntasacha chomhshaoil, fuinnimh, dhigiteacha agus gheopholaitiúla atá roimh ár ngeilleagair agus ár sochaithe sa lá atá inniu ann. Tá **cistí beartais chomhtháthaithe** an Aontais, ar fiú €392 bhilliún don tréimhse 2021-2027 iad, ag cuidiú i gcónaí le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú san Aontas Eorpach, mar shampla trí mhíchothromaíochtaí idir tíortha agus idir réigiúin a cheartú. Ar fud an domhain, seasaimid le luachanna agus leasanna Eorpacha trí infheistíocht **Global Gateway**, lena dtugtar tús áite do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le tíortha daonlathacha iontaofa.

Tá ról lárnach ag **buiséad an Aontais** ó thaobh tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach. Ó glacadh an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) reatha, tá roinnt tosaíochtaí nua tagtha chun cinn fad is atá solúbthachtaí laistigh de CAI á n-ídiú. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún athbhreithniú spriocdhírithe ar CAI ionas gur féidir le buiséad an Aontais a chuid spriocanna a bhaint amach go dtí deireadh na tréimhse 7 mbliana.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an athbhreithnithe: tacaíocht don Úcráin, an imirce a bhainistiú, comhpháirtíochtaí le tíortha tábhachtacha nach Ballstáit iad a neartú agus aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí, Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí criticiúla, chomh maith le modhanna éifeachtúla chun freastal ar an méadú ar chostais iasachtaíochta NextGenerationEU agus chun a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh. Ina theannta sin, mhol an Coimisiún acmhainní dílse nua chun caiteachas bhuiséad an Aontais a chosaint.

# REPowerEU

## Fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe don Eoraip

## FUINNEAMH A CHOIGILT

Trínár laghdú ar an éileamh ar ghás a chomhordú




**17.7 %**

**Laghdú ar an éileamh** idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023

**52.8 bcm(*)**

gáis **coigilte**

**90 %**

an **céatadán d'acmhainneachtaí stórála gáis a bhí lán** faoi Lúnasa 2023


## ARDÁN FUINNIMH AN AONTAIS

Faoi mhí Iúil 2023, mheall an chéad dá thairiscint de chuid an Aontais maidir le ceannach comhpháirteach gáis **40** soláthróir idirnáisiúnta a bhí in ann méid gáis níos mó ná **33.9 bcm** a sholáthar le chéile. Is sárú níos mó ná 23 % é sin ar éileamh comhiomlán comhcheangailte an Aontais (**27.5 bcm**).

## ÁR SOLÁTHAR A **ÉAGSÚLÚ**


Trí cheannach coiteann gáis agus soláthraithe iontaofa nua

### CÉATADÁN NA N-IOMPÓRTÁLACHA GÁIS Ó PHÍBLÍNE NA RÚISE D'IOMLÁN GHÁS AN AONTAIS




Príomhsholáthróir reatha an Aontais Eorpaigh: **an Iorua**

### GNL




Príomhsholáthróir GNL reatha an Aontais Eorpaigh: **SAM**

## INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH I bh**FOINSÍ IN-ATHNUAITE**

Dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh níos inbhuanaithe agus níos saoire

### CUR IN ÚSÁID FOINSÍ IN-ATHNUAITE (2022)

### LEICTREACHAS A GINEADH (2022)




(*) bcm = billiún méadar ciúbach


# REPowerEU agus ár neamhspleáchas fuinnimh a fháil ar ais

Ní hamháin gur chuir an Rúis cogadh ar an Úcráin trí sholáthair fuinnimh a úsáid mar arm, ach chuir sí cogadh ar gheilleagar na hEorpa freisin. Le REPowerEU, tá sé d'aidhm againn deireadh a chur lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. **Sna chéad 8 mí den chogadh, d'éirigh linn foinsí eile a chur in ionad níos mó ná 70 bcm den ghás píblíne a bhíomar a fháil ón Rúis.** In 2023, tiocfaidh níos lú ná 10 % dár n-allmhairí gáis iomlán ó phíblínte na Rúise. Líonamar cúltaiscí gáis na hEorpa go dtí na leibhéil is airde riamh, breis agus 95 %, rud a sháraigh ár sprioc de 80 % faoi 1 Samhain 2022. Chuireamar an séasúr téimh dínn le 55 % den acmhainneacht stórála fós líonta, agus bhí ár n-acmhainn stórála gáis 90 % lán faoi Lúnasa 2023. Choiglíomar fuinneamh agus laghdaíomar ár dtomhaltas gáis 18 % idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, rud a sháraigh an sprioc deonach mar atá laghdú 15 %. Trínár gcóras smachtbhannaí, chuireamar deireadh le hiompórtáil guail ón Rúis agus ghearramar go mór iompórtálacha ola ón Rúis.

Bhí prionsabal na **dlúthpháirtíochta** lárnach inár bhfreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh, agus tá sé ina phríomhghné fós. Bhunaíomar socruithe dlúthpháirtíochta réamhshocraithe maidir le soláthar gáis idir na Ballstáit agus thugamar isteach creat dlíthiúil lenar cuireadh ar a gcumas dóibh brabúis amhantair na ngnólachtaí a tháirgeann fuinneamh a athchuspórú chun tomhaltóirí a chosaint ar phraghsanna arda fuinnimh.

Leis an meon céanna dlúthpháirtíochta agus comhair, bhunaigh an Coimisiún **Ardán an Aontais um Cheannach Fuinnimh** chun an chéad cheannach comhpháirteach gáis a eagrú do na Ballstáit, in éineacht leis an tSeoirsia, leis an Moldáiv, leis an Úcráin agus le tíortha na Balcán thiar. Chuir an ceannach comhpháirteach sin ar ár gcumas dúinn leas a bhaint as ár neart comhchoiteann polaitiúil agus margaidh chun ár dtionchar margála a mhéadú agus soláthar gáis agus GNL a chinntiú trí éileamh a chomhthiomsú agus soláthróirí a mhealladh.

## Teacht chun cinn na bpraghsanna **gáis agus leictreachais**




Foinse: © An Coimisiún Eorpach (Bunaithe ar S&P Global Commodity Insights)
Nóta: Is éard atá sna praghsanna gáis meánluach seachtainiúil TTF an lá roimh ré. Is éard atá sna praghsanna leictreachais meán ualaithe seachtainiúil na margaí is mó san Aontas

Cuireann an comhiomlánú éilimh agus an sásra um cheannach comhpháirteach cosc ar ghnólachtaí an Aontais a bheith ag ceantáil ar a chéile ar an margadh domhanda. Ina theannta sin cuireann sé le hathlíonadh na gcúltaiscí gáis, le 15 % ar a laghad d'acmhainneacht stórála na mBallstát faoi réir comhiomlánú éilimh (thart ar 13.5 billiún méadar ciúbach de ghás). Mar thoradh ar an gcéad dá bhabhta tairisceana in 2023 rinneadh méid comhcheangailte de 22.9 billiún méadar ciúbach de ghás a mheaitseáil le héilimh custaiméirí. Chun cur leis an rath sin, eagrófar dhá thairiscint eile in 2023.

Is é WindFlo Atlantic **an chéad fheirm ghaoithe ar snámh i mór-roinn na hEorpa**, agus í suite amach ó chósta Viana do Castelo na Portaingéile. Le toilleadh suiteáilte 25MW agus táirgeadh leictreachais 78GWh, cuireann sí fuinneamh glan ar fáil do bhreis agus 25,000 teaghlach.



De bharr go bhfuilimid ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa bhíomar in ann cuid mhór den ghás ba ghnách linn a iompórtáil ón Rúis a fháil áit éigin eile. Is í **an Iorua** ár bpríomhsholáthróir gáis anois, agus is iad **Stáit Aontaithe Mheiriceá** ár mórsholáthróir gáis nádúrtha leachtaithe, tar éis dúinn ár dTascfhórsa Comhpháirteach um Shlándáil Fuinnimh a bhunú anuraidh. Tá meabhráin tuisceana tugtha i gcrích againn le comhpháirtithe fuinnimh iontaofa, an Éigipt, Iosrael agus an Asarbaiseáin san áireamh i measc comhpháirtithe eile, chun ár slándáil fuinnimh a neartú agus chun dul i dtreo comhar maidir le fuinneamh glan.

Ag an am céanna, chuireamar feabhas ar ár mbonneagar fuinnimh trí idirnaisc agus saoráidí iompórtála a neartú agus a n-úsáid a optamú. Tháinig ceithre **phríomhidirnascaire** gáis i bhfeidhm i mbliana: an Píobán Baltach, an t-idirnascaire idir an Pholainn agus an Liotuáin, an t-idirnascaire idir an Bhulgáir agus an Ghréig agus an t-idirnascaire idir an Pholainn agus an tSlóvaic.

Agus ár neamhspleáchas ar iompórtálacha fuinnimh na Rúise á laghdú go mór againn, táimid tar éis cur go mór leis an ngealltanas Eoraip níos fearr a fhágáil don ghlúin a thiocfaidh inár ndiaidh. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an bhfuinneamh in-athnuaite le linn na géarchéime breosla iontaise. In 2022, mhéadaíomar **faoi dhó cur in úsáid breise na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh ar fud an Aontais**. Rinneadh 41 ghigeavata d'acmhainneacht nua grianfhuinnimh, méid nach bhfacthas a leithéid roimhe, a shuiteáil, agus tháinig méadú 15 ghigeavata ar an acmhainneacht cumhachta gaoithe, rud a fhágann nach bhfuil gá le thart ar 12 bhilliún méadar ciúbach de ghás ón Rúis. Den chéad uair riamh, **táirgeadh níos mó leictreachais ó fhuinneamh gaoithe agus gréine in 2022 ná mar a táirgeadh ó ghás**. Ar an gcaoi sin, ní hamháin gur éirigh linn stop a chur leis an méadú in astaíochtaí $CO_2$, ach d'éirigh linn iad a laghdú 2.5 %. Sheas an tAontas an fód go daingean maidir lena spriocanna aeráide, fiú le linn géarchéime. Tacaíonn beagnach naonúr as gach deichniúr Eorpach le hiarrachtaí an Aontais dícharbónú a bhaint amach.

Osclaíodh **an córas téimh geoiteirmeach is mó san Aontas Eorpach** go hoifigiúil níos luaithe i mbliana in Szeged na hUngáire, córas a chuireann fuinneamh inacmhainne ar fáil do bhreis agus 28,000 teaghlach agus breis agus 400 foirgneamh phoiblí. Ní hamháin go gcuireann an tionscadal, atá á chómhaoiniú ag an Aontas, fuinneamh glan agus inacmhainne ar fáil, ach cuidíonn sé leis an Ungáir éagsúlú ó ghás na Rúise. Tá cónaí ar níos mó ná 25 % de dhaonra an Aontais i limistéir a bhfuil acmhainní geoiteirmeacha leordhóthanacha iontu chun 'samhail Szeged' a mhacasamhlú.




Faoi Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, tá sé beartaithe tuilleadh dlús a chur le cur in úsáid an ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh. Mar ghné ríthábhachtach den tionscnamh REPowerEU, tá an straitéis sin ceaptha chun breis agus 320 gigeavata de shuiteálacha nua grianfhuinnimh fhótavoltaigh a thabhairt i bhfeidhm faoi 2025 – sin breis agus dhá oiread an leibhéil reatha – agus beagnach 600 gigeavata faoi 2030. Ina theannta sin **chuir muid borradh struchtúrach faoin bpróiseas ceadaithe le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite**. Cuireadh roinnt tionscadal fuinnimh ar bun ar fud an Aontais chomh sciobtha sin nach raibh an próiseas ceadaithe in ann coinneáil suas leis. Mar thoradh air sin, mholamar bearta chun dlús mór a chur leis an bpróiseas.

Tá trí **réigiún bainte guail sa tSeicia á n-aistriú 'ina ngleannta hidrigine'**. Le cuidiú ón gCiste um Aistriú Cóir, tá Moravskoslezský, Ústecký agus Karlovarský ag tógáil slabhraí luacha ó cheann go ceann chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh, a stóráil, agus a úsáid, go háirithe san earnáil iompair.



Ag féachaint chun tosaigh, feictear dúinn gur príomhionstraim í an hidrigin chun ár ngeilleagar agus ár dtionscal a dhícharbónú. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta maidir le **geilleagar domhanda hidrigine** a fhorbairt. Tá na comhreachtóirí fós ag obair ar phacáiste hidrigine agus dícharbónaithe gáis, lena mbunófar creat don gheilleagar hidrigin atá ag teacht chun cinn, ach tá rialacha ag an Aontas anois a thugann sainmhíniú ar an hidrigin in-athnuaite.

Thairis sin, shínigh an Coimisiún, tionscal na hidrigine, an pobal eolaíochta agus réigiúin an Aontais dearbhú comhpháirteach an 1 Márta 2023 ina raibh gealltanas dlús a chur leis an ngníomhaíocht chomhpháirteach maidir le taighde ar ghleannta hidrigine agus maidir le, forbairt, taispeántas agus bunú na ngleannta sin.

Níl in REPowerEU ach an tús. Táimid **ag cur dlús leis an aistriú chuig fuinneamh glan trí chur chun feidhme NextGenerationEU**, lena gcuirtear beagnach €270 billiún ar fáil do na Ballstáit chun gur féidir leo a n-infheistíocht agus a n-athchóirithe beartaithe a chur chun feidhme. San áireamh leis sin tá fuinneamh in-athnuaite a leathnú, feithiclí níos glaise agus iompar poiblí níos glaise a rolláil amach agus ár bhfoirgnimh agus spásanna poiblí a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Thairis sin, tá bearta eisceachtúla nua, bearta SAFE (Tacú le Fuinneamh Inacmhainne), cruthaithe ag an gCoimisiún faoin mbeartas comhtháthaithe, laistigh de chreat REPowerEU, chun **cuidiú le saoránaigh leochaileacha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide dul i ngleic le billí arda fuinnimh** trí suas le €40 billiún de chistí neamh-leithdháilte a athchuspórú.

Cuireann an **clár infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe** (ISDE) atá á mhaoiniú ag plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre fóirdheontais suas le 30 % ar fáil chun teaschaidéil mionscála, coirí grianfhuinnimh, bearta inslithe, agus naisc líonra teasa a shuiteáil. Tá an-tóir ar an scéim i measc saoránach agus gnólachtaí beaga, mar gheall ar na billí fuinnimh níos ísle agus na sochair chomhshaoil a bhaineann léi.



# Dlús a chur leis an gComhaontú Glas don Eoraip

Chuir Coimisiún von der Leyen an Comhaontú Glas don Eoraip chun tosaigh in 2019 agus táimid dílis ó shin don athrú aeráide a chomhrac, d'fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht acmhainne, do chailliúintí bithéagsúlachta a aisiompú agus don truailliú a laghdú, gan duine ar bith a fhágáil ar lár. Anois, breis agus 3 bliana ó thosaíomar, agus d'ainneoin dhá ghéarchéim dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh, **rinneadh tograí d'fhormhór na dtionscnamh agus rinne na comhreachtóirí dlí de chomhaontuithe i bhformhór na réimsí sin, nó tá dul chun cinn á dhéanamh acu i dtaca leis sin**, agus tá mórthionscnaimh ag teacht chun cinn cheana féin. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún saineolas ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme chun cuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Le 3 bliana anuas tugadh tacaíocht do thart ar 150 athchóiriú maidir leis an aistriú glas sna Ballstáit uile.

## *Aeráid agus fuinneamh*

Ón tús, cuireadh i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip nach mór an t-aistriú a bheith cóir agus cuimsitheach, nach mór daoine a chur chun tosaigh agus **an tAontas Eorpach a iompú ina shochaí chothrom rathúil.** Tá aird chuí á tabhairt ar na réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú aeráide agus an t-aistriú fuinnimh difear dóibh. Tá tús curtha freisin le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir, an ionstraim chríochbhunaithe de chuid an bheartais chomhtháthaithe atá tiomnaithe don dícharbónú, le haghaidh réigiúin atá ag cur deireadh de réir a chéile le breoslaí iontaise. Tacóidh an €19 mbilliún d'fhóirdheontais a ghabhann leis le réigiúin ar mór a lorg carbóin agus atá spleách ar bhreoslaí iontaise ar fud na mBallstát. In éineacht leis an dá ionstraim eile de chuid an tSásra um Aistriú Cóir, cuideoidh infheistíocht dar luach breis agus €55 bhilliún leis na réigiúin sin a ngeilleagair a athdhíriú agus a éagsúlú, agus cuideoidh sé le hoibrithe scileanna a fháil a chinnteoidh go mbeidh rochtain acu ar na poist nua a chruthófar.

I mí an Mheithimh 2023, **cuireadh tús leis an gcéad tionscadal de chuid an Chiste um Aistriú Cóir in Narva na hEastóine**. Is éard atá ann saoráid nua um scagadh maighnéad tearcithreach le haghaidh feithiclí leictreacha – an chéad saoráid dá leithéid lasmuigh den Áise. Tá sé nasctha le mianach nua sa Ghraonlainn, rud a fhágann gurb é an chéad slabhra soláthair mianach-go-scaglann san Eoraip é.



Go luath ina shainordú, tríd an **Dlí Aeráide Eorpach**, réitigh an Coimisiún an bealach don Aontas Eorpach a bheith ar an gcéad mhór-roinn a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, ar bhealach atá cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de. Chuireamar i láthair **an pacáiste 'Oiriúnach do 55'**, pacáiste uaillmhianach cuimsitheach de thograí reachtacha atá ceaptha chun beartais an Aontais i réimse na haeráide, an fhuinnimh, na húsáide talún, an iompair agus an chánachais a ailíniú leis an gcuspóir de ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030.

San áireamh le 'Oiriúnach do 55' tá **córas athbhreithnithe trádála astaíochtaí de chuid an Aontais**, ar bunchloch é de bheartais an Aontais maidir leis an aeráid. Na hioncaim ón gcóras trádála astaíochtaí seachas na cinn a moladh a bheith ina n-acmhainní dílse nua do bhuiséad an Aontais, déantar iad a athinfheistiú san aistriú fuinnimh. Chun aistriú cóir a bhaint amach, cuirfidh an **Ciste Aeráide Sóisialta** tacaíocht airgeadais ar fáil freisin do shaoránaigh agus gnólachtaí leochaileacha. Agus buiséad suas le €86.7 billiún aige (ranníocaíocht €65 bhilliún ón Aontas san áireamh), tacóidh an ciste le teaghlaigh, gnólachtaí beaga agus úsáideoirí iompair atá leochaileach i mBallstáit den Aontas idir 2026 agus 2032. San áireamh sa phacáiste cuimsitheach reachtaíochta comhaontaithe sin tá rialachán athbhreithnithe maidir le comhroinnt dícheall agus an rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht, agus reachtaíocht athbhreithnithe a bhfuil spriocanna méadaithe ag gabháil léi maidir le fuinneamh in-athnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Tá spriocanna ann chomh maith chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a thabhairt amach de réir a chéile, chomh maith leis an mbonneagar luchtaithe is gá, agus rialacha nua maidir le húsáid breoslaí inbhuanaithe do longa agus d'eitleáin. Tá creat an Aontais maidir le laghduithe astaíochtaí ailínithe anois le sprioc 2030 sa **Dlí Aeráide Eorpach**.

**Tá sé fíor-riachtanach táirgeadh cruach a dhícharbónú don aistriú glas.** I mí Aibreán 2023, chinn an t-astaíre is mó san Ostair d'astaíochtaí $CO_2$, is é sin an monaróir cruach Voestalpine, infheistíocht €1.5 billiún a dhéanamh chun aistriú ón bhfoirnéis soinneáin atá an-truaillitheach go dtí an stuafhoirnéis leictreach le tacaíocht ón Aontas. Cuirfear tús le lántáirgeadh in 2027, agus cuideoidh sé le suas le 4 mhilliún tona d'astaíochtaí $CO_2$ a choigilt in aghaidh na bliana, sin 5 % d'astaíochtaí bliantúla na hOstaire.



© Getty Images

San am céanna, cinnteoidh an **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha** praghsáil chóir ar astaíochtaí carbóin a bhaineann le táirgeadh earraí atá dian ar charbón a iompórtáiltear isteach san Aontas, rud a spreagfaidh táirgeadh tionsclaíoch níos glaine i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Ar dtús beidh feidhm ag an sásra maidir le táirgí sonracha i gcuid de na hearnálacha is déine ar charbón: earnáil an iarainn agus na cruach, an earnáil stroighne, earnáil na leasachán, earnáil an leictreachais agus earnáil na hidrigine. Tiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcéim idirthréimhseach, an 1 Deireadh Fómhair 2023, agus beidh feidhm ag an gcóras buan ó 2026 ar aghaidh.

Glacadh na g**caighdeán athbhreithnithe maidir le $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, an rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha** agus na **rialacháin 'fuel EU maritime' agus 'refuel EU aviation'**, is clocha míle tábhachtacha iad sin i ndícharbónú earnáil iompair an Aontais. Líonra iomlán idir-inoibritheach agus so-úsáidte de phointí athluchtaithe agus stáisiúin athbhreoslaithe ar fud an Aontais a bhunú, in éineacht le spriocanna ceangailteacha le haghaidh breoslaí inbhuanaithe do na hearnálacha eitlíochta agus muirí, sin dhá ní a laghdóidh glanastaíochtaí gás ceaptha teasa agus a spreagfaidh glacadh feithiclí, soithí agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha. Tá sé ríthábhachtach anois freisin teacht ar chomhaontú go tapa maidir le caighdeáin $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair.

An lá tar éis aitheasc Staid an Aontais, beidh an tUachtarán von der Leyen i gCóbanhávan áit a mbronnfar uirthi teideal na máthar báistí ar an g**céad long coimeádán lasta riamh ar domhan a bhreoslófar le meatánól glas**. Léiríonn an ócáid sin cumhacht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip an tionscal a dhreasú chun dícharbónú agus dul i mbun nuálaíochta. Faoi 2030, is le breoslaí glasa a chumhachtófaí an ceathrú cuid d'fhlít Maersk, agus is suntasach an méid sin i bhfianaise go ndéantar 90 % den trádáil dhomhanda a iompar ar muir.



Is gné lárnach dár mbeartas fuinnimh é dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, agus é mar aidhm againn ár gcuspóirí 'Oiriúnach do 55' a bhaint amach. Leis an gcomhaontú faoin athbhreithniú ar an **treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite** leagtar síos sprioc i dtaca le fuinneamh in-athnuaite ar fud an Aontais, is é sin 42.5 %, agus é mar uaillmhian 45 % a bhaint amach.

Ina theannta sin leagann sé síos spriocanna earnálacha chun a chinntiú go nglacfaidh gach réimse den gheilleagar leis an aistriú chuig fuinneamh glan trí aistriú chuig foinsí in-athnuaite nuair is féidir. Mar sin féin, is é an fuinneamh is tíosaí an fuinneamh nach n-úsáidtear ar chor ar bith. Le déanaí, tháinig an tAontas ar chomhaontú i dtaca leis an **treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh**, agus leag sé síos sprioc chun coigiltis 11.7 % a bhaint amach faoi 2030. Cuideoidh an sprioc sin le breoslaí iontaise a chéimniú amach de réir a chéile, agus san am céanna laghdóidh sé billí fuinnimh do thomhaltóirí.

I bhfianaise gurb iad foirgnimh is cúis le thart ar 40 % de thomhaltas fuinnimh an Aontais, tá caibidlíocht fós ar siúl faoin **treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**. Díríonn togra an Choimisiúin ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfoirgneamh is lú éifeachtúlacht.

Tá níos mó i gceist leis an gComhaontú Glas don Eoraip ná reachtaíocht. Ag **Taispeántas Débhliantúil Ailtireachta na Veinéise i mbliana, ócáid a bhí ar siúl faoin téama 'Saotharlann na Todhchaí'**, leag an tAontas béim ar an Bauhaus Eorpach Nua, tionscnamh a nascann an Comhaontú Glas don Eoraip lenár spásanna maireachtála agus lenár n-eispéiris.



Ar an iomlán, beidh gá le hinfheistíochtaí breise de bhreis agus €620 billiún in aghaidh na bliana chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus REPowerEU a bhaint amach chomh maith le hinfheistíochtaí €92 bhilliún go dtí 2030 chun cuspóirí an ghnímh um an tionscal glan-nialasachta a bhaint amach. Caithfidh formhór na hinfheistíochta sin teacht ó chistiú príobháideach. Sin é an fáth ar chuir an Coimisiún pacáiste nua beart chun cinn i mí an Mheithimh 2023 chun tógáil ar bhunchlocha chreat an Aontais don mhaoiniú inbhuanaithe agus chun an bonn sin a neartú. Chuir an Coimisiún gníomhaíochtaí nua le **tacsanomaíocht an Aontais** agus mhol sé rialacha nua maidir le **soláthróirí rátála comhshaoil, sóisialta agus rialachais**, rud a chuirfidh leis an trédhearcacht sa mhargadh le

haghaidh infheistíocht inbhuanaithe. Tá sé d'aidhm ag an bpacáiste freisin a chinntiú go n-oibreoidh an creat maoiniúcháin inbhuanaithe do ghnólachtaí ar mian leo infheistíocht a dhéanamh ina n-aistriú chuig an inbhuanaitheacht. I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún na **Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaithe** arb é is aidhm dóibh ardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais chomh maith le trédhearcacht a chinntiú, agus ualach tuairiscithe na ngnólachtaí a choinneáil inláimhsithe san am céanna. Tá na caighdeáin curtha in oiriúint do bheartais an Aontais, agus iad ag tógáil ar thionscnaimh idirnáisiúnta i leith caighdeánú agus ag cur leo freisin.

## *Tionscal agus nuálaíocht*

Chun coinneáil suas leis an rása i dtreo na glan-nialasachta, agus chun borradh a chur faoi iomaíochas thionscal an Aontais, d'fhoilsigh an Coimisiún **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** an 1 Feabhra 2023. Féachann an Plean sin le timpeallacht a chruthú atá níos fabhraí ó thaobh neartú a dhéanamh ar acmhainneacht monaraíochta an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ag teastáil chun cuspóirí uaillmhianacha comhshaoil an Aontais a bhaint amach.



An 9 Márta 2023 ghlac an Coimisiún **creat nua sealadach um ghéarchéim agus aistriú** chun bearta tacaíochta a chothú in earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagar glan-nialasach. In éineacht leis an leasú ar an rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine, cuireann an creat seo ar a gcumas do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi rialacha maidir le Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a chuireann dlús le hinfheistíocht agus maoiniú le haghaidh tháirgeadh na teicneolaíochta glaine san Aontas. Go dtí seo, tá breis agus 320 cinneadh glactha ag an gCoimisiún maidir le tacaíocht don gheilleagar le linn na géarchéime geopholaitiúla atá ann faoi láthair, agus meastar gur breis agus €740 billiún é méid na cabhrach formheasta atá i gceist leo.

Níos déanaí i mí an Mhárta, tugadh isteach na **trí thogra bhunúsacha** don timpeallacht rialaitheach a luaitear i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais: an **gníomh um amhábhair chriticiúla**, an **gníomh um an tionscal glan-nialasachta** agus an t-athchóiriú ar an gcaoi a bhfuil an **margadh leictreachais** deartha, rud a chinnteoidh go mbainfidh an tionscal agus na tomhaltóirí leas as an aistriú glas.

Le linn chuairt an Uachtaráin von der Leyen ar Washington, D.C., i mí an Mhárta, chomhaontaigh sí féin agus Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, **naisc eacnamaíocha idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** a neartú chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide ar bhonn comhoibríoch, borradh a chur faoi earnáil na teicneolaíochta glaine, agus slabhraí soláthair teicneolaíochta glaine slána, athléimneacha agus éagsúlaithe a bhunú. D'aontaigh an dá pháirtí go bhféadfadh comhar trasatlantach poist mhaithe a chruthú agus timthriallta nuálaíochta a chothú lena laghdaítear costais a bhaineann leis an teicneolaíocht fuinnimh ghlain ar fud an domhain, rud a chuideodh le haistriú fuinnimh cóir domhanda a chur chun cinn nach bhfágfar aon phobal ar lár ann.

Cuideoidh an **gníomh um amhábhair chriticiúla** linn rochtain a chinntiú ar ábhair inbhuanaithe, tearc-chréanna san áireamh, atá ríthábhachtach chun na príomhtheicneolaíochtaí a mhonarú. Tá amhábhair chriticiúla ríthábhachtach le haghaidh réimse leathan earnálacha straitéiseacha, mar shampla monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasacha amhail ceallraí, an tionscal digiteach agus an t-aeraspás, agus na hearnálacha sláinte agus cosanta. Ós rud é go meastar go dtiocfaidh borradh suntasach ar an éileamh ar amhábhair chriticiúla, agus i bhfianaise go bhfuil an tAontas an-spleách faoi láthair ar thíortha áirithe nach Ballstáit

den Aontas iad, ní mór don Aontas na rioscaí do na slabhraí soláthair a mhaolú chun feabhas a chur ar an athléimneacht eacnamaíoch agus chun uathriail straitéiseach oscailte a neartú. Leagfaidh an tAontas síos tosaíochtaí soiléire, éascóidh sé ceadú éifeachtúil do thionscadail, cinnteoidh sé slabhraí soláthair athléimneacha, maolóidh sé rioscaí, oibreoidh sé le comhpháirtithe agus déanfaidh sé infheistíocht i dtaighde, nuálaíocht agus scileanna. Thairis sin, tá sé cruthaithe ag an Aontas go bhfuil sé tiomanta go mór d'earnáil na gceallraí, tríd an earnáil sin a fhás ó fhíorbheagán táirgthe ceallraí in 2017, go hearnáil thionsclaíoch a bhfuil 30 gigeamhonarcha fógartha aici agus tuairim is 70 GWh de thoilleadh suiteáilte in 2022.

An samhradh seo d'oscail an Fhrainc **a céad mhonarcha ceallraí carranna leictreacha** in Billy-Berclau, i réigiún thuaidh Hauts-de-France, a bhuí le hinfheistíocht phoiblí €850 milliún. Mar chuid de thionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gCoitinne maidir le táirgeadh ceallraí, neartóidh sé ár neamhspleáchas straitéiseach trí 2.5 milliún ceallra a tháirgeadh in aghaidh na bliana agus trí níos mó ná 2,000 post nua díreach a chruthú faoi 2030.


© Getty Images

Is é is aidhm leis an n**gníomh um an tionscal glan-nialasachta** monaraíocht intíre na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhéadú, feabhas a chur ar iomaíochas bhonn tionsclaíoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus feabhas a chur ar athléimneacht fuinnimh an Aontais.

Tá rún daingean againn a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig an teicneolaíocht ghlan agus fás glas agus poist ghlasa a chur ar fáil dár saoránaigh. Leagann an gníomh amach cuspóirí le haghaidh acmhainneacht thionsclaíoch ghlan-nialasach agus cuireann sé ar fáil creat rialaitheach atá oiriúnach dá chur in úsáid mear, rud a chinnteoidh ceadú simplithe agus tapa agus a chuirfidh chun cinn éagsúlacht uirlisí, mar shampla ionaid ilfhreastail; tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta; coinníollacha tacaíochta poiblí atá fabhrach don éagsúlú agus d'ardchaighdeáin chomhshaoil; acadaimh ghlan-nialasachta le haghaidh scileanna; agus boscaí gainimh rialála le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha.

Níl dearadh an mhargaidh leictreachais oiriúnach don fheidhm a thuilleadh, cé gur bhain tomhaltóirí na hEorpa leas as ar feadh na mblianta. Léirigh an ghéarchéim breoslaí iontaise dúinn an tionchar iomarcach atá ag an ngás ar phraghsanna leictreachais. Ar iarraidh ó Chinn Stáit nó Rialtais an Aontais, ghlac an Coimisiún **athchóiriú fadtéarmach ar dhearadh an mhargaidh leictreachais** chun borradh a chur faoi fhoinsí in-athnuaite, cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus feabhas a chur ar an iomaíochas tionsclaíoch. Beidh sé d'aidhm ag an athchóiriú seo billí tomhaltóirí a dhéanamh níos neamhspleáiche ó luaineacht na margaí gearrthéarmacha, infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, cearta tomhaltóirí a fheabhsú agus margaí a chosaint ar ionramháil a d'fhéadfadh a bheith ann.

I mí an Mheithimh 2023, mhol an Coimisiún **Ardán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip** a chur ar bun i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais maidir le teicneolaíochtaí criticiúla, i réimsí na dteicneolaíochtaí digiteacha, doimhne agus glana

agus na mbiththeicneolaíochtaí. Ar mhaithe le cur in úsáid tapa agus éifeachtach ar an láthair a bhaint amach, chuirfeadh an t-ardán seo leis na hionstraimí atá ann cheana, InvestEU, an Ciste don Nuálaíocht, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus an Ciste Eorpach Cosanta san áireamh, agus thabharfadh sé isteach ag an am céanna solúbthacht agus dreasachtaí nua do chistiú comhtháthaithe i réigiúin lagfhorbartha agus réigiúin aistrithe agus don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tugtar isteach leis freisin an séala Ceannasachta — lipéad cáilíochta an Aontais Eorpaigh do thionscadail cheannasachta.

## *An dúlra agus an comhshaol*

Léiríonn na falscaithe, na tuilte agus na stoirmeacha ar fud na hEorpa le roinnt míonna anuas a thábhachtaí atá sé an dúlra a athbhunú ar fud an Aontais agus ár dtimpeallacht nádúrtha a chumasú chun cabhrú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Tá an chaibidlíocht chun bailchríoch a chur ar an **Dlí um Athbhunú an Dúlra** ar siúl tar éis don Chomhairle agus don Pharlaimint a seasaimh féin a ghlacadh i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2023. Is céim thábhachtach é chun na tionchair is measa den athrú aeráide agus den chaillteanas bithéagsúlachta a chosc agus a chomhrac, triomach agus tuilte, mar shampla, agus tá sé i gcomhréir leis an gcomhaontú stairiúil a tugadh i gcrích i mí na Nollag 2022 maidir le **Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming–Montreal**.

Comhlánaítear na bearta sin le pacáiste an 5 Iúil 2023 maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, go háirithe an togra maidir le **monatóireacht ar ithir, na tograí maidir le teicnící géanómaíocha nua, ábhar atáirgthe plandaí agus foraoise** agus an togra maidir le **cur amú bia a laghdú**, a bhfuil acmhainneacht ollmhór acu cur le córais agraibhia inbhuanaithe.

I gceann de na tionscadail chomhshaoil is mó san Eoraip, **tá Éire ag athshlánú 33,000 heicteár de thalamh portaigh**. Tá na portaigh beo leis an mbithéagsúlacht agus is féidir leo dhá oiread carbóin a stóráil go nádúrtha i gcomparáid le foraoisí.


© Getty Images

Le tabhairt isteach an **Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach**, bhunaigh an Coimisiún fís uaillmhianach le haghaidh 2050: chun truailliú aeir, uisce agus ithreach a laghdú go dtí leibhéil nach ndéanann dochar a thuilleadh don tsláinte agus don chomhshaol. Ina dhiaidh sin tháinig tograí tábhachtacha, cuir i gcás an Rialachán maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí, an tAthbhreithniú ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, tabhairt isteach teorainneacha astaíochta níos déine le haghaidh mótarfheithiclí (Euro 7), an tAthbhreithniú ar an Treoir maidir le Screamhuisce agus an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, agus an tAthbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Bhuaigh Fionn Ferreira, fear 22 bhliain d'aois as Corcaigh in Éirinn, Duais an Aireagóra Óig, duais a bhronn Oifig Eorpach na bPaitinní air, as a **mhodh nuálach chun micreaphlaistigh a bhaint den uisce**.




D'éirigh leis an Aontas plé maidir le comhbheartas talmhaíochta (CBT) 2023–2027 a thabhairt i gcrích, agus faoi mhí na Nollag 2022 bhí gach ceann de na 28 bplean straitéiseacha CBT formheasta ag an gCoimisiún. Cuireann an reachtaíocht nua-achtaithe, a bhfuil feidhm aici ón 1 Eanáir 2023, le cuspóirí na **straitéisí 'ón bhfeidhm go dtí an forc' agus bithéagsúlachta** trí thacú le feirmeoirí san Aontas agus iad ag táirgeadh bia sábháilte ar ardcháilíocht, ach atá ag déanamh dul chun cinn san am céanna san aistriú i dtreo earnáil talmhaíochta atá níos inbhuanaithe agus níos athléimní. Tá an CBT nua mar bhonn taca freisin faoi **fhís fhadtéarmach an Aontais do cheantair tuaithe** trí chuidiú le beocht agus ilghnéitheacht na bpobal tuaithe a chaomhnú. Ar an iomlán, tá 32 % de mhaoiniú CBT tiomnaithe do thairbhí a bhaint amach don aeráid, d'acmhainní nádúrtha, don bhithéagsúlacht agus do leas ainmhithe, agus leagtar béim níos mó ar chothromaíocht d'fheirmeacha beaga teaghlaigh, d'fheirmeoirí óga agus d'oibrithe feirme.

Bunaíodh feirm João Coimbra in Quinta da Cholda i lár na Portaingéile, go luath sa 20ú haois, agus sa lá atá inniu ann **baineann an fheirm úsáid as teicnící beacht-talmhaíochta agus bithéagsúlachta chun tuilleadh a tháirgeadh le beagán acmhainní**. Sa bhliain 2022, bliain ina bhfacthas triomaigh thromchúiseacha, bhí Joao in ann an talamh a uisciú de réir riachtanais shonracha na hithreach gan an táirgeacht barr a laghdú. Gineann an fheirm a dhóthain fuinnimh di féin.



## An geilleagar ciorclach

Tá roinnt tograí glactha ag an gCoimisiún chun gealltanais phlean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh a chomhlíonadh, ina measc sin tograí le haghaidh **rialachán maidir le pacáistiú agus dramhaíl** agus **rialachán maidir leis an éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe**, lena gcinntítear gur inbhuanaithe na táirgí uile a thagann chuig margadh an Aontais — gur in-athúsáidte, indeisithe agus in-athchúrsáilte iad. Dearbhaíonn 94 % de na daoine atá ina gcónaí san Aontas, líon suntasach daoine, go bhfuil tábhacht phearsanta ag baint le cosaint an chomhshaoil dóibh, agus aithníonn 68 % díobh go mbíonn tionchar diúltach ag a bpatrúin tomhaltais ar an gcomhshaol, laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain araon. Chun tionchar diúltach éileamh an Aontais ar thráchtearraí mar shoighe, ola phailme, caife, cócó, adhmad agus rubar a laghdú, chomhaontaigh na comhreachtóirí **dlí nua ón Aontas maidir le dífhoraoisiú**, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2023. Táimid i mbun dlúth-idirphlé le tíortha comhpháirtíochta maidir lena chur chun feidhme, mar a léiríodh le bunú Thascfhórsa Comhpháirteach an Choimisiúin Eorpaigh, na hIndinéise agus na Malaeisia i mí an Mheithimh chun rialachán an Aontais maidir le dífhoraoisiú a chur chun feidhme.

I mí an Mhárta 2023, mhol an Coimisiún critéir aontaithe chun gníomhú in aghaidh an tsnasa ghlais ar mhargadh an Aontais. **Cinnteoidh sé sin gur fíor-neamhdhíobhálach don chomhshaol a bheidh táirgí atá á gcur chun cinn mar tháirgí 'glasa'**, rud a chuirfidh eolas níos fearr ar fáil do thomhaltóirí agus a chuirfidh ar a gcumas dóibh gnólachtaí a dhíolann táirgí atá fíor-inbhuanaithe a shainaithint agus a chúiteamh go héasca. Dírítear sa togra ar mhaímh fhollasacha, mar 'T-léine déanta as buidéil phlaisteacha athchúrsáilte', 'cúitítear $CO_2$ an tseachadta', '30 % den phacáistiú déanta as plaisteach athchúrsáilte' nó 'uachtar gréine atá neamhdhíobhálach don aigéan'.

Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún togra nua lena moltar **earraí a dheisiú**. Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún deisiú earraí a shimpliú agus a chur chun cinn (mar shampla folúsghlantóirí, táibléid agus fóin chliste), borradh a chur faoin earnáil deisiúcháin agus táirgeoirí agus díoltóirí a spreagadh chun samhlacha gnó níos inbhuanaithe a fhorbairt.

## Taidhleoireacht ghlas

Ag an **27ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide** (COP27), léirigh an Coimisiún uaillmhian agus solúbthacht chun an sprioc maidir leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5°C a choinneáil slán. Chuidigh iarracht láidir aontaithe Eorpach le margadh a bhaint amach go dian chun spriocanna Chomhaontú Pháras a choinneáil beo. Chuidigh athmhuintearas an Aontais freisin leis an bplé maidir le socruithe cothromaithe nua maoiniúcháin a chur chun cinn, chun cabhrú le pobail leochaileacha dul i ngleic le caillteanas agus damáiste de dheasca an athraithe aeráide.

I mí na Nollag 2022, ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (COP 15) i Montréal, Ceanada, chuaigh an tAontas Eorpach i gcomhar le 195 thír i g**Creat Domhanda Bithéagsúlachta stairiúil Kunming-Montréal**. Tá cuspóirí agus spriocanna domhanda sa chreat arb é is aidhm dóibh an dúlra a chosaint agus a athbhunú le haghaidh na glúine seo agus na nglún atá le teacht, a chinntiú go mbainfear úsáid inbhuanaithe as an dúlra agus go spreagfar infheistíocht le haghaidh geilleagar glas domhanda. In éineacht le Comhaontú Pháras maidir leis an aeráid, réitíonn sé an bealach i dtreo domhan atá aeráidneodrach, athléimneach agus dearfach ó thaobh an dúlra de faoi 2050. Bhí aontacht agus ceannaireacht an Aontais ríthábhachtach le linn na caibidlíochta 4 bliana chun teacht ar an gcomhaontú idirnáisiúnta sin. Mar chuid de Global Gateway, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen cheana féin go bhfuil an Coimisiún **ag dúbailt an mhaoinithe don bhithéagsúlacht dhomhanda** chun €7 mbilliún san iomlán a infheistiú i gcosaint na bithéagsúlachta ar fud an domhain.

I gcomhréir leis an gcomhaontú stairiúil sin, i mí an Mhárta 2023, thug an comhphobal

idirnáisiúnta caibidlíocht chun críche freisin maidir le **Conradh ceannródaíoch na Mórmhara** chun an t-aigéan a chosaint, dul i ngleic le díghrádú an chomhshaoil, an t-athrú aeráide a chomhrac agus cailliúint na bithéagsúlachta sna haigéin a chosc. Beifear in ann **limistéir mhuirí faoi chosaint ar mhórscála a bhunú ar an mórmhuir** leis an gConradh ar Bhithéagsúlacht Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta. Bhí ról lárnach ag an Aontas agus ag na Ballstáit atá mar chuid den Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine ghaolmhar, a sheol an tUachtarán von der Leyen, ó thaobh teacht ar chomhaontú.

Chun an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil a chomhtháthú níos fearr i mbeartais sheachtracha an Aontais, i mí an Mheithimh 2023 chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí **plean an Aontais i láthair chun a bheith níos athléimní agus níos sláine de réir mar a threisíonn an ghéarchéim aeráide**.

Ag Cruinniú Mullaigh Pháras le haghaidh Comhshocrú Airgeadais Domhanda Nua, i mí an Mheithimh 2023, **mhol an tUachtarán von der Leyen go n-úsáidfí an phraghsáil carbóin dhomhanda chun an maoiniú a ghiniúint don troid i gcoinne an athraithe aeráide**, maoiniú atá ag teastáil go géar sa domhan atá i mbéal forbartha. Tá an phraghsáil carbóin ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí is féidir a úsáid chun astaíochtaí a laghdú ar bhealach a ghríosaíonn na truaillitheoirí íoc as an truailliú nó a threoraíonn rannpháirtithe i dtreo na nuálaíochta. Ó 2005 i leith, nuair a thosaigh an tAontas ar an bpraghsáil carbóin a thabhairt isteach, tá an t-ioncam ón bpraghsáil carbóin chomh hard le €142 bhilliún, agus tá laghdú 35 % tagtha ar astaíochtaí $CO_2$. Tá an córas trádála astaíochtaí á leathnú anois ag an Aontas chun foirgnimh agus earnáil an iompair de bhóthar a chumhdach.

Chomh maith le córas trádála astaíochtaí an Aontais, tá córais náisiúnta nó fhonáisiúnta ag feidhmiú nó á bhforbairt cheana féin i gCeanada, sa tSín, sa tSeapáin, sa Nua-Shéalainn, sa Chóiré Theas, san Eilvéis agus sna Stáit Aontaithe. Tá an tAontas ag obair i gcomhar leis na comhpháirtithe sin agus tá sé ag cabhrú le páirtithe eile an phraghsáil carbóin a chur chun feidhme.

I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad *Athbhreithniú deonach ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe*. Ó glacadh Clár Oibre 2030 in 2015, tá dul chun cinn, measartha nó láidir déanta ag an Aontas ar fud fhormhór na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Tá sé beartaithe ag an Aontas tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna trí dhlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Dheacáid Dhigiteach na hEorpa.

# Deacáid Dhigiteach na hEorpa a Chur i gCrích

Tá ár ngeilleagar á athmhúnlú ag an nuálaíocht dhigiteach ar luas dochreidte. I mbliana, chonaiceamar gur glacadh leis an intleacht shaorga (IS) ghiniúnach go han-tapa, samhlacha teanga móra agus giniúint pictiúr san áireamh. **Ní dóchúlacht ná féidearthacht é teacht chun cinn réabhlóid na hintleachta saorga a thuilleadh, ach rud atá ag titim amach i láthair na huaire**. Tá féidearthachtaí ollmhóra ag baint leis an intleacht shaorga iontaofa, lena gcuimsítear cúram sláinte agus forbairt cógas níos fearr, iompar níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, tionscail níos éifeachtúla, samhlacha réamhaisnéise don athrú aeráide agus réitigh fuinnimh atá níos costéifeachtaí agus níos inbhuanaithe.

B'fhadradharcach cur chuige an Choimisiúin maidir le timpeallacht rialála atá fabhrach don nuálaíocht ach dírithe ar an duine a chinntiú don intleacht shaorga. Siar i mí Aibreáin 2021, chuir an Coimisiún an **Gníomh um an Intleacht Shaorga** chun cinn a ceapadh chun a chinntiú go mbeadh na córais intleachta saorga a úsáidtear san Aontas sábháilte, trédhearcach, eiticiúil, neamhchlaonta agus faoi rialú an duine. Chun straitéis chuimsitheach atá fabhrach don nuálaíocht a chinntiú, tá **cur chuige rioscabhunaithe** molta ag an gCoimisiún. Cuireadh tús maith leis na cruinnithe tríthaobhacha maidir leis an ngníomh um an intleacht shaorga, agus táthar ag súil go gcuirfear clabhsúr orthu i mbliana. San am céanna, leis an b**plean comhordaithe maidir leis an intleacht shaorga**, tá sé d'aidhm ag an Aontas infheistíocht

phoiblí agus phríobháideach san intleacht shaorga a mhéadú de réir a chéile go €20 billiún in aghaidh na bliana le linn na ndeich mbliana atá amach romhainn.

Cuirfidh an tSaotharlann le haghaidh Íomháú Beacht le tacaíocht ón Meaisínfhoghlaim i Vín feabhas ar shamhlacha tuartha d'ailse scamhóg, samhlacha lena bh**forbrófar cóireáil phearsantaithe le haghaidh ailse scamhóg le cabhair ó intleacht shaorga**.



I mí na Nollag 2022, thángthas ar chomhaontú suntasach i dtaca leis **an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití**. Is treoir é an dearbhú sin do dhaoine, do ghnólachtaí agus do lucht déanta beartas atá i lár aistriú digiteach an Aontais, rud a chuireann ár saoránaigh i gcroílár an chlaochlaithe agus a thacaíonn leis an nuálaíocht inár n-earnálacha tráchtála.

I mí na Nollag 2022, glacadh **clár beartais na Deacáide Digití** freisin, tionscnamh arb é is aidhm dó claochlú digiteach a ráthú atá dírithe ar shaoránaigh an Aontais, é bunaithe ar phrionsabail cheannasacht dhigiteach na hEorpa agus ar ár gcomhluachanna. Bhunaigh an clár sásra monatóireachta agus comhair chun na cuspóirí agus na spriocanna coiteanna a bhaint amach le haghaidh chlaochlú digiteach na hEorpa, mar a leagtar amach i gcompás digiteach 2030. Is tríd an gcur chuige comhoibritheach sin a bhainfear amach ár bhforbairt dhigiteach mar thoradh ar thionscadail iltíre — iarrachtaí ar scála nach bhféadfadh aon Bhallstát amháin tabhairt fúthu ina aonar.

Ní féidir a shéanadh nach féidir aon aistriú digiteach ná glas, ná aon cheannaireacht theicneolaíoch san Aontas a bheith ann, gan leathsheoltóirí nó 'sliseanna'. Dá bhrí sin, i mí an Mhárta 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit ar chomhaontú ríthábhachtach maidir leis an n**gníomh Eorpach um shliseanna**, a mhol an Coimisiún den chéad uair bliain roimhe sin. Meastar gur os cionn €43 bhilliún a bheidh i méid foriomlán na hinfheistíochta atá dírithe ar bheartais chun tacú leis an ngníomh. Cuirfidh an infheistíocht sin borradh faoi ghníomhaíochtaí monaraíochta laistigh den Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh, spreagfar éiceachóras deartha na hEorpa agus cuirfear tacaíocht ar fáil don mhéadú agus don nuálaíocht ar fud an tslabhra luacha leathsheoltóra ar fad.

San am céanna, i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus i mí Aibreáin 2023, faoi rialacha Státchabhrach an Aontais, d'fhormheas an Coimisiún cabhair ón bhFrainc agus ón Iodáil chun tacú le breis agus €8 mbilliún d'infheistíocht i saoráidí olltáirgeadh leathsheoltóirí san Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh.

D'éirigh an t-aistriú leis an tSacsain, réigiún in Oirthear na Gearmáine, chun bheith ar cheann de na **moil teicneolaíochta is tábhachtaí san Eoraip**, agus béim ar leith ar an leictreonaic. Bhí ról lárnach ag an maoiniú ón Aontas agus chabhraigh sé chun infheistíochtaí breise a mhealladh. An tionscadal is suntasaí ná infheistíocht €5 bhilliún ó Infineon i saoráid nua táirgeachta sliseanna, agus meastar go gcruthófar thart ar 1,000 post nua ardoilte lena haghaidh. Tá Infineon ag súil le maoiniú poiblí €1 bhilliún, rud a dheonófaí faoi ghníomh an Aontais um shliseanna.



Tá ionstraimí eile ag an gCoimisiún ina bhosca uirlisí státchabhrach chun tacú le tionscal na micrileictreonaice, mar **thionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne**. I mí an Mheithimh 2023, d'fhormheas an Coimisiún tionscadal den sórt sin chun tacú leis an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch de theicneolaíochtaí micrileictreonaice agus cumarsáide ar fud an tslabhra luacha. Leis an maoiniú poiblí dar luach €8.1 billiún a chuireann na Ballstáit ar fáil, meastar go gcuirfear €13.7 billiún breise d'infheistíocht phríobháideach ar fáil.

Ní mór do mhuintir na hEorpa a bheith i gceannas ar shonraí, an fórsa tiomána atá taobh thiar de gheilleagar digiteach na hEorpa. Is é is aidhm don **straitéis Eorpach maidir le sonraí** an tAontas a chur ar thús cadhnaíochta i sochaí sonraíbhunaithe. Trí mhargadh aonair le haghaidh sonraí a chruthú, beifear in ann iad a chur i saorchúrsaíocht laistigh den Aontas agus ar fud na dtionscal, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí, do thaighdeoirí agus do riaracháin phoiblí.

I mí an Mheithimh 2023, thángthas ar chomhaontú maidir leis an n**gníomh um shonraí**, píosa tábhachtach reachtaíochta arb é is aidhm dó líon níos mó sonraí a dhéanamh inrochtana agus rialacha a bhunú maidir le húsáid sonraí agus rochtain ar sonraí ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile laistigh den Aontas. Meastar go gcuirfidh na rialacháin nua €270 billiún breise le holltáirgeacht intíre Bhallstáit an Aontais faoi 2028, trí dhul i ngleic leis na dúshláin dhlíthiúla, eacnamaíocha agus theicniúla as a n-eascraíonn tearcúsáid sonraí faoi láthair. Leis an ngníomh, bainfidh tomhaltóirí agus gnólachtaí a tháirgeann sonraí trí tháirgí agus seirbhísí a úsáid leas as seirbhísí iarmhargaidh níos inacmhainne, deiseanna nua chun úsáid a bhaint as seirbhísí atá ag brath ar rochtain ar shonraí, agus rochtain níos fearr ar shonraí a bhailítear nó a ghintear le gléas.

Sa **Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha** atá i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2022 i leith, leagtar amach tacar nua cuimsitheach d'oibleagáidí atá ar gach ardán ar líne dochar a mhaolú agus cearta úsáideoirí sa réimse digiteach a chosaint.

An 25 Aibreán 2023, shainaithin an Coimisiún 17 n-ardán agus dhá inneall cuardaigh ar líne atá an-mhór ar fad. Tar éis na seirbhísí sin a ainmniú, tá sé d'oibleagáid orthu, ó dheireadh mhí Lúnasa 2023, an tacar iomlán de na hoibleagáidí nua a chomhlíonadh arb é is aidhm dóibh úsáideoirí ar líne, mionaoisigh san áireamh, a chumhachtú agus a chosaint. Ina measc sin, tá sé de cheangal ar na seirbhísí ainmnithe meastóireacht a dhéanamh ar a rioscaí sistéamacha féin agus iad a mhaolú, agus uirlisí daingne a thairiscint chun ábhar a mhodhnú.


Chun an gníomh a chur i bhfeidhm go huile is go hiomlán, tá an Coimisiún ag daingniú a chuid saineolais féin agus leas á baint as eolas ildisciplíneach intí agus seachtrach. An 17 Aibreán 2023 seoladh **an Lárionad Eorpach um Thrédhearcacht Algartamach** atá á reáchtáil ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin.

Is é is aidhm don **Ghníomh um Margaí Digiteacha**, atá i bhfeidhm freisin ó mhí na Samhna 2022 i leith, feabhas a chur ar an gcothroime agus ar an iniomaíocht i margaí digiteacha agus leagtar amach sa ghníomh critéir oibiachtúla atá sainithe go soiléir chun 'geatóirí' a shainaithint. An 6 Meán Fómhair 2023, d'ainmnigh an Coimisiún seisear 'geatóirí', a mbeidh 6 mhí acu anois chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil oibleagáidí DMA á gcomhlíonadh ina n-iomláine le haghaidh gach ceann dá gcroísheirbhísí ardáin.

I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún straitéis nua um **Web 4.0 agus domhain fhíorúla** chun an chéad aistriú teicneolaíochta eile a stiúradh agus chun timpeallacht dhigiteach oscailte atá slán, iontaofa, cothrom agus cuimsitheach a chinntiú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí an Aontais.

I láthair na huaire, níl de chumas ach ag thart ar 60 % de dhaonra an Aontais in 14 Bhallstát a gcártaí ríomh-shainaitheantais náisiúnta a úsáid thar teorainneacha. Beidh saoránaigh, cónaitheoirí agus gnólachtaí den Aontas Eorpach in ann úsáid a bhaint as an g**Céannacht Dhigiteach Eorpach** a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2023 agus iad ag iarraidh iad féin a shainaithint nó faisnéis phearsanta áirithe a fhíorú. Beidh saoránaigh agus cónaitheoirí den Aontas i dteideal tiachóg dhigiteach phearsanta lenar féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha ar fud an Aontais atá ar líne agus as líne araon.

Ina theannta sin, déanfar infheistíocht sa bhonneagar agus i scileanna a bhfuil sé d'aidhm aige **an bhearna dhigiteach a dhúnadh** agus féachaint chuige nach bhfágfar aon duine ar lár san Aontas Eorpach i dtaca le haistriú digiteach ár sochaithe ná ár ngeilleagar. Tá thart ar 26 % den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ceaptha le haghaidh bearta a chuireann le cuspóirí digiteacha. Tá €36.6 billiún sa bheartas comhtháthaithe sa bhreis air sin le linn na tréimhse 2021-2027, chomh maith le €16 bhilliún a infheistíodh idir 2014 agus 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an clár don Eoraip Dhigiteach.


© Adobe Stock

I mí an Mheithimh 2023, thug an Coimisiún togra isteach chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh **euro digiteach a d'fhéadfaí a chur ar fáil taobh leis an airgead tirim.** De réir mar atá íocaíochtaí leictreonacha agus digiteacha ag ardú san Aontas, d'fhéadfaí foirm airgid phoiblí atá saor, slán agus athléimneach agus inghlactha go forleathan a chur ar fáil le euro digiteach. Ag an am céanna, thug an Coimisiún togra reachtach isteach arb é is aidhm dó a chinntiú go mbeidh glacadh forleathan le hairgead tirim euro agus go mbeidh sé ina mhodh íocaíochta inrochtana ar fud an limistéir euro.

Ina theannta sin, tá dhá thogra curtha chun tosaigh ag an gCoimisiún chun íocaíochtaí agus an earnáil airgeadais i gcoitinne a dhigitiú, agus tús áite á thabhairt do leasanna tomhaltóirí, don iomaíocht, don tsábháilteacht agus don mhuinín. Is é is aidhm don chéad togra athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le seirbhísí íocaíochta, cosc calaoise, cearta tomhaltóirí agus córais bhaincéireachta oscailte a neartú.

Is togra reachtach é an dara ceann le haghaidh creat lena rialaítear rochtain tríú páirtí ar shonraí airgeadais custaiméirí ar fud seirbhísí airgeadais éagsúla.

Tá na tionscnaimh sin ag teacht sna sála ar thogra ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, arb é is aidhm dóibh íocaíochtaí meandracha in euro a chur ar fáil do gach saoránach agus gnólacht laistigh den Aontas agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Is é an sprioc atá ann **aistrithe in euro atá inacmhainne agus slán a chur ar fáil aon lá laistigh de 10 soicind,** rud a chuirfidh leis an áisiúlacht agus leis an éifeachtúlacht san earnáil airgeadais.

**Chuaigh an Chróit isteach sa limistéar euro** sa bhliain 2023 freisin. Tá airgeadra coiteann an Aontais ag 20 Ballstát agus 347 milliún saoránach den Aontas anois.

## Ár margadh aonair agus ár margadh sóisialta a neartú




I mbliana rinneamar **comóradh 30 bliain ar an margadh aonair a cheiliúradh** – an tús le hiomaíochas marthanach an Aontais. Is é an margadh is mó ar domhan é, ina bhfuil 440 milliún saoránach agus 23 mhilliún gnólacht páirteach agus tá 15 % d'OTI an domhain aige. Dá réir sin, meastar gur mhéadaigh sé OTI an Aontais Eorpaigh faoi 9 % eile ó cruthaíodh an margadh aonair 30 bliain ó shin. Agus leas a bhaint as an margadh aonair, is féidir leis na Ballstáit réitigh choitinne a fháil ar na dúshláin atá rompu, amhail an cogadh san Úcráin, an ghéarchéim fuinnimh agus an ghéarchéim maidir le costas maireachtála. Tugann sé níos mó roghanna do thomhaltóirí, ar chaighdeáin níos airde agus ar phraghsanna níos ísle, agus tugann sé an deis d'fhiontraithe feidhmiú ar bhonn iomaíoch ar fud an domhain.

An 16 Márta 2023, le linn an margadh aonair a chomóradh, thug an Coimisiún cuntas ar a chur chuige i dtaca leis **an iomaíochas fadtéarmach**. Aithníonn sí acmhainneacht an mhargaidh aonair borradh a chur faoin táirgiúlacht agus leagtar amach ann an dóigh ar féidir leis an Aontas cur lena láidreachtaí agus níos mó a bhaint amach ná an bhearna fáis agus nuálaíochta a dhúnadh. Trí chreat réamhbhreathnaitheach, dea-shainithe agus comhordaithe de chuid an Aontais, cothófar gnólachtaí rathúla a bheidh ábalta dul san iomaíocht ar an margadh domhanda trí phoist mhealltacha agus caighdeáin dhomhanda a leagan síos.

Is suntasach athléimneacht gheilleagar an Aontais ar fad in ainneoin shuaití eacnamaíocha a tharla i ndiaidh a chéile le blianta beaga anuas. In 2022, **is éachtach an ní é mar a tháinig an fás 3.4 % chun cinn.** Thacaigh margadh láidir saothair leis an bhfairsingiú sin, agus **bhí rátaí dífhostaíochta níos ísle ná riamh agus méadú ag teacht ar an bhfostaíocht.** Tá an toradh sin ag brath go mór ar an ngníomhaíocht chinntitheach atá déanta ag an Aontas agus ag na Ballstáit.

Choinnigh an fheidhmíocht láidir, áfach, moilliú an bhoilscithe siar freisin. Mar gheall ar an mboilsciú ard, agus ar fhreagairt an bheartais airgeadaíochta ina dhiaidh sin ar an ardú rátaí úis, tá moilliú suntasach tagtha ar an bhfás atá ar bun faoi láthair.

Mar sin féin, chuir an fás eacnamaíoch an-bheag a taifeadadh sa chéad leath de 2023 ruaig ar an eagla a bhí ann roimhe sin faoi chúlú eacnamaíochta an gheimhridh. San am atá amach romhainn, agus muid ag cur suas le cuid mhór éiginnteachta, go háirithe maidir le hionradh na Rúise ar an Úcráin i rith an ama, measaimid fós go leanfaidh an fás. Ag an am céanna, táthar ag súil go scaoilfidh an boilsciú a ghreim ar an gcumhacht ceannaigh atá ag teaghlaigh agus go leanfaidh an margadh saothair de bheith láidir.

Is mar gheall ar a shamhail eacnamaíoch ar leith atá geilleagar an Aontais athléimneach agus iomaíoch. Le 30 bliain anuas, thógamar margadh aonair cumhachtach a bhfuil gné láidir shóisialta ag baint leis. Is é sin an fáth freisin, in 2020, ar chuireamar i bhfeidhm an Ionstraim Sure (an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála) chun poist agus ioncaim a chosaint a bhí faoi bhagairt ó phaindéim COVID-19. Léiríodh **sa tuarascáil deiridh faoi chur chun feidhme agus thionchar SURE** gur thacaigh an ionstraim le níos mó ná 2.5 milliún gnólacht agus gur chuidigh sí le thart ar 31.5 milliún duine a bpoist a choinneáil le linn na bliana sin. Faoi 2022, bhí deireadh á chur le bearta tacaíochta náisiúnta de réir a chéile, mar ba léir, agus lean 40,000 gnólacht agus 350,000 duine de bheith ag fáil tacaíochta faoi SURE.



Ar an iomlán, idir 2020 agus 2022, **bhí SURE ríthábhachtach le go bhféadfadh an geilleagar teacht ar ais chuige féin go tapa ón bpaindéim**, agus eisíocadh €98.4 billiún in 19 mBallstát. Leithdháileadh beagnach leath den chaiteachas iomlán ar scéimeanna oibre gearrthéarmacha, agus leithdháileadh beagnach aon trian ar bhearta comhchosúla do dhaoine féinfhostaithe. Caitheadh 12 % ar scéimeanna fóirdheontais pá agus bearta comhchosúla, agus caitheadh an 5 % eile ar bhearta a bhain le sláinte, mar aon le bearta coisctheacha i gcoinne COVID-19, costais saothair bhreise chun oibrithe cúraim sláinte a earcú agus tacú leo, agus ceannach trealaimh cúraim sláinte agus cógas, vacsaíní san áireamh.

D’ainneoin na suaití nach bhfacthas riamh roimhe mar gheall ar an bpaindéim agus ar an gcogadh, lean an Coimisiún de bheith ag cinntiú go mbeidh an margadh aonair ag feidhmiú mar is ceart. Is é is aidhm don **Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha**, atá i bhfeidhm ó Eanáir 2023 i leith, aghaidh a thabhairt ar shaobhadh sa mhargadh aonair de dheasca fóirdheontais eachtracha. Leis na rialacha nua sin beidh an tAontas in ann leanúint de bheith oscailte don trádáil agus don infheistíocht agus cothrom iomaíochta á chinntiú ag an am céanna do na gnólachtaí uile atá ag feidhmiú san Aontas. Cuireadh an rialachán i bhfeidhm an 12 Iúil. Ón 12 Deireadh Fómhair ar aghaidh, beidh ar ghnólachtaí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chomhchruinnithe agus faoi rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí lena mbaineann ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaíonn tíortha nach bhfuil san Aontas do ghnólachtaí atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas agus a chomhlíonann na tairseacha fógartha ábhartha.

I dtaca leis an athchóiriú ar aontas custaim an Aontais, a mholamar i mí na Bealtaine 2023, cuirfear maoirseacht ar iompórtálacha atá bunaithe ar chur chuige sonraíbhunaithe cliste in ionad dearbhuithe traidisiúnta custaim. Is éard atá i gceist leis an moladh sin **an t-athchóiriú is cuimsithí agus is uaillmhianaí ar an aontas custaim ó bunaíodh é in 1968**. Mar gheall ar an méadú mór ar mhéideanna trádála, teacht chun cinn na ríomh-thráchtála agus méadú tapa ar líon chaighdeáin an Aontais a chaithfidh údaráis rialaithe custaim a chomhlíonadh, cuirfidh an córas nua, le cuidiú ó údarás custaim nua an Aontais, deireadh le hualach na nósanna imeachta custaim anásta atá ann faoi láthair agus beidh an margadh aonair níos iomaíche, níos sábháilte agus níos oiriúnaí don todhchaí.

An 8 Nollaig 2022, mhol an Coimisiún sraith beart chun **córas cánach breisluacha (CBL) an Aontais a nuachóiriú agus a dhéanamh níos fearr do ghnólachtaí** agus níos athléimní in aghaidh calaoise trí ghlacadh leis an digitiú agus é a chur chun cinn. Leis na príomhbhearta a mholtar, cuideoidh siad leis na Ballstáit suas le €18 mbilliún níos mó in ioncam ó cháin bhreisluacha a bhailiú gach bliain agus, ag an am céanna, cuideoidh siad le gnólachtaí – idir fhiontair bheaga agus fhiontair mheánmhéide – fás a dhéanamh. Sa mhí chéanna, ghlac

an Coimisiún togra le haghaidh **rialacha nua maidir le trédhearcacht cánach** ina gcuirtear de cheangal ar sholáthraithe criptea-shócmhainní atá lonnaithe san Aontas tuairisciú a dhéanamh ar idirbhearta uile na gcliant atá ina gcónaí san Aontas. Dá réir, cuirfear feabhas ar chumas na mBallstát an chalaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a bhrath agus a chomhrac, nó go mion minic bhí an trédhearcacht in easnamh sa réimse sin. Tháinig airí airgeadais an Aontais ar chomhaontú polaitiúil faoin togra sin i mí na Bealtaine 2023.

Baineann gnólachtaí Eorpacha tairbhe as margadh comhtháite, as lucht saothair ardoilte agus as maorlathas laghdaithe, agus ní hamháin astu sin, ach as creat saibhir nuálaíochta freisin. Tá leath den OTI ar fad, nach mór, agus níos mó ná 90 % d'easpórtálacha an Aontais ag tionscail atá an-ghníomhach i mbun gnó maoine intleachtúla. Chuige sin, mhol an Coimisiún **rialacha nua maidir le paitinní** an 27 Aibreán 2023. Leis na rialacháin atá beartaithe maidir le bunphaitinní caighdeáin, maidir le ceadúnú éigeantach paitinní le linn géarchéimeanna, agus maidir leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht i dtaca le deimhnithe forlíontacha cosanta, cruthófar creat um chearta maoine intleachtúla a bheidh níos trédhearcaí, níos éifeachtaí agus níos sláine i bhfad na haimsire. Is é is aidhm dóibh córas na bpaitinní a dhéanamh níos éifeachtaí trí dheireadh a chur le hilroinnt an mhargaidh aonair, an rómhaorlathas a laghdú agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Leis sin, tabharfar de chumhacht d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis inniúla cosaint níos fearr a thabhairt don nuálaíocht agus rochtain chothrom á cinntiú ag an am céanna, le linn staideanna éigeandála san áireamh.


Thairis sin, baineann an margadh aonair brabúis as earnáil baincéireachta athléimneach, atá daingnithe le creat bainistithe géarchéime láidir. An 18 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach togra chun coigeartú a dhéanamh ar **chreat reatha an Aontais maidir le bainistíocht géarchéime banc agus árachas taiscí agus é a neartú** a thuilleadh, agus béim á leagan go háirithe ar bhainc mheánmhéide agus ar bhainc bheaga. Baineann an togra leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na chéad bhlianta de chur i bhfeidhm an chreata, agus tugtar na huirlisí is éifeachtaí do na húdaráis réitigh chun a chinntiú, nuair a tharlaíonn géarchéim agus nuair a bheidh cobhsaíocht airgeadais i mbaol, gur féidir le taisceoirí – mar shampla daoine aonair, gnólachtaí agus eintitis phoiblí – leanúint de rochtain a fháil ar a gcuntais. Go háirithe, féachann sé le héascú a dhéanamh ar úsáid réitigh agus cistí ráthaíochta taiscí, atá maoinithe ag an tionscal baincéireachta, chun cur ar a gcumas do na húdaráis taisceoirí a chosaint ar bhealach níos fearr le linn géarchéimeanna bainc, trí aistrithe ó bhanc anásta go banc sláintiúil mar shampla.

Ina theannta sin, tá an tAontas ag cur borradh faoi athléimneacht na mbanc atá ag feidhmiú laistigh dá theorainneacha agus tá a maoirseacht agus a mbainistiú riosca á neartú aige trí **chur chun feidhme na n-athchóirithe rialála a comhaontaíodh ar fud an domhain, ar a dtugtar Basel III, a thabhairt chun críche.** Cinnteofar leis na rialacha nua baincéireachta go mbeidh bainc an Aontais níos athléimní in aghaidh suaití eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus rannchuidiú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht ag an am céanna.

## *Tairbhe a bhaint as na deiseanna a bhaineann lenár ngeilleagar sóisialta margaidh: béim ar an idirphlé sóisialta agus ar scileanna*

Tugann an geilleagar sóisialta margaidh ar leith atá againn tús áite do dheiseanna tráchtála agus do leas na sochaí araon, rud a chuireann daoine agus a bhfolláine i gcroílár na hEorpa Sóisialta seo againne. I gcomhthéacs boilsciú méadaithe agus costas maireachtála méadaithe le bliain anuas, is ríthábhachtach na beartais ar gach leibhéal chun an caillteanas i gcumhacht ceannaigh a mhaolú, mar a léiríodh i dtimthriall 2023 an tSeimeastair Eorpaigh.

Chuige sin, leanaimid de phlean gníomhaíochta **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** a chur




chun feidhme. Thug na Ballstáit a dtacaíocht do spriocanna sóisialta 2030 an Aontais chun 78 % ar a laghad de dhaoine idir 20-64 bliana d'aois a fhostú, deimhin a dhéanamh de go mbeidh 60 % ar a laghad de gach duine fásta rannpháirteach in oiliúint bhliantúil, agus líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú 15 mhilliún ar a laghad (i gcomparáid le 2019).

Ní mór dúinn a chinntiú gur féidir le gach duine atá ag obair san Aontas saol díniteach a bheith acu. Déanfar an comhaontú gan fasach ar an Treoir maidir le **pá íosta leordhóthanach** a thrasuí sa dlí náisiúnta faoi mhí na Samhna 2024. Trí phróiseas a leagan síos le haghaidh pá íosta reachtúil leordhóthanach agus trí na Ballstáit a spreagadh le cómhargáil faoi shocrú pá a chur chun cinn, cuideoidh an Treoir le saoránaigh a thabhairt amach as an mbochtaineacht, fiú agus iad ag obair, ar fud an Aontais.

Tá rath ar gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa i ngeall ar an idirphlé idir ceardchumainn, fostóirí agus rialtais, agus is gné lárnach í an chómhargáil. Creidimid go diongbháilte i gcumhacht an idirphlé shóisialta mar uirlis chun réitigh chomhpháirteacha a fhorbairt ar na dúshláin atá romhainn i saol oibre an lae inniu atá ag síorathrú i rith an ama. Tar éis na Teachtaireachta a sheolamar i mí Eanáir 2023, ghlac na Ballstáit **moladh ón gComhairle ina raibh bearta praiticiúla chun rannpháirtíocht níos mó a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais**. Ciallaíonn sé sin dul i gcomhairle leo agus beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta á gceapadh agus á gcur chun feidhme; cómhargáil a chur chun cinn; agus méadú ar a n-acmhainneachtaí a chumasú.

I mí Meán Fómhair 2022 ghlac an Coimisiún treoirlínte chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine féinfhostaithe aonair atá ag obair sa gheilleagar digiteach agus trí ardáin saothair dhigitigh trí chásanna a shoiléiriú nach gcuireann dlí na hiomaíochta bac ar a n-iarrachtaí caibidlíocht a dhéanamh le chéile ar mhaithe le margadh níos fearr. Idir an dá linn, chuaigh na comhreachtóirí i mbun caibidlíocht deiridh **faoin treoir atá beartaithe ag an gCoimisiún maidir le feabhas a chur ar na dálaí oibre san obair ardáin**. Is é is aidhm don mholadh a chinntiú go dtabharfar stádas dlíthiúil fostaíochta do dhaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, stádas a fhreagraíonn dá socruithe oibre iarbhír, agus a chinntiú gur féidir

leo leas a bhaint as na cearta saothair agus na sochair shóisialta a bhfuil siad ina dteideal. Laistigh d'fhócas na treorach ar ardáin saothair dhigiteacha, téann sí i ngleic freisin le saincheist chasta an bhainistithe algartamaigh ar ardáin chun féachaint chuige go bhfuil maoirseacht dhaonna agus trédhearcacht ann.

Cuidíonn plean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire le h**athléimneacht shóisialta a chothú trí chonarthaí a íoc le 275 altra pobail**. Rinne an clár infheistíocht freisin i bhflít 94 charr leictreacha agus 37 rothar leictreacha, ionas gur féidir leis na haltraí cúram ardcháilíochta a chur ar fáil do dhaoine scothaosta atá i ngátar, den chuid is mó, i gceantair iargúlta freisin.



Chun go n-éireoidh leis na haistrithe glasa, digiteacha agus déimeagrafacha, ní mór don Aontas infheistíocht mhór a dhéanamh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chun scileanna daoine a chur in oiriúint don mhargadh saothair atá ag síorathrú. Is é an cuspóir atá againn le linn **Bhliain Eorpach na Scileanna** seo go n-aithneoidh gach duine – rialtais, gnólachtaí agus daoine aonair – a thábhachtaí atá an oiliúint, agus a thábhachtaí atá sé a bheith gníomhach. Mar chuid de bhuiséad 2021-2027, tá tuairim is **€65 bhilliún de chistí an Aontais** ar fáil do na Ballstáit chun infheistíocht a dhéanamh i gcláir scileanna, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus den chuid is mó. I mí Aibreáin 2023, ghlac an Coimisiún dhá thogra nua le haghaidh moltaí ón gComhairle maidir le **scileanna digiteacha, oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach**.

Is é is aidhm dóibh tacú leis na Ballstáit agus leis an earnáil oideachais agus oiliúna chun oideachas agus oiliúint dhigiteach chuimsitheach inrochtana atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'fhonn scileanna digiteacha shaoránaigh na hEorpa a fhorbairt.

In 2023, mhéadaigh an Coimisiún buiséad **Erasmus+** go €4.43 billiún ar an iomlán, an clúdach airgeadais bliantúil is airde dár baineadh amach riamh, rud a chuir go mór le Bliain Eorpach na Scileanna. I measc roinnt mhaith tionscadail eile, tacaíonn Erasmus+ anois le 50 comhghuaillíocht d'Ollscoileanna Eorpacha a bhfuil níos mó ná 430 institiúid ardoideachais páirteach iontu san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin, san Úcráin chomh maith.

Chomh maith lena thionscnaimh is leithne fós chun forbairt scileanna a spreagadh i ngach réimse, tá tionscnaimh earnála shonracha curtha ar bun ag an gCoimisiún freisin chun na héiceachórais thionsclaíocha éagsúla mar atá i ndáiríre ó lá go lá a chur san áireamh. Mar shampla, tugann **an Comhshocrú um Scileanna** eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha le chéile chun na bearnaí scileanna atá i ngach earnáil a shainaithint, chun na scileanna a bheidh ag teastáil amach anseo

a thuar agus chun gealltanais a thabhairt chun deiseanna oiliúna a chur ar fáil d'fhonn daoine atá in aois oibre a uas-sciliú agus a athsciliú. Go dtí seo, chuaigh 1,500 eagraíocht ar fud na mBallstát isteach sa Chomhshocrú um Scileanna mar chomhaltaí ó seoladh é in 2020, ina n-aonar nó mar chuid de chomhpháirtíochtaí scileanna, sna 14 earnáil thionsclaíocha agus i ngach ceann de Bhallstáit an Aontais agus de na tíortha is iarrthóirí. I measc na gcomhaltaí sin tá gach cineál eagraíochta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla freisin; gnólachtaí; comhpháirtithe sóisialta; eagraíochtaí trastionscail agus eagraíochtaí earnála; comhlachais tráchtála; soláthraithe oideachais agus oiliúna; agus seirbhísí fostaíochta. Go dtí seo, **tá tairbhe bainte ag 2 mhilliún duine as gníomhaíochtaí uas-scilithe agus athscilithe** faoin gcomhshocrú. Rinneadh thart ar 15,500 clár oiliúna a thabhairt cothrom le dáta nó a fhorbairt, agus tá €160 milliún infheistithe ag comhaltaí an chomhshocraithe i dtionscnaimh scileanna.



Mar chuid de Bhliain Eorpach na Scileanna, i mí Iúil sheol an Coimisiún comhairliúchán céadchéime le comhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le **Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh do Chúrsaí Oiliúna** a threisiú. Is é is aidhm don chreat cabhrú le daoine óga aistriú ón oideachas agus ón dífhostaíocht go dtí an fhostaíocht trí thréimhsí oiliúna ar ardchaighdeán. De réir suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí, d'fhoghlaim 76 % d'Eorpaigh óga (76 %) rudaí atá úsáideach go gairmiúil le linn a dtréimhsí oiliúna, agus fuair 68 % díobh post tar éis dóibh tréimhse oiliúna a chríochnú. Cuirfidh an tionscnamh seo le gníomhaíochtaí an Aontais chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg san Aontas. Mar thoradh ar an bpacáiste Tacaíochta um Fhostaíocht don Aos Óg i mí Iúil 2020, tá Ráthaíocht threisithe don Aos Óg ann, creat Eorpach nuachóirithe don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint ann, agus spreagadh athnuaite do phrintíseachtaí ann.

Sa tuarascáil 'Tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh – i dtimpeallacht atá ag athrú' a sheolamar in 2023, déantar athbhreithniú ar na treochtaí déimeagrafacha a mhúnlaíonn ár ngeilleagair agus ár sochaithe. Agus na dúshláin a thagann as an aistriú déimeagrafach á n-aithint ag an gCoimisiún, lean sé de **bhreithnithe déimeagrafacha a chur san áireamh i bhforbairt na mbeartas ábhartha de chuid an Aontais**. Chun cabhrú leis na réigiúin san Aontas atá thíos leis an meath luathaithe atá ag teacht ar a ndaonra in aois oibre, sheolamar an 'Sásra chun cur leis an Tallann' i mí Eanáir 2023 mar chuid dár straitéis chuimsitheach chun leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa. Sheolamar glao ar thionscadail phíolótacha i mí na Bealtaine 2023 agus chuireamar tionscadal suaitheanta i bhfeidhm faoin tionscnamh tacaíochta teicniúla chun bacainní ar fhorbairt réigiúnach a shárú.

In 2022, bhuaigh **Nazaret Mateos Álvarez, fiontraí óg tuaithe** ó Paredes de Nava, Palencia na Spáinne, an teideal 'an feirmeoir orgánach baineann is fearr' ag searmanais bronnta gradam an Aontais le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí. Trí bhealach ceannródaíoch a fhorbairt chun beacáin a shaothrú le leasacháin nádúrtha agus níos lú uisce, tá feabhas á chur aici ar a geilleagar áitiúil.


© YouTube

# NextGenerationEU agus borradh a chur faoin infheistíocht Eorpach

Is mó atá i gceist le NextGenerationEU ná freagairt éasca ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19; is **deis gan fasach é geilleagar a thógáil a fhóireann do gach saoránach den Aontas**. Táimid tiomanta go daingean diongbháilte an fhís atá againn a fhíorú, is é sin Eoraip níos glaise, níos digití agus níos cothroime ó thaobh dálaí sóisialta de. In 2022 agus in 2023, cuireadh tús lenár n-infheistíocht choiteann Eorpach dar luach €800 billiún in NextGenerationEU, le tionscadail inláimhsithe ar an láthair, chun Eoraip a thógáil a bheidh inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch, chun rathúnas a dheimhniú do chách san Aontas.


I gcroílár NextGenerationEU tá an t**Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**, rud a chuireann acmhainní airgeadais nach bhfacthas a leithéid riamh ar fáil do na Ballstáit uile. Tá na cistí sin á n-úsáid acu chun athchóirithe claochlaitheacha agus infheistíocht a chur chun feidhme a athróidh geilleagair agus sochaithe na hEorpa do na glúnta atá le teacht. Is fiú €723 bhilliún an tsaoráid.

Agus fócas ar leith á dhíriú ar an inbhuanaitheacht, ar an nuálaíocht agus ar chruthú post, is amhlaidh is mó atá sí ina bhunchloch dár mbeartas eacnamaíoch. Tá cur chun feidhme na saoráide ag leanúint ar aghaidh faoi lán seoil. Ar an iomlán, tá **€153.4 billiún ar an iomlán eisíoctha cheana féin**, a bhfuil réamh-mhaoiniú €56.6 billiún san áireamh ann. Tá na Ballstáit ag leanúint dá ngealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a chomhlíonadh. Measann an Coimisiún go bhféadfadh an infheistíocht a mhaoinítear le NextGenerationEU amháin borradh thart ar 1.5 % a chur faoi OTI an Aontais in 2024.

## Colúin na **Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**



**An t-aistriú glas**



**An t-aistriú digiteach**



**An comhtháthú eacnamaíoch, an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas**



**An comhtháthú sóisialta agus críochach**



**Athléimneacht na sláinte, an gheilleagair, na sochaí agus na n-institiúidí**



**Beartais don chéad ghlúin eile**

Is léir gur ionstraim thar a bheith solúbtha í an tsaoráid, ag déileáil go héifeachtach le géarchéimeanna éagsúla de réir mar a thagann siad chun cinn. De réir mar a thosaigh an Rúis ag fearadh cogadh foghach gan trua gan taise i gcoinne na hÚcráine, chuireamar an plean REPowerEU chun cinn chun deireadh a chur lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus trí dhul i gcomhar le chéile chun córas fuinnimh níos athléimní agus fíor-aontas fuinnimh a bhaint amach. Tá rochtain ag na Ballstáit ar bheagnach €270 billiún as cistí REPowerEU, mar aon le €225 bhilliún i bhfoirm iasachtaí téarnaimh agus athléimneachta, €20 billiún i ndeontais bhreise agus an deis chun suas le €23 bhilliún in aistrithe deontais a fháil ó chistí eile de chuid an Aontais.

In anailís a rinneadh ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta na mBallstát léiríodh an méid seo a leanas:

- cuireadh €203 bhilliún den leithdháileadh iomlán i leataobh do bhearta atá dírithe ar **astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú** 55 % ar a laghad faoi 2030;
- tá €131 bhilliún i leataobh do thionscnaimh a chuirfidh **aistriú digiteach** gheilleagair agus shochaithe na hEorpa chun cinn.

Chuaigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a mhol na Ballstáit thar an gcuspóir d'fhonn 37 % ar a laghad den chaiteachas a chur i leataobh do bhearta a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus 20 % ar a laghad den chaiteachas a chur i leataobh do chuspóirí digiteacha. I gcás na Saoráide ina hiomláine, tá an caiteachas measta ar an aeráid thart ar 40 % agus tá 26 % i gceist don chaiteachas digiteach.

Mar gheall ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cuireadh athchóirithe móra i raon leathan réimsí beartais chun feidhme. **Is athchóirithe iad breis agus aon trian de na bearta uile sna 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta** (thart ar 2,187 n-athchóiriú i gcomparáid le 3,780 infheistíocht). Leis na hathchóirithe sin, ní hamháin go mbeidh na Ballstáit níos athléimní san fhadtéarma, ach cuirtear feabhas freisin ar na dálaí chun an infheistíocht ghaolmhar faoin tsaoráid a chur ar fáil go hiomlán, mar aon le cistí an bheartais chomhtháthaithe. Déantar é sin, mar shampla, trí chreataí rialála a nuachóiriú sna

príomhearnálacha (an earnáil dhigiteach, an earnáil foinsí fuinnimh in-athnuaite, an earnáil iompair); feabhas a chur ar nósanna imeachta um cheadúnúchán agus um sholáthar poiblí; agus an smacht reachta agus coimircí frith-éillithe a neartú. I measc na n-**athchóirithe suaitheanta** a glacadh cheana tá:

- athchóirithe chun an chibearshlándáil (an Rómáin) a chinntiú agus an riarachán poiblí (an tSlóvaic) a dhigitiú;
- athchóirithe ar chórais ceartais chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla trí fhad na n-imeachtaí a laghdú agus trí fheabhas a chur ar eagrú na gcúirteanna (an Iodáil, an Spáinn);
- nuachóiriú a dhéanamh ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus scileanna (an Ghearmáin, an Spáinn);
- athchóirithe chun intuarthacht agus cobhsaíocht an mhaoinithe don taighde phoiblí (an Phortaingéil) a fheabhsú agus chun barr feabhais eolaíoch a chothú agus feidhmíocht ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí (an tSlóvaic) a fheabhsú;
- athchóirithe a théann i ngleic leis an éilliú agus cosaint sceithirí (an Chipir) a chinntiú;
- athchóirithe simpliúcháin a cheadúnú chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta nó athchóirithe chun na coinníollacha a chruthú le haghaidh hidrigin in-athnuaite a thabhairt isteach (an Ghréig, an Phortaingéil, an Spáinn);
- athchóirithe chun tacú leis an bhfuinneamh in-athnuaite agus leis an iompar inbhuanaithe a chur i bhfeidhm de réir a chéile (an Chróit, an Rómáin);
- athchóirithe lena bhfeabhsaítear cáilíocht an phróisis reachtaigh (an Bhulgáir);
- athchóirithe chun tithíocht inacmhainne a fheabhsú (an Laitvia, an Íslitír).

Is iad seo a leanas na **mórthionscnaimh infheistíochta** a bhfuil príomhchéimeanna díobh curtha i gcrích cheana:

- infheistíocht chun tacú le dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh na tionsclaíochta a mhéadú (an Fhrainc, €1.4 billiún; an Chróit, €91 mhilliún;
- 600,000 ríomhaire glúine nua a cheannach chun iad a thabhairt ar iasacht do mhúinteoirí agus do dhaltaí, agus moil nuálaíochta digití a roghnú chun tacú le gnólachtaí ina n-iarrachtaí digitithe (an Phortaingéil, €600 milliún);
- maoiniú chun iomaíochas na ngnólachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na turasóireachta a mhéadú, a bhfuil 4,000 fiontar beag agus meánmhéide (an Iodáil, €1.9 billiún) ina measc;
- an riarachán poiblí a dhigitiú i dtreo seirbhísí poiblí digiteacha, simplí, cuimsitheacha agus slána do shaoránaigh agus do ghnólachtaí (an Phortaingéil, €170 milliún);
- bonneagar leathanbhanda a fhorbairt (an Laitvia, €4 mhilliún).




Ceann de na faighteoirí is mó as plean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne is ea Solar Foods, **gnólacht nuathionscanta a tháirgeann próitéin trí bhithphróiseas a úsáideann hidrigin ghlas.** Is féidir an 'Solein', atá faoi phaitinn, a úsáid chun aon bhia a tháirgeadh anuas as an aer. Ní ficsean eolaíochta é sin – tá an gnólacht nuathionscanta ag fáil €33.6 milliún le haghaidh monarcha taispeántais in Vantaa na Fionlainne. Tá an tionscadal ina chuid de IPCI an Choimisiúin maidir le slabhra luacha hidrigine freisin.

D'éirigh leis an gCoimisiún, **atá ag feidhmiú mar eisitheoir bhannaí an Aontais thar ceann an Aontais Eorpaigh,** a sprioc mhaoinithe dar luach €80 billiún a bhaint amach don chéad leath den bhliain agus tá sé de sprioc aige freisin €40 billiún breise a chur in úsáid go dtí deireadh na bliana.

As na méideanna sin, cuirfear os cionn €100 billiún ar fáil don chlár téarnaimh NextGenerationEU, agus tabharfar tacaíocht suas le €18 mbilliún don chlár Cúnamh Macrairgeadais Plus don Úcráin. Tríd an méid sin, tá dul chun cinn tábhachtach á dhéanamh ag an gCoimisiún chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch sna Ballstáit agus chun dlúthpháirtíocht leis an Úcráin a léiriú, agus ról an Aontais mar eisitheoir sna margaí airgeadais á neartú aige ag an am céanna.

Maidir le **bannaí glasa**, is é an Coimisiún fós atá ar thús cadhnaíochta sa domhan, tar éis dó luach €7.7 billiún de bhannaí a eisiúint go dtí seo in 2023 agus €44.2 billiún ar an iomlán – rud atá ag cur a thuilleadh lena sprioc €250 billiún a bhaint amach.

NEXT GEN EU

**€806.9 billiún***

trí NextGenerationEU

* Is i bpraghsanna reatha atá an figiúr sin. Is é atá ann €750 billiún i bpraghsanna 2018.

Chun rialacha fioscacha an Aontais a oiriúnú don todhchaí, mhol an Coimisiún rialacha nua an 26 Aibreán 2023 chun **an t-athchóiriú is cuimsithí ar rialacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann in 2008** a chur i bhfeidhm. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíocht. Fágfaidh an t-athchóiriú go mbeidh an rialachas eacnamaíoch níos simplí, go gcuirfear feabhas ar úinéireacht náisiúnta, go gcuirfear béim níos mó ar an meántéarma agus go neartófar an forfheidhmiú, laistigh de chreat coiteann trédhearcach an Aontais.

Tá sé riachtanach **borradh a chur faoi aontas na margaí caipitil** chun maoiniú príobháideach a chur isteach inár ngeilleagair, agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú. Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún roinnt tionscnamh ar aghaidh in 2022 agus 2023 agus chomhlíon sé na gealltanais a leagadh amach i bplean gníomhaíochta 2020 maidir le haontas na margaí caipitil:

- **seirbhísí imréitigh an Aontais** a dhéanamh níos tarraingtí agus níos athléimní, tacú le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú;
- rialacha áirithe maidir le **dócmhainneacht chorparáideach** a dhéanamh níos éifeachtúla ar fud an Aontais d'fhonn infheistíocht trasteorann a chur chun cinn;
- an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí de gach méid a mhaolú – trí **ghníomh nua um liostú** – ionas gur féidir leo rochtain níos fearr a fháil ar mhaoiniú poiblí trí liostú ar stocmhalartáin;
- **muinín agus iontaoibh infheisteoirí miondíola a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann infheistiú go sábháilte** ina dtodhchaí agus iad a chumhachtú chun cinntí infheistíochta a dhéanamh atá i gcomhréir lena riachtanais agus lena roghanna;
- nósanna imeachta maidir le cáin a choinneáil siar san Aontas a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos sláine d'infheisteoirí, d'idirghabhálaithe airgeadais agus do riaracháin cánach na mBallstát chun borradh a chur faoin infheistíocht agus chun cuidiú le mí-úsáid cánach a chomhrac.

Leanfar de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí freisin trí **Chistí Comhtháthaithe an Aontais** a dhéanann deimhin de go mbeidh fás cothrom, cóineasú eacnamaíoch, deiseanna sóisialta agus cothrom iomaíochta ann ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Sa tréimhse 2021-2027, meastar go dtiocfaidh luach infheistíochta €545 bhilliún as na 379 chlár a ghlac an Coimisiún in 2022 lena gcuirtear €378 mbilliún de thacaíocht ón Aontas in úsáid. Beidh 70 % den infheistíocht sin dírithe ar na réigiúin is lú forbairt. Mar sin féin, beidh gach tír agus réigiún in ann tairbhe a bhaint as na héifeachtaí iarmharta ón maoiniú comhtháthaithe: tiocfaidh méadú 0.5 % ar a laghad ar OTI an Aontais faoi dheireadh na tréimhse sin agus cruthófar 1.3 milliún post breise a bhuí leis an mbeartas comhtháthaithe.



Osclaíodh **Droichead Brăila** go hoifigiúil i mbliana a bhuí le breis agus €363 mhilliún as Cistí Comhtháthaithe an Aontais. Agus é gar do 2km ar fad, is é an droichead is mó thar an Danóib é, an droichead is mó sa Rómáin, agus an tríú droichead crochta is faide san Aontas.

Ar deireadh, chun borradh a chur faoin infheistíocht Eorpach chun Aontas níos glaise, níos digití agus níos sóisialta a thógáil, tá gá le riaracháin phoiblí a fheidhmíonn mar is ceart. Is iad na státseirbhísigh a bhíonn ag plé le gach infheistíocht phoiblí agus gach athchóiriú poiblí. Dá bhrí sin, tá dlús curtha ag an gCoimisiún lena iarrachtaí chun **cabhrú leis na Ballstáit a riaracháin phoiblí a uasghrádú** agus coinneáil suas leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. In 2022, sheolamar an chéad mhalartú comhair idir riaracháin phoiblí agus tabharfaidh sé an deis do 300 státseirbhíseach ó 19 mBallstát am a chaitheamh i riarachán coibhéiseach i mBallstát eile, ag malartú saineolais agus dea-chleachtas.

In 2022, chuireamar **an cur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'** chun feidhme go hiomlán maidir le **reachtóireacht an Aontais**. Tar éis bliana, mholamar tionscnaimh a meastar go maolóidh siad an t-ualach riaracháin foriomlán agus go gcúiteoidh siad na costais eile a oiread is féidir. In 2023, tá gealltanas tugtha againn brú chun tosaigh arís chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, agus chuireamar na chéad tograí ar aghaidh le haghaidh gach ceann de na réimsí glasa, digiteacha agus eacnamaíocha roimh an bhfómhar, arb é is aidhm dó ar deireadh na hualaí sin a laghdú 25 %, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais. Chomh maith leis sin, chuireamar seiceáil iomaíochais lenár bpróiseas cinnteoireachta.

Is é sin le rá, a bhuí le ceapadh beartas níos cliste agus an rómhaorlathas a laghdú, tá sé níos éasca, níos tapúla agus níos saoire do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'údaráis riaracháin, de bharr an Choimisiúin, dlí an Aontais a chur chun feidhme agus spriocanna faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach a bhaint amach.

# Geilleagar a fhóireann do dhaoine

## AN STAID **EACNAMAÍOCH**

**Is suntasach athléimneacht gheilleagar an Aontais ar fad** in ainneoin suaití eacnamaíocha a tharla i ndiaidh a chéile le blianta beaga anuas.

### Fás


In 2022, bhí fás suntasach **3.4 %** ann agus in ainneoin go bhfuilimid ag déileáil le leibhéal mór éiginnteachta, measaimid **go leanfaidh an fás ar aghaidh**.

### Fairsingiú

Thacaigh **margadh láidir saothair** leis an bhfairsingiú sin, agus rátaí dífhostaíochta níos ísle ná riamh agus méadú ag teacht ar an bhfostaíocht.

### Dífhostaíocht

An ráta iomlán dífhostaíochta san Aontas, ar a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta.




Foinse: Eurostat.


## AN CLÁR **NEXT**GENERATION**EU**

Is mó atá i gceist le NextGenerationEU ná freagairt éasca ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19: **is deis gan fasach é geilleagar a thógáil a fhóireann do gach saoránach den Aontas**.

### Infheistíocht

Infheistíocht choiteann Eorpach **€806.9 billiún**(*) chun an Eoraip a dhéanamh níos sláintiúla, níos glaise agus níos digití.

### An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta




### Eisíocaíocht

Ar an iomlán, tá **€153.4 billiún** ar an iomlán eisíoctha cheana féin, agus **€56.6 billiún** i réamh-mhaoiniú san áireamh.

### OTI

Measann an Coimisiún go bhféadfadh an infheistíocht a dhéantar a chistiú le NextGenerationEU amháin borradh thart ar **1.5 %** a chur faoi OTI an Aontais in 2024.

(*) Is i bpraghsanna reatha atá an figiúr sin. Is é atá ann €750 billiún i bpraghsanna 2018.

## AN BHLIAIN EORPACH UM SCILEANNA

Tá an tAontas Eorpach ag infheistiú go mór **san fhoghlaim ar feadh an tsaoil** chun scileanna daoine a chur in oiriúint don mhargadh saothair atá ag síorathrú.

### Cistí

Tá thart ar **€65 bhilliún** as cistí an Aontais curtha i leataobh ag na Ballstáit chun infheistíocht a dhéanamh i gcláir scileanna, tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus den chuid is mó.

### Tionchar

Bhain **2 mhilliún** duine tairbhe as gníomhaíochtaí uas-scilithe agus athscilithe faoin gComhshocrú do Scileanna.

### Oiliúint

Rinneadh **15,500** clár oiliúna a nuashonrú nó a fhorbairt.




## AN MARGADH **AONAIR**

Le 30 bliain anuas, thógamar margadh aonair cumhachtach, **an margadh is mó ar domhan**, a bhfuil gné láidir shóisialta ag baint leis.

### OTI

Is é atá ann

**15 %** de OTI an domhain


Meastar go bhfuil méadú **9 %** breise tagtha ar OTI an Aontais ó bunaíodh é 30 bliain ó shin.

### Méid

Is é atá ann

**440 milliún** saoránach

**23 mhilliún** gnólacht



# Global Gateway agus borradh a chur faoin infheistíocht dhomhanda

Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ar son an daonlathais, chearta an duine agus an iltaobhachais ar an leibhéal domhanda. In aimsir seo na ndúshlán domhanda nach bhfacthas a leithéid riamh cheana – ón athrú aeráide go géarchéimeanna sláinte domhanda agus teannas geopholaitiúil méadaithe – tá ról lárnach ag an Aontas maidir le geilleagar domhanda a fhorbairt atá athléimneach, inbhuanaithe agus atá ag fás do gach duine. Is mian linn comhpháirtíocht chomhionann a bheith againn le tíortha comhpháirtíochta chun teacht ar réitigh ar na fíordhúshláin atá os comhair náisiúin ísealioncaim agus mheánioncaim sa lá atá inniu ann.

Le **Global Gateway, plean dar luach €300 billiún le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe ar fud an domhain**, tá an Coimisiún ag tacú le tionscadail bhonneagair ar ardchaighdeán a chruthaíonn poist, a chuireann fás marthanach chun cinn agus a chruthaíonn luach ar bhonn áitiúil. Táimid ag iarraidh **90 mórthionscadal a chur chun tosaigh ar fud an domhain i mbliana**. Tá siad curtha in oiriúint don chás nua mar atá ar an láthair áitiúil, ach tá na gnéithe céanna acu.

- Is í an **inbhuanaitheacht** an chéad ghné. Ní hamháin gur mian linn ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a ráthú; ach is féidir linn cabhrú lenár gcomhpháirtithe freisin an teicneolaíocht agus na scileanna a bheidh ag teastáil uathu do na hearnálacha is mó fás sa gheilleagar domhanda a chur i bhfeidhm.
- Is é an **sochar frithpháirteach** an dara gné. Féadfaidh sé gurb é Global Gateway atá de dhíth chun na tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a spreagadh le dul chun

## Príomhphrionsabail treoracha le haghaidh infheistíochtaí




Ní hamháin gur mian linn ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a ráthú; ach is féidir linn cabhrú lenár gcomhpháirtithe freisin an teicneolaíocht agus na scileanna a bheidh ag teastáil uathu do na hearnálacha is mó fás sa gheilleagar domhanda a chur i bhfeidhm.




Féadfaidh sé gurb é Global Gateway atá de dhíth chun na tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a spreagadh le dul chun cinn a dhéanamh ar an slabhra luacha le haghaidh na forbartha tionsclaíche.




D'fhéadfadh comhpháirtíocht le hinfheisteoirí san earnáil phríobháideach infheistíocht a mhéadú ó na billiúin euro go dtí na trilliúin euro.

cinn a dhéanamh ar an slabhra luacha le haghaidh na forbartha tionsclaíche.

- Is é **comhpháirtíocht a dhéanamh le hinfheisteoirí ón earnáil phríobháideach** an tríú gné.D'fhéadfadh sé sin infheistíocht a mhéadú ó na billiúin euro go dtí na trilliúin euro.

Sa **Namaib**, mar shampla, tá Global Gateway ag cur ráthaíochtaí ar fáil le haghaidh infheistíocht phríobháideach i **hidrigin ghlas**. Tá dhá chuid sa sprioc seo: fuinneamh glan a ghiniúint agus ioncam nua a chur ar fáil don tír ionas go mbeidh sí in ann, mar shampla, hidrigin ghlas a easpórtáil chuig an Aontas Eorpach. I Ruanda, táimid ag obair le táirgeoir vacsaíní chun **teicneolaíocht mRNA** a thabhairt chuig an tír ionas go mbeidh sí in ann vacsaíní tarrthála a tháirgeadh don réigiún. Sna hOileáin **Filipíneacha**, táimid ag nascadh ár satailítí Copernicus chun an chéad **chóras Domhanbhreathnóireachta** a thógáil san Áise Thoir Theas, agus tá gnólacht teileachumarsáide Eorpach ag infheistiú i mbonneagar 4G agus 5G. Tabharfaidh comhar sna réimsí sin tacaíocht d'acmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide agus chun feabhas a chur ar bhainistiú rioscaí tubaiste.



Is sa **phacáiste infheistíochta idir an Afraic agus an Eoraip** a tháinig an chéad chloch mhíle a baineadh amach faoin tionscnamh 'Global Gateway'. Tá leath na hinfheistíochta tosaigh a rinne Global Gateway, arb é atá ann thart ar €150 billiún, dírithe ar thionscadail le comhpháirtithe san Afraic. Is é is cuspóir do na tionscadail sin infheistíocht inbhuanaithe a chothú i mbonneagar ríthábhachtach, arb iad na réimsí digiteacha, fuinnimh agus iompair atá i gceist leis, mar aon le sláinte, oideachas, scileanna, an t-athrú aeráide agus an comhshaol. I measc na dtionscadal tá:

- tionscnamh de chuid Team Europe faoi mhonarú vacsaíní agus rochtain orthu agus ar theicneolaíocht sláinte san Afraic, ag obair le Gána, le Ruanda, leis an tSeineagáil agus leis an Afraic Theas, agus le tíortha eile sa réigiún;
- cábla snáithíní optúla fomhuirí Medusa sa Mheánmhuir, a nascfaidh tuaisceart na hAfraice le tíortha an Aontais chun luasanna idirlín a mhéadú;
- infheistíocht sa bhonneagar digiteach sa Chéinia, sa Mháratáin agus sa Túinéis;
  - ó thaobh foinsí in-athnuaite fuinnimh de, tógáil bheartaithe ghléasra hidreachumhachta Ruzizi III don Bhurúin, do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus do Ruanda;
  - gléasraí agus saoráidí hidreachumhachta, cumhachta hidrigine, grianchumhachta agus cumhachta hibridí a thógfar i mBeinin, sa Chósta Eabhair, i Madagascar, i Maracó, sa Namaib, sa Nigéir agus sa Tansáin;
- deontais dar luach breis agus €280 milliún a bheith á gcur ar fáil ag an Aontas agus a Bhallstáit, faoin gComhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir, don Afraic Theas chun tacú le hathchóirithe beartais faoin téarnamh glas agus chun infheistíocht ghlas a chur ar fáil.

Cuirtear tionscadail **i gcomharsanacht an Aontais agus sna Balcáin Thiar** chun feidhme maidir leis na pleananna eacnamaíocha agus infheistíochta a comhaontaíodh leis na tíortha, mar shampla:

- Conair Leictreachais Thras-Balcáin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, i Montainéagró agus sa tSeirbia – idirnasc 400 cileavolta a nascann córais tarchurtha leictreachais na dtíortha le córais tarchurtha leictreachais na hIodáile, na Cróite, na hUngáire agus na Rómáine;
- cábla digiteach fomhuirí Nascacht Dhigiteach na Mara Duibhe, rud a thabharfaidh tacaíocht don aistriú digiteach agus a chuirfidh le hathléimneacht dhigiteach an réigiúin;

- cábla leictreachais a thógfar faoin Muir Dhubh chun cabhrú le tíortha mar an Airméin, an Asarbaiseáin agus an tSeoirsia a meascán fuinnimh a éagsúlú agus leas a bhaint as an acmhainneacht ollmhór a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, is é sin an hidreachumhacht, an ghrianchumhacht agus an chumhacht ghaoithe.

San **Áise agus san Aigéan Ciúin**, táimid ag cur Global Gateway chun feidhme trí thionscnaimh réigiúnacha agus dhéthaobhacha, agus beidh torthaí orthu a mbeidh tionchar claochlaitheach acu, mar shampla:

- tionscnamh réigiúnach de chuid Team Europe faoin gComhghuaillíocht Ghlas Ghorm don Aigéan Ciúin, agus tógáil gléasra hidreachumhachta Qaliwana i bhFidsí san áireamh freisin, mar aon le hobair chothabhála ar chúig aerstráice agus tógáil agus feabhsú dhá dhroichead bordála i Nua-Ghuine Phapua;
- tionscadal in 2023 le haghaidh infheistíocht i ngrianchumhacht agus i gcumhacht ghaoithe chun borradh a chur faoin aistriú fuinnimh ghlais sa Bhanglaidéis;
- an Chomhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir le Vítneam agus an Indinéis chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid de réir a chéile;
- oibriú leis an gCasacstáin chun an chomhpháirtíocht i dtaca le hamhábhair, le ceallraí agus le hidrigin in-athnuaite a chur chun feidhme;
- Ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus ASEAN in 2022, d'fhógair an tAontas agus a Bhallstáit go ndéanfaidh siad €10 mbilliún a ghiaráil in infheistíochtaí chun na tionscadail sin agus níos mó tionscadal de chuid Global Gateway a chur i gcrích sa réigiún.

Ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus CELAC sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2023, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit níos mó ná €45 bhilliún a infheistiú i gclár oibre infheistíochta Global Gateway **do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib** ina bhfuil liosta de bhreis is 130 tionscadal ina bhféadfaí infheistíocht a dhéanamh:

- tá Comhghuaillíocht Dhigiteach sínithe againn le formhór na dtíortha sa réigiún chun comhoibriú d'fhonn ár mbeartais dhigiteacha a chaighdeánú, mar shampla maidir le cosaint sonraí, le comhroinnt agus le príobháideachas. Sa chomhghuaillíocht freisin tá pleananna le haghaidh lárionad réigiúnach Copernicus do sheirbhísí spásbhunaithe, a bheidh bunriachtanach don eitlíocht, do ladrainn agus don tiomáint uathrialach;
- in 2023, seolfar tionscnamh de chuid Team Europe maidir le himchuach na hAmasóine chun dífhoraoisiú a chosc, mar aon leis an tionscadal 'Cúig Fhoraois Mhóra Mhéisi-Mheiriceá' a thabharfaidh cosaint do 10 milliún heicteár foraoise faoi 2030;
- tá comhpháirtíochtaí sínithe ag an Aontas (nó síneoidh sé iad go luath) leis an Airgintín, leis an mBrasaíl, leis an tSile, leis an gColóim, le Cósta Ríce, le Paragua agus le hUragua chun hidrigin ghlas agus amhábhair a tháirgeadh;
- cuideoimid chun rochtain ar líonraí leathanbhanda a chur ar fáil ar fud Iamáice faoi 2030;
- táimid ag feabhsú iompar muirí idir-réigiúnach Mhuir Chairib le bád farantóireachta ilmhódach a nascann an Ghuáin agus Suranam le Barbadós, Oileán na Tríonóide agus Tobága, comhaltaí na hEagraíochta um Stáit Mhuir Chairib Thoir agus críocha Francacha thar lear.

Tá leath de ghealltanas iomlán **Chomhpháirtíocht G7 maidir le Bonneagar Domhanda agus Infheistíocht** á thabhairt do Global Gateway. Tá stáit G7 ag teacht le chéile lena ról a imirt sa réiteach ar an mbearna infheistíochta sa bhonneagar. Tar éis chruinniú mullaigh fónta G7 in Hiroshima, leanfaimid de bheith ag obair go dlúth leis na chéad tíortha eile a bheidh ina n-uachtarán ar G7: an Iodáil in 2024 agus Ceanada in 2025.

# Clár oibre trádála an Aontais a athsheoladh

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún **athbhreithniú cuimsitheach ar straitéis an Aontais maidir le beartas trádála**, agus léiríonn sé sin an tiomantas diongbháilte atá againn do bheartas trádála a chuireann oscailteacht, inbhuanaitheacht agus ceannas chun cinn ar an leibhéal domhanda. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaidh ár gcreat trádála na huirlisí is gá dúinn chun cosaint a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála. Ó shin i leith, tá tréaniarrachtaí déanta ag an gCoimisiún an straitéis sin a chur chun feidhme agus a chur chun cinn agus, dá réir sin, is amhlaidh atá an tAontas ar thús cadhnaíochta sa trádáil idirnáisiúnta.

## *Na Comhairlí Trádála agus Teicneolaíochta*

De réir mheon an chomhair idirnáisiúnta, tá Comhairlí Trádála agus Teicneolaíochta bunaithe ag an Aontas agus ag daonlathais chomhpháirtíochta chun comhpháirtíochtaí táirgiúla a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. Le linn an tríú Cruinniú Aireachta **den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe** an 5 Nollaig 2022, agus an ceathrú cruinniú an 30 agus an 31 Bealtaine 2023, chomhaontaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe an Tionscnamh Trasatlantach don Trádáil Inbhuanaithe agus Idirphlé faoi Dhreasachtaí Fuinnimh Ghlain a sheoladh. Tháinig cuid den Chomhairle, **Tascfhórsa an Aontais agus na Stát Aontaithe maidir le Tallann don Fhás**, le chéile den chéad uair an 17 Bealtaine 2023. Is éard atá ina shainordú dea-chleachtais a chomhroinnt, cuir chuige nuálacha i leith forbairt scileanna a chur chun cinn agus cláir oiliúna spreagúla a chur chun cinn do ghnólachtaí an Aontais agus do ghnólachtaí na Stát Aontaithe.



Ag an gcéad chruinniú a bhí ag an g**Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India** an 16 Bealtaine 2023, bhí an dá pháirtí níos gníomhaí agus chomhaontaigh siad comhoibriú faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus faoi thaighde ar theicneolaíochtaí glana agus glasa, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trádála. Is é is aidhm don Chomhairle sin feabhas a chur ar an trádáil dhéthaobhach idir an tAontas agus an India, trádáil a bhain na leibhéil is airde amach riamh in 2022 agus earraí á dtrádáil dar luach €120 billiún.

## *An Ríocht Aontaithe*

I mí Feabhra 2023, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen agus Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe, Rishi Sunak, **Creat Windsor** ar sraith chuimsitheach de réitigh chomhpháirteacha é darb aidhm aghaidh a thabhairt, ar bhealach cinntitheach, ar na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le hoibriú an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, agus ar an gcaoi sin **cinnteacht agus intuarthacht bhuan** a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann. Leis an gcreat sin, bhí an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in ann teacht ar chomhréiteach i dtreo caidreamh níos dearfaí agus níos cobhsaí. Cur chun feidhme iomlán, tráthúil agus dílis Chreat Windsor, agus an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar ar bhonn níos ginearálta, chomh maith le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, sin é an phríomhthosaíocht sa chaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe anois. Trí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na gcomhaontuithe sin, d'fhéadfadh buntáistí a bheith ann don dá thaobh de Mhuir nIocht. Clúdaíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair roinnt réimsí, cuir i gcás trádáil earraí agus seirbhísí, fuinneamh, slándáil agus baint na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe de chuid an Aontais. An 27 Meitheamh 2023, shínigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe meabhrán tuisceana maidir le comhar rialála i seirbhísí airgeadais freisin.

## An tSín

An 30 Márta 2023, thug an tUachtarán von der Leyen óráid chinniúnach maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín sular thug sí cuairt ar Bhéising. Le 3 bliana anuas, tá ár gcaidreamh déthaobhach i ndiaidh éirí níos coimhthíche agus níos deacra mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar thoilteanas na Síne dul i dteagmháil ar dhóigh shubstainteach leis an Aontas Eorpach, agus mar gheall ar theanntás na Síne agus a dúshlán don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Mar sin féin, tá ár gcaidreamh leis an tSín i bhfad róthábhachtach le cur i mbaol de bharr nach leagfaí amach go soiléir téarmaí rannpháirtíochta sláintiúla. In aitheasc an Uachtaráin, leag sí béim ar an n**gá atá leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín a dhí-rioscú agus a athchothromú**. Is ionann sin agus leanúint de chaidreamh eacnamaíoch déthaobhach a fhorbairt agus comhoibriú a dhéanamh ar dhúshláin dhomhanda, agus ag an am céanna, aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a eascraíonn as samhail eacnamaíoch agus fóirdheonú na Síne faoi stiúir an stáit, spleáchais chriticiúla an Aontais a laghdú agus dul i ngleic le rioscaí sonracha a bhaineann lena straitéis um chomhtháthú sibhialta-míleata agus leis an úsáid a bhaineann sí as cleachtais chomhéigneacha.



**An 6 Aibreán 2023, thug an tUachtarán von der Leyen cuairt ar an tSín**. Chuir an tUachtarán i dtábhacht an gá atá ann an tsíocháin a shaothrú bunaithe ar phlean síochána 10 bpointe na hÚcráine. Maidir leis an Téaváin, d'athdhearbhaigh sí an gá atá le cobhsaíocht agus le díghéarú, agus nach féidir an *status quo* a athrú go haontaobhach ná le forneart. Tharraing an tUachtarán aird freisin ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, agus í ag tagairt do Xinjiang go háirithe, agus saincheisteanna domhanda amhail faoiseamh fiachais, athchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála agus an ullmhacht chun paindéime. An mhí dár gcionn in Hiroshima na Seapáine, thacaigh G7 le straitéis dí-rioscaithe an Uachtaráin von der Leyen, straitéis a spreag teachtaireacht an chruinnithe mullaigh.

## Oscailteacht

In ainneoin an tsuaite ar shlabhraí soláthair arbh í an phaindéim ba chúis leis, agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina dhiaidh sin, ba é an tAontas an bloc trádála ba mhó ar domhan go fóill, agus baint aige le breis agus 16 % den trádáil domhanda, agus tá dul chun cinn déanta againn chun oscailteacht trádála a chur chun cinn trí éachtaí nithiúla a bhaint amach. Go háirithe, tugadh an t-idirphlé maidir le comhaontuithe saorthrádála i gcrích go rathúil leis **an tSile** agus leis **an Nua-Shéalainn**, agus leanadh den idirphlé leis **an Astráil**, leis an g**Cómhargadh Theas**, le **Meicsiceo**, leis **an India** agus leis **an Indinéis**.

Thug an Coimisiún Eorpach caibidlíocht le h**Angóla** i gcrích freisin maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú (SIFA), an chéad chomhaontú de chuid an Aontais den chineál sin. Tá comhaontuithe den sórt sin á saothrú ag an Aontas chun infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn agus é i dteagmháil le comhpháirtithe san Afraic. Leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas agus Angóla, is éasca a bheidh sé infheistíochtaí a mhealladh agus a leathnú agus, ag an am céanna, gealltanais maidir leis an gcomhshaol agus maidir le cearta saothair a chomhtháthú sa chaidreamh idir an tAontas agus Angóla.

## Inbhuanaitheacht

An 22 Meitheamh 2022, chun tábhacht mhéadaitheach na hinbhuanaitheachta inár gcaidrimh trádála a léiriú, thug an Coimisiún isteach cur chuige ceannródaíoch lena n-ordaítear go gcuirfear **caibidlí cuimsitheacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe** san áireamh i gcomhaontuithe trádála uile

an Aontais. Tá raon leathan de ghealltanais a chomhaontaítear go frithpháirteach i gceist leis na caibidlí sin, ina measc sin, tacú le comhaontuithe idirnáisiúnta ríthábhachtacha, mar shampla Comhaontú Pháras agus coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le cearta oibrithe.

An 24 Aibreán 2023, chruthaigh **an tAontas Eorpach** agus **an Iorua Comhghuaillíocht Ghlas**, rud a dhéanann ionadaíocht ar bhunús na rannpháirtíochta déthaobhaí faoin gComhaontú Glas don Eoraip. Is ardán láidir í an chomhpháirtíocht cheannródaíoch seo chun dlús a chur le hiarrachtaí comhpháirteacha maidir le gníomhú ar son na haeráide, cosaint an chomhshaoil, agus comhar i ndáil le fuinneamh glan agus an t-aistriú tionsclaíoch. D'athdhearbhaigh an dá pháirtí a dtiomantas buanseasmhach dá spriocanna faoi seach do 2030, agus é d'aidhm acu laghdú íosta 55 % a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

## Teanntás

Chun teanntás an Aontais a threisiú ar an leibhéal domhanda, chomhaontaigh na comhreachtóirí i mí an Mheithimh an **Ionstraim Frith-Chomhéigin (IFC)** a bhunú. Cuirfidh an uirlis nua sin ar a chumas don Aontas aghaidh a thabhairt ar chomhéigean eacnamaíoch, agus, dá bharr sin, a leasanna agus leasanna na mBallstát a chosaint níos fearr ar an leibhéal domhanda. Is é an ról is tábhachtaí a bheidh ag IFC a bheith ina díspreagadh le haon chomhéigean eacnamaíoch a d'fhéadfaí a dhéanamh. Má dhéantar comhéigean eacnamaíoch mar sin féin, cuireann IFC struchtúr ar fáil chun a chur ina luí ar an tír nach den Aontas í stop a chur leis na bearta comhéigneacha, trí idirphlé agus trí rannpháirtíocht. Má theipeann ar an rannpháirtíocht, áfach, cuireann an Ionstraim réimse leathan frithbheart ar fáil a d'fhéadfadh an tAontas a úsáid in aghaidh na tíre atá i mbun comhéigin. Orthu sin tá taraifí, srianta ar thrádáil seirbhísí, agus srianta ar rochtain na hinfheistíochta dírí coigríche nó an tsoláthair phoiblí.

## An tSlándáil Eacnamaíoch

An 20 Meitheamh, chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí **Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Eacnamaíoch** i láthair. Dírítear sa straitéis ar íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as sreafaí eacnamaíocha áirithe i gcomhthéacs teannas geopholaitiúil méadaithe agus athruithe teicneolaíochta brostaithe, agus uasleibhéil oscailteachta agus dinimicis á gcaomhnú ag an am céanna.



Leagtar amach sa Straitéis creat atá le cur chun feidhme i gcomhar le Ballstáit an Aontais, chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint trí neartú bhonn eacnamaíoch an Aontais a chur chun cinn, go háirithe maidir le heochairtheicneolaíochtaí agus earnálacha cumasúcháin, trí ghnólachtaí, saoránaigh agus rialtais an Aontais a chosaint ar rioscaí don tslándáil eacnamaíoch, cuir i gcás comhéigean agus úsáid caidrimh trádála mar uirlis chogaidh, agus trí chomhpháirtíocht a dhéanamh leis an raon tíortha is leithne is féidir chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus leasanna coiteanna.

# Eoraip níos láidre sa domhan mór

In aimsir seo na ndúshlán domhanda nach bhfacthas a leithéid riamh cheana – ón athrú aeráide go géarchéimeanna sláinte domhanda agus teannas geopholaitiúil méadaithe – tá ról lárnach ag an Aontas maidir le geilleagar domhanda a fhorbairt atá athléimneach, inbhuanaithe agus atá ag fás do gach duine. Seo thíos rogha den mhéid atá bainte amach againn le bliain anuas:

## CRÍOCHA MHEIRICEÁ

### Stáit Aontaithe Mheiriceá

- Dhá Chruinniú Aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe
- An Tionscnamh Trasatlantach maidir leis an Trádáil Inbhuanaithe agus Idirphlé maidir le Tionscnaimh le haghaidh Fuinneamh Glas
- An Tascfhórsa Sláinte idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá
- Creat Príobháideachais Sonraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe

### MEIRICEÁ LAIDINEACH

- An Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib
- Clár Oibre Nua don chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib
- Infheistíocht €45 bhilliún ó Team Europe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib trí Global Gateway
- An 3ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh
- Tionscnamh Team Europe maidir le hAbhantrach na hAmasóine chun an dífhoraoisiú a chosc
- Tionscadal 'Cúig Mhórfhoraois Mhéisi-Mheiriceá' chun 10 milliún heicteár foraoise a chosaint faoi 2030

### An Bhrasaíl

- €2 bhilliún chun tacú le táirgeadh hidrigine glaise sa Bhrasaíl agus chun an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn
- Tionscnamh Team Europe maidir le 'Foraoisí Trópaiceacha na Brasaíle'

### An tSile

- An chaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil tugtha i gcrích
- Tionscnamh Team Europe maidir le Hidrigin Ghlas
- Meabhrán Tuisceana maidir le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe

### An Airgintín

- Meabhrán Tuisceana maidir le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe
- Meabhrán Tuisceana maidir le comhar fuinnimh

### Veiniséala

- Comhdháil Idirnáisiúnta i nDlúthpháirtíocht le Dídeanaithe agus Imircigh Veiniséalacha agus lena bPobail Óstacha

## AN AFRAIC

Deontais agus infheistíocht dar luach €150 billiún ar thacaigh buiséad an Aontais leo mar chuid de Phacáiste Infheistíochta Global Gateway idir an Afraic agus an Eoraip

- Tionscnamh Team Europe dar luach €1 bhilliún maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus Athléimneacht

### AN AFRAIC THUAIDH

- Dhá thionscnamh Team Europe dírithe ar bhealaí imirce an Atlantaigh/na Meánmhara Thiar agus na Meánmhara Láir
- Cábla snáthoptaice fomhuirí Medusa sa Mheánmhuir

### An Túinéis

- Pacáiste cuimsitheach comhpháirtíochta

### Maracó

- Cláir nua comhair maidir leis an aistriú glas, an imirce agus athchóirithe

### An Éigipt

- Comhpháirtíocht straitéiseach um hidrigin in-athnuaite

### AN AFRAIC FHO-SHAHÁRACH

- €100 milliún do Thionscnamh na Múinteoirí Réigiúnacha

### An tSúdáin

- Maoiniú daonnúil €126.4 milliún in 2023; beagnach €700 milliún ó bhí 2013 ann

## AN EORAIP

### an Ríocht Aontaithe

- Comhaontú maidir le Creat Windsor
- Meabhrán tuisceana maidir le comhar rialála i seirbhísí airgeadais

### An Iorua

- An Chomhghuaillíocht Ghlas idir an tAontas agus an Iorua

### An Úcráin

- €76 bhilliún de thacaíocht iomlán don Úcráin agus dá muintir
- An chéad chruinniú riamh idir an Coláiste agus an Rialtas i gCív
- Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin

### An Mholdóiv

- Pacáiste tacaíochta nua €300 milliún

## NA BALCÁIN THIAR

- Pacáiste tacaíochta fuinnimh dar luach €1 bhilliún
- Pacáiste infheistíochta breise €2.1 billiún faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta
- Plean nua fáis don réigiún
- Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar i dTiorána na hAlbáine

## RÉIGIÚN CHUGAIS

Cábla digiteach fomhuirí maidir le Nascacht Dhigiteach na Mara Duibhe

### An Chasacstáin

- Comhpháirtíocht straitéiseach maidir le hamhábhair, ceallraí agus hidrigin in-athnuaite

## AN ÁISE

€10 mbilliún mar chuid de Global Gateway don Áise Thoir Theas

### An tSeapáin

- An 29ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin
- Comhar straitéiseach maidir le saincheisteanna digiteacha, slabhraí soláthair amhábhar criticiúil, agus margadh idirnáisiúnta hidrigine a fhorbairt
- An chéad Chomhairle Comhpháirtíochta Digití idir an tSeapáin agus an tAontas Eorpach

### An Chóiré Theas

- Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Chóiré Theas
- Seoladh comhpháirtíochtaí glasa agus digiteacha idir an tAontas agus an Chóiré Theas

### An tSín

- In óráid chinniúnach roimh chuairt an Uachtaráin von der Leyen, leag sí amach beartas dí-rioscaithe, seachas díchúpláil ón tSín

### An Vítneam

- Comhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid

### An India

- An chéad chruinniú den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe

### Singeapór

- Comhpháirtíocht dhigiteach

### An Indinéis

- Comhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir

### An Tuirc agus an tSiria

- Comhdháil deontóirí idirnáisiúnta i ndlúthpháirtíocht le híospartaigh an chreatha talún sa tSiria agus sa Tuirc
- An 7ú comhdháil sa Bhruiséil maidir le todhchaí na Siria agus an réigiúin

## AN AFRAIC THIAR AGUS AN AFRAIC LÁIR

Cabhair dhaonnúil dar luach €181.5 milliún

### An tSeineagáil

- Comhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir

## MÓR-RÉIGIÚN CHORN NA hAFRAICE

Cabhair dhaonnúil dar luach €331 mhilliún

### An Chéinia

- Tugadh an chaibidlíocht i gcrích maidir le Comhaontú uaillmhianach Comhpháirtíochta Eacnamaíche

## AN AIGÉINE

### RÉIGIÚN AN AIGÉIN CHIÚIN

Comhaontas Glas Gorm don Aigéan Ciúin

### An Nua-Shéalainn

- Síníodh comhaontú saorthrádála

### An Astráil

- Tháinig an Creat-Chomhaontú i bhfeidhm

## DEISCEART NA hAFRAICE

### An Afraic Theas

- Infheistíocht €280 milliún in Global Gateway mar chuid den Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Aistriú Fuinnimh Cóir

### Angóla

- Tugadh an chaibidlíocht i gcrích maidir le Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú

### An Namaib

- Comhpháirtíocht straitéiseach maidir le hamhábhair inbhuanaithe agus hidrigin in-athnuaite

### An tSaimbia

- €110 milliún chun oideachas, sláinte agus fuinneamh glas a chur chun cinn

## AN LEIBHÉAL DOMHANDA

- Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming–Montréal
- Clár oibre nua an Aontais maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan
- Cruinniú mullaigh G7 in Hiroshima na Seapáine
- Cruinnithe mullaigh G20 in Bali, san Indinéis agus san India, Comhpháirtíochtaí Foraoise agus Aeráide leis an gCongó, leis an nGuáin, leis an Mongóil, leis an tSaimbia agus le hUganda

# 3 Athléimneacht shochaíoch na hEorpa a fhorbairt

Tá an daonlathas Eorpach láidir agus sláintiúil, ach is gá obair a dhéanamh i gcónaí chun é a chosaint. Idir seasamh leis an smacht reachta agus neamhspleáchas córas breithiúnach a chosaint, éilliú a chomhrac agus rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, d'fhan an Coimisiún dílis dá ról mar chaomhnóir na gconarthaí in 2022 agus 2023. Leanfaimid den **daonlathas a chosaint** sa tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha in 2024. Tá an comhionannas fós i gcroílár bheartas an Aontais agus ritheadh tionscnaimh reachtacha tábhachtacha, cuir i gcás treoir chun prionsabal **an phá comhionann as obair chomhionann** a neartú. Ó bhí géarchéim COVID-19 ann, tosaíocht de chuid an Aontais seo againne freisin is ea ráthú a dhéanamh ar shlándáil, sábháilteacht agus sláinte na ndaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas, i gcoinne bagairtí trasteorann. Chun ár n-aontas sláinte a neartú, nochtadh **cur chuige cuimsitheach maidir leis an meabhairshláinte** freisin. Ó thaobh na himirce agus an tearmainn de, tá athchóirithe ríthábhachtacha tugtha isteach ag an gCoimisiún agus tá sé ag tacú le comhaontú tapa idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Thairis sin, le bliain anuas tá an Coimisiún ag leanúint de bheith ag tacú leis na hiarrachtaí daonnúla laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

## Tacú leis an smacht reachta agus an t-éilliú a chomhrac

Tá stair uathúil ag an Aontas Eorpach, agus fís ar leith aige don todhchaí. Is daonlathas ilchríochach é ina bhfuil náisiúin éagsúla a bhfuil cuspóir aontaithe acu i leith na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais agus an smachta reachta. D'eascair an tAontas Eorpach as léirscrios an Dara Cogadh Domhanda, agus gealladh ann nárbh fhéidir cogadh a bheith ann idir na Ballstáit. Ó shin i leith, tá muintir na hEorpa aontaithe le chéile san éagsúlacht. Leis an aontacht sin eadrainn, is féidir linn luachanna agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint agus a chur chun cinn sa bhaile agus lasmuigh dár dteorainneacha. Chuir cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine i gcuimhne dúinn gur gá an daonlathas a shaothraíomar go maith a chosaint, chomh maith leis na saoirsí a ráthaíonn an daonlathas sin. De réir mheon 1989, agus meon na nÚcránach a throideann ar son na saoirse sa lá atá inniu ann, ní mór do gach glúin Eorpach cuidiú chun **cur le hathléimneacht an daonlathais Eorpaigh** agus gealltanas thionscadal síochána na hEorpa a athnuachan.

Is é **an smacht reachta agus urraim ar dhlí an Aontais** bunchloch an Aontais Eorpaigh, rud a thacaíonn leis an tsaoirse, le cothrom na Féinne agus leis an gcomhionannas. Leanann an Coimisiún de dhlí an Aontais a mholadh agus a chosaint go diongbháilte. In 2022 rinneamar beart cinntitheach maidir le 1,410 gcás de nósanna imeachta um

shárú, lena gcinntítear forfheidhmiú dhlí an Aontais. Tá ár dtuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta, bunchloch **thimthriall an Aontais maidir leis an smacht reachta** a bunaíodh in 2020, ina bonn le haghaidh idirphlé torthúil agus malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát, agus le haghaidh díospóireachtaí i bParlaimint na hEorpa agus sna parlaimintí náisiúnta ina leith. Léirítear an méid sin freisin le hiarrachtaí na mBallstát na moltaí a chur chun feidhme a eisíodh den chéad uair i dtuarascáil 2022. Mar is léir dúinn ó thuarascáil 2023, thug na Ballstáit aghaidh ar 65 % de na moltaí ó 2022, rud a léiríonn treocht dhearfach, agus aithnítear ag an am céanna go bhfuil gá le níos mó ama chun roinnt athchóirithe a chur i gcrích.




Is é is aidhm don **chóras ginearálta coinníollachta**, rud a tugadh isteach in 2021, buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabal an smachta reachta sna Ballstáit. Rannchuidíonn an ionstraim sin leis an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint, a mhéid is féidir bearta buiséadacha a fhorchur ar na Ballstáit i gcás ina ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais, nó ina bhfuil baol mór ann go ndéanfaidís difear don bhainistiú sin nó do leasanna airgeadais an Aontais

In 2022, tar éis togra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle bearta maidir le Ballstát. Is féidir deireadh a chur le bearta a glacadh faoin gcóras ginearálta coinníollachta má chruthaíonn an Ballstát lena mbaineann gur leigheas sé an staid ba chúis lena nglacadh.

Cuid ríthábhachtach den timpeallacht chumasúcháin is gá don smacht reachta is ea **beartais éifeachtacha frith-éillithe**, mar aon le hurraim don neamhspleáchas breithiúnach, meáin shaora agus iolraíocha, riarachán poiblí trédhearcach ar ardchaighdeán, agus sochaí shibhialta atá saor agus gníomhach. I mí na Bealtaine 2023 rinne an Coimisiún beart cinntitheach agus chuir sé chun cinn dhá thogra frith-éillithe spriocdhírithe chun an t-éilliú san Aontas a chomhrac. Leis na tograí, comhchuibhítear rialacha an Aontais maidir le sainmhínithe ar chionta éillithe agus pionóis ina leith chun ardchaighdeáin a chinntiú i gcoinne réimse iomlán na gcionta éillithe, agus chun an forfheidhmiú a fheabhsú. Féachann na tograí freisin le struchtúir a chur i bhfeidhm sna Ballstáit a chuirfeadh cosc ar éilliú ar bhealach ní b'fhearr ar an gcéad dul síos. Mhol an Coimisiún, i gcomhpháirt leis an Ardionadaí, córas tiomnaithe smachtbhannaí chun díriú ar an éilliú tromchúiseach ar fud an domhain.

I mí an Mheithimh 2023 mhol an Coimisiún an chéad **Chomhlacht Eitice** idirinstitiúideach a chruthú, a mbeidh sé de chúram air caighdeáin choiteanna a fhorbairt lena gcumhdófaí baill d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais. Le bunú an Chomhlachta Eitice, beidh caighdeáin choiteanna ann den chéad uair maidir le hiompar eiticiúil comhaltaí, agus beidh sásra foirmiúil ann chun tuairimí a chomhordú agus a mhalartú i measc institiúidí maidir le ceanglais eiticiúla. I ndiaidh na n-athruithe sin, beidh comhaltaí d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais faoi réir caighdeáin choiteanna shoiléire thrédhearcacha intuigthe.

# Cineálacha nua rannpháirtíochta daonlathaí a chur chun cinn

In 2023, sheas an Coimisiún lena ghealltanas obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na **Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa**, cleachtadh sa daonlathas rannpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid riamh – an cleachtadh is mó dá leithéid riamh. Lean an Coimisiún de bheith ag gníomhú de réir na moltaí ón gcomhdháil, agus rinne 35 cinn de na 43 thionscnamh nua i gclár oibre 2023 an Choimisiúin obair leantach, ar bhealach díreach nó indíreach, i ndáil leis na tograí sin.

D’fhonn rannpháirtíocht na saoránach a leabú inár mbosca uirlisí ceaptha beartas, bhunaigh an Coimisiún **glúin nua de phainéil saoránach**, agus tugann gach ceann acu thart ar 150 saoránach le chéile a roghnaítear go randamach chun moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí áirithe ón gCoimisiún. Tionóladh trí phainéal in 2023 agus dhírigh siad ar chur amú bia, domhain fhíorúla agus soghluaisteacht foghlama. Chuir siad béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na saoránach inár bpróiseas daonlathach. Is ar an nglúin óg a cuireadh béim ar leith; idir 16 agus 25 bliana d’aois a bhí an tríú cuid de na painéalaithe, rud a aithníonn an ról ríthábhachtach atá acu maidir leis an todhchaí a mhúnlú.

Leanann an Coimisiún den trédhearcacht a mhéadú agus de cháilíocht cheapadh beartais an Aontais a fheabhsú trí athchóiriú a dhéanamh ar an ardán ‘Cloisimis uait’, mol ar líne le haghaidh díospóireachtaí uile-Eorpacha maidir le saincheisteanna áirithe Eorpacha.




Baineadh cloch mhíle amach an 18 Aibreán 2023 nuair a cláraíodh an **100ú tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh** dar teideal ‘Príomhchathracha agus saoránaigh uile na hEorpa a nascadh trí líonra traenach ardluais’. Tá an tionscnamh seo ina chuid d’uirlis chumhachtach daonlathais rannpháirtíochta lenar bailíodh breis agus 17 milliún síniú le haghaidh tionscnaimh éagsúla ó bunaíodh é in 2012.

Táimid ag forbairt uirlisí chun tacú leis na Ballstáit ar mian leo a rannpháirtíocht leis na saoránaigh a dhoimhniú maidir le saincheisteanna Eorpacha. Tá torthaí maithe ag eascairt as an tionscadal píolótach **‘An Eoraip a thógáil i gcomhar le comhairleoirí áitiúla’**, agus d’fhéadfadh sé a bheith ar cheann de na huirlisí a bheidh ar fáil amach anseo chun athléimneacht dhaonlathach níos fearr a chothú, ón mbun aníos.

Aithníonn an Coimisiún go hiomlán gur saoránaigh ghníomhacha agus gníomhairí an athraithe iad na páistí agus na daoine óga sa daonlathas Eorpach. Ar an gcúis sin, tá **Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí** á bhunú againn, a bheidh ina ardán buan ar líne agus as líne, chun a chur ar a gcumas do pháistí ar fud an Aontais páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht an Aontais ar bhealach córasach fiúntach. Tá an t-ardán seo á thógáil i gcomhar le páistí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le Parlaimint na hEorpa.

# Aontas an chomhionannais a thógáil

San Aontas Eorpach, bímid tiomanta i gcónaí do shochaí níos foirfe a thógáil ina mbíonn deis chothrom ag cách a bheith faoi rath. Is orainn go léir a bhraitheann ár nAontas. Ní mór do gach duine a bheith saor chun a n-indibhidiúlacht a chur in iúl, a gcuid tuairimí a chur in iúl, adhradh a dhéanamh faoi shaoirse agus grá a thabhairt dá rogha duine. Is léiriú é ár dtiomantas seasmhach ar na **saoirsí bunúsacha** sin a chosaint le dlí an Aontais. Mar sin féin, aithnímid nach mbíonn deireadh lenár gcuid oibre riamh, agus go bhfuil go leor constaicí le sárú fós chun saoirse agus sábháilteacht chothrom gach duine san Aontas a chinntiú.

Tá **Haley Bugeja**, imreoir sacair sárthréitheach, dílis don chomhionannas sa spórt agus cuireann sí an pheil chun cinn go gníomhach do chailíní i Málta agus níos faide i gcéin. Chuaigh an bhean 19 mbliana d'aois ag imirt le Inter Milan le déanaí tar éis séasúr a chaitheamh i Sraith Sacair Náisiúnta na mBan sna Stáit Aontaithe, agus leanann sí den chomhionannas a chur chun cinn trí chailíní a spreagadh go gníomhach chun dul i mbun spóirt agus barr feabhais a bhaint amach ann.


© Photo by Mattia Pistoia - Inter/Inter via Getty Images

Leagtar béim inár **Straitéis 2020-2025 um Chomhionannas Inscne** ar a thábhachtaí atá sé cothú a dhéanamh ar shochaí agus geilleagar atá faoi bhláth agus atá cothrom ó thaobh inscne de. Tharla eachtra i mí na Samhna 2022 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe nuair a ghlacamar rialacha cinniúnacha chun **cothromaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha a fheabhsú**, deich mbliana tar éis an togra ón gCoimisiún maidir le mná ar bhoird, agus é á shainordú gur 40 % ar a laghad de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin i gcuideachtaí liostaithe a bheadh ag an ngnéas tearcionadaithe faoi 2026.


I mí na Nollag 2022 mhol an Coimisiún comhchuibhiú a dhéanamh, ar leibhéal an Aontais, ar na rialacha maidir leis an tuismíocht a aithint chun **cearta teaghlach i gcásanna trasteorann** a neartú. Cinntíonn an togra seo go n-aithnítear tuismíocht atá bunaithe i mBallstát amháin i ngach Ballstát eile, gan aon ghá le nós imeachta speisialta ar bith.

I mí na Bealtaine 2023 rinneamar dul chun cinn arís trí rialacha nua a ghlacadh lena neartaítear cur i bhfeidhm phrionsabal an **phá chomhionainn as obair chomhionann** idir fir agus mná, chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní faoi dheireadh.

An 1 Meitheamh 2023, d'aontaigh an tAontas do **Choinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac** faoi dheireadh, 7 mbliana tar éis don Choimisiún a thogra a chur ar aghaidh chun é sin a dhéanamh. Thairis sin, táimid i mbun caibidlíochta faoi láthair i ndáil leis an togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, togra a cuireadh i láthair i mí an Mhárta 2022, darb aidhm caighdeáin íosta a leagan síos i ndlí an Aontais chun cineálacha áirithe foréigin inscnebhunaithe a choiriúlú; rochtain a fheabhsú ar cheartas, cosaint agus tacaíocht d'íospartaigh; comhordú a chinntiú idir seirbhísí ábhartha; agus cosc a chur ar na cineálacha coireanna sin.

Tá an tAontas tiomanta freisin a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha,

trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha (LADTIA) a chosaint. Sa **chéad straitéis de chuid an Choimisiúin um chomhionannas LADTIA** do 2020-2025, leagadh amach bearta chun comhionannas LADTIA a chomhtháthú i ngach réimse beartais agus chun cur le guthanna daoine LADTIA. Leis an straitéis sin, féachtar leis na Ballstáit a thabhairt le chéile i misean coiteann chun dul i ngleic le hidirdhealú LADTIA ar bhealach níos éifeachtaí faoi 2025. Chuir an Coimisiún togra i láthair i mí na Nollag 2022 chomh maith chun **comhlachtaí comhionannais a neartú** sa chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe, trí chaighdeáin íosta a leagan amach a mhéid a bhaineann lena sainordú, a neamhspleáchas, a n-acmhainní, a gcúraimí agus a gcumhachtaí.



Le plean gníomhaíochta 2020-2025 an Aontais maidir leis an bhfrithchiníochas, déantar an comhrac in aghaidh an chiníochais a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais. I mí Feabhra, cheapamar comhordaitheoir nua chun cur i gcoinne fuath frith-Mhoslamach. Spreagamar na Ballstáit **pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais** a ghlacadh faoi dheireadh 2022. I mí Eanáir 2023, rinneamar meastóireacht ar chreataí straitéiseacha náisiúnta maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, agus leanfaimid de na Ballstáit a ghríosú a n-iarrachtaí a mhéadú chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe chiníoch inár nAontas éagsúil.

Le **straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac**, d'iarramar ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta a cheapadh sa réimse sin.

Tá daoine faoi mhíchumas, cosúil le gach duine eile, i dteideal páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol. Faoi láthair, san Aontas Eorpach ní fhostaítear ach a leathchuid de na 42.8 milliún duine in aois oibre atá faoi mhíchumas. Leis an b**pacáiste maidir le fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas** a cuireadh i láthair i mí Mheán Fómhair 2022, tacaítear leis na Ballstáit an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, an bhochtaineacht a chomhrac agus scileanna agus inniúlachtaí daoine faoi mhíchumas a threisiú. Tá foráil déanta againn maidir leis an g**cárta míchumais Eorpach** a thabhairt isteach, cárta chun aitheantas trasteorann a chinntiú do stádas míchumais, chun tréimhsí gearrfhanachta i mBallstáit eile a éascú tríd an rochtain chéanna a thabhairt ar fud an Aontais ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí agus a thugtar do náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

## Ár n-athléimneacht a mhéadú agus saoránaigh an Aontais a chosaint

Faoin **Aontas Slándála Eorpach**, tá an tAontas tiomanta saoránaigh agus gnólachtaí uile an Aontais a chosaint, ar líne agus as líne araon. Ó nochtadh Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála i mí Iúil 2020, tá dul chun cinn suntasach déanta lena dtreisítear ceithre cholún na straitéise: aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí, an chibearshlándáil a mhéadú, comhar i bhforfheidhmiú an dlí a chothú, agus tacú leis an athléimneacht i gcoinne bagairtí hibrideacha. Ina theannta sin, tá rialacha nua-aimseartha i bhfeidhm anois a dhaingníonn na gnéithe fisiciúla agus digiteacha a bhaineann le hearnálacha an bhonneagair chriticiúil, a bhfuil earnálacha an fhuinnimh, an iompair, na sláinte, an spáis, na teileachumarsáide agus na seirbhísí digiteacha san áireamh leo.

Tháinig an **Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil** i bhfeidhm i mí Eanáir 2023, agus chuir sí creat láidir ar fáil chun ár n-athléimneacht chomhchoiteann a fhorbairt. Tá an píosa reachtaíochta riachtanach sin á threisiú

a thuilleadh trí iarrachtaí a dhéanamh a bhfuil dlús leo ar gach leibhéal, chun athléimneacht bhonneagar criticiúil an Aontais a neartú.

Tá méadú ag teacht ar mhéid, ar mhinicíocht agus ar thionchar na dteagmhas cibearshlándála, agus is bagairt mhór iad sin ar fheidhmiú na gcóras gréasáin agus eolais agus ar an margadh aonair Eorpach. Ghéaraigh fogha míleata na Rúise faoin Úcráin an bhagairt sin a thuilleadh mar aon leis an iliomad gníomhaithe stát-ailínithe, coiriúla agus haiceálaithe cúise a bhfuil baint acu leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Agus iad ag tógáil ar chreat láidir straitéiseach, beartais agus reachtach atá i bhfeidhm cheana féin, cuideoidh **Gníomh beartaithe an Aontais um an gCibear-Dhlúthpháirtíocht**, rud a chuir an Coimisiún i láthair i mí Aibreáin 2023, chun tuilleadh feabhais a chur ar bhrath cibearbhagairtí, ar athléimneacht agus ar ullmhacht ar gach leibhéal d'éiceachóras cibearshlándála an Aontais.

Is é is aidhm don ghníomh comhar a neartú laistigh den Aontas chun cibearbhagairtí a chomhrac trí fheabhas a chur ar bhrath bagairtí agus ar fheasacht bagairtí; neartú a dhéanamh ar ullmhacht eintiteas criticiúil; agus treisiú a dhéanamh ar bhainistiú comhbheartaithe géarchéime agus ar chumais freagartha ar fud na mBallstát.

Thairis sin, chun a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí agus gnólachtaí úsáid a bhaint as táirgí digiteacha slána ina saol príobháideach agus gairmiúil, mhol an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2022 an **Gníomh um Chibear-Athléimneacht**, an chéad phíosa reachtaíochta uile-Aontais dá cineál, agus é d'aidhm léi ceanglais chibearshlándála atá éigeantach agus cothrománach a thabhairt isteach le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha ag baint leo, le linn a saolré ar fad. Trí reachtaíocht nua a thabhairt isteach darb aidhm **ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a bhaint anuas**, agus an comhar a mhéadú idir na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí, tá an tAontas ag dul i ngleic leis an ngáinneáil neamhdhleathach ar airm thine agus substaintí contúirteacha, agus tá neartú á dhéanamh aige ar an bhfreagairt Eorpach ar ghéarchéimeanna sceimhlitheoireachta.

Tá obair sa réimse mhuirí agus i réimse an spáis ina cuid de thiomantas an Choimisiúin saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhagairtí chomh maith. I mí an Mhárta 2023 chuir an Coimisiún **straitéis nuashonraithe slándála muirí an Aontais Eorpaigh** i láthair, darb aidhm limistéir mhuirí a chosaint ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus úsáid shíochánta na bhfarraigí a chinntiú. Moltar sa straitéis bearta chun feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí, a bhfuil freachnaimh chabhlaigh ar leibhéal an Aontais san áireamh iontu, agus oibríochtaí feabhsaithe garda cósta agus cigireachtaí slándála feabhsaithe i gcalafoirt an Aontais, d'fhonn comhar níos doimhne a chothú le comhpháirtithe amhail ECAT, chun tacú leis an ord riailbhunaithe ar muir.

I réimse an spáis, rud atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí ó thaobh cuspóirí tomhaltóirí, eolaíochta agus míleata de, tá **Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint** curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún. Is é is aidhm don straitéis – rud a léiríonn aitheantas an Aontais gur fearann straitéiseach é an spás atá á chonspóid – sócmhainní spáis an Aontais a chosaint, amhail satailítí; gníomhaíochtaí naimhdeacha sa spás a dhíspreagadh, mar shampla an spiaireacht; agus a neamhspleáchas straitéiseach a neartú.

I mí na Samhna 2022 tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le rialachán lena mbunaítear clár an Aontais um nascacht shlán don tréimhse 2023-2027, agus sprioc an Aontais san áireamh **buíon satailítí an Aontais, darb ainm IRIS², a imlonnú** (Bonneagar le haghaidh na hAthléimneachta, na hIdirnascachta agus na Slándála trí Shatailít). Is éard a bheidh in IRIS² colún nua spásbhunaithe le haghaidh Aontas Eorpach atá digiteach, athléimneach agus níos sábháilte, agus déanfaidh sé an t-iomaíochas Eorpach agus an dul chun cinn sochaíoch a chothú.

I mí Eanáir 2023 **d'oscail an tUachtarán von der Leyen Spásfort Esrange i dtuaisceart na Sualainne go hoifigiúil**, agus ní hamháin gurb é an chéad spásfort ar mhórthír an Aontais é, ach is féidir leis buíonta satailítí beaga a sheoladh a chuireann feabhas ar chumais an Aontais faire na cruinne a dhéanamh, rud atá ríthábhachtach chun cur i gcoinne tubaistí aeráide nó bagairtí míleata i bhfíor-am.



# Athléimneacht i gcoinne tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a mhéadú

D'fhonn cosc agus ullmhacht a fheabhsú ar fud na hEorpa, i mí Feabhra 2023 ghlac an Coimisiún moladh agus teachtaireacht chun spriocanna comhchoiteanna a bhunú lena gcuirfí **borradh faoin athléimneacht Eorpach ó thubaistí i réimse na cosanta sibhialta**.

San áireamh leis sin tá bealaí chun tíortha na hEorpa a ullmhú ar bhealach níos fearr do ghuaiseacha nádúrtha, ina measc sin creathanna talún, tuilte agus falscaithe gan ach roinnt díobh a lua. I bhfianaise an athraithe thapa atá ag teacht ar an timpeallacht riosca, is é is aidhm do na spriocanna Eorpacha maidir le hathléimneacht ó thubaistí, feabhas a chur ar inniúlacht **Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta** éifeachtaí na mórthubaistí agus na móréigeandálaí a bheidh ann amach anseo a thuar agus a sheasamh. I ndáil leis an méid sin, glacadh cúig sprioc agus thionscadal shuaitheanta Eorpacha maidir le hathléimneacht ó thubaistí, is é sin chun réamh-mheas, ullmhú, foláireamh a thabhairt, freagairt, agus daingniú ar bhealach níos fearr.

I bhfianaise na bagartha méadaithe atá ann do dhaoine agus don chomhshaol de dheasca falscaithe atá níos láidre ná riamh, chuir an tAontas Eorpach feabhas ar a chumas falscaithe a chomhrac **trí mhéid a chabhlaigh aerchomhraic dóiteáin a mhéadú faoi dhó do shamhradh 2023**, i gcomhréir le gealltanas an Uachtaráin von der Leyen san aitheasc ar Staid an Aontais i mí Mheán Fómhair 2022. Sa chúltaca aerárthaí comhraic dóiteán rescEU anois tá 24 eitleán agus 4 héileacaptar as 10 mBallstát. In 2023, trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta shlóg an tAontas na céadta comhraiceoirí dóiteáin, feithiclí agus eitleáin le haghaidh dóiteáin ollmhóra san Eoraip agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta amhail Ceanada. Tar éis iarrataí a fháil ó Bhallstáit agus ó Pharlaimint na hEorpa,

d'fhorbair an Coimisiún plean gníomhaíochta um fhalscaithe a chosc in 2022 chomh maith.

I bhfianaise na n-iarmhairtí a bhaineann le tuilte tubaisteacha, **tá dlúthpháirtíocht dhochreidte léirithe don tSlóivéin** ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha thar lear, ón Úcráin san áireamh atá thíos leis an gcogaíocht. Chuidigh conbhua d'innealra trom, in éineacht le foireann cosanta sibhialta ón Úcráin, chun an smionagar a ghlanadh agus chun hiarmhair na dtuilte a ghlanadh, tuilte a bhuail dhá thrian den tír.



Mar gheall ar thubaistí comhuaineacha na bhfalscaithe, tuilte agus stoirmeacha a bhuail mór-roinn na hEorpa le roinnt míonna anuas, ní mór, sa bhreis ar fhreagairt láidir, tuilleadh coisc agus ullmhachta a bheith ann freisin amhail monatóireacht ar ithir agus ar fhoraoisí, agus athshlánú nádúrtha chun an chuid is measa den athrú aeráide a sheachaint.

Tá an tAontas ag cabhrú freisin leis an athléimneacht a mhéadú i gcoinne tubaistí lasmuigh dár dteorainneacha. I mí Feabhra 2023 rinne an tAontas comhordú ar níos mó ná 250 comhraiceoir dóiteáin de chuid an Aontais a imscaradh chun na **Sile** trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, mar aon le saineolaithe comhordúcháin agus pearsanra leighis. Chun dul i ngleic leis na falscaithe is measa le deich mbliana anuas, fuair **Ceanada** cúnamh láithreach chun dóiteáin a chomhrac trí 350 comhraiceoir dóiteáin a imscaradh trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

**Thug an tUachtarán von der Leyen cuairt ar cheantair faoi thuilte in Emilia-Romagna** na hIodáile, chun tuiscint a fháil ar an altrúchas agus an dlúthpháirtíocht láidir a léirigh na céadta oibrithe deonacha. Ghlac go leor acu laethanta saor ón obair chun cuidiú leis an nglantachán mór a raibh gá leis agus chun cuidiú leo siúd a chaill a dtithe agus a ngnólachtaí teacht ar ais chun tabhairt faoin atógáil.



# An phaindéim a shárú agus Aontas Sláinte a thógáil

An 5 Bealtaine 2023, tar éis breis agus 3 bliana fada, **cuireadh deireadh oifigiúil le stádas COVID-19 mar éigeandáil sláinte poiblí ar ábhar imní idirnáisiúnta í**. D'fhág an phaindéim lorg dodhearmadta ar ár saoránaigh, ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar. Le meon láidir na hathléimneachta agus an chomhordaithe, agus leis an iontaoibh mhór atá againn agus an infheistíocht nach beag atá déanta againn san eolaíocht agus sa nuálaíocht, bhíomar in ann an ghéarchéim sin a shárú, géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Mar gheall ar mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí atá againn – bíodh sin i ndáileadh na soláthairtí leighis, i gcóireáil othar, in aisdúichiú na saoránach a bhí sáinnithe thar lear, nó in atógáil ár ngeilleagar i gcomhar a chéile – bhíothas in ann an méid sin a bhaint amach. Mar gheall ar an aistear atá déanta againn tríd an bpaindéim, is treise anois é creideamh lárnach an Aontais – is é sin gur láidre le chéile sinn.

Tháinig torthaí maithe as seasamh réamhghníomhach an Choimisiúin ó thús 2020, mar chuid de straitéis an Aontais Eorpaigh um vacsaíní. **Tá níos mó ná 70 % de dhaonra an Aontais vacsaínithe go hiomlán in aghaidh COVID-19**, agus tá an Coimisiún fós ag féachaint chuige go mbeidh rochtain ann ar an leagan is déanaí de na vacsaíní atá ar fáil i gcás go dtiocfadh athraithigh ar díol imní iad chun cinn amach anseo. Le saoráid FAB an Aontais, gréasán táirgeoirí vacsaíní, cinnteofar go mbeidh an acmhainneacht leanúnach ann idir 500 milliún agus 700 milliún dáileog vacsaíne a tháirgeadh gach bliain i gcás go mbeidh gá leis. Cinntíonn an méid sin go mbeidh vacsaíní ar fáil go pras chun dul i ngleic le haon ghéarchéim a bheadh ann amach anseo. Níos luaithe in 2023, shíníomar conarthaí le soláthraithe chun an ullmhacht sin a chinntiú.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún i gcónaí deimhin a dhéanamh de go mbeidh rochtain ann ar vacsaíní sábháilte éifeachtacha ar fud an domhain. Faoi láthair, tá thart ar 65.5 % de dhaonra an domhain ionaclaithe i gcoinne COVID-19. Bhí ról lárnach ag an Aontas Eorpach maidir leis na vacsaíní sin a éascú, trí sciar suntasach de na dáileoga a theastaíonn a easpórtáil nó a chomhroinnt. Ó mhí na Nollag 2020 i leith, easpórtáladh **beagnach 2.5 billiún dáileog vacsaíní in aghaidh COVID-19 chuig 168 dtír**, arb é sin thart ar dhá thrian de na dáileoga vacsaíne uile a táirgeadh san Aontas. Tá breis agus €5 bhilliún geallta ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit do COVAX, an tionscnamh domhanda a ceapadh chun rochtain chothrom ar vacsaíní COVID-19 a ráthú. Táimid ag tacú go gníomhach le feachtais vacsaínithe i dtíortha comhpháirtíochta chomh maith. Ina theannta sin, is é an tAontas an deontóir aonair is mó i dtaca le dáileoga vacsaíne in aghaidh COVID-19 a chomhroinntear le tíortha comhpháirtíochta trí COVAX, atá á óstáil ag Gavi, an Chomhghuaillíocht Vacsaíní. Go dtí seo, tá níos mó ná 1 bhilliún dáileog vacsaíne seolta ag COVAX chuig 144 náisiún rannpháirteacha.

Tá paindéim COVID-19 suntasach ó tharla gurb í an chéad phaindéim a ndeachthas i ngleic léi i ré an digitithe. Is uirlis fhíorluachmhar é **Deimhniú Digiteach COVID an Aontais** sa chomhrac in aghaidh na paindéime, agus eisíodh breis agus 2.3 billiún deimhniú san Aontas ó seoladh é in 2021. Leis an deimhniú, éascaíodh an tsaorghluaiseacht shábháilte do shaoránaigh ar fud an Aontais Eorpaigh nuair a measadh go raibh gá le srianta taistil de dheasca na paindéime. Ina theannta sin, bhíothas in ann deireadh a chur leis na srianta sin ar bhealach comhordaithe, agus is amhlaidh a bhíothas in ann taisteal sábháilte idirnáisiúnta a chumasú. Caighdeán domhanda a bhí sa deimhniú, ina gcuimsítear príomhphrionsabail an Aontais amhail príobháideachas, cosaint sonraí, rochtain oscailte, cibearshlándáil, solúbthacht agus cothromas. Rinneadh 78 dtír agus críoch a nascadh leis an gcóras: na 27 mBallstát, mar aon le 51 thír agus críoch nach den Aontas iad.


© Adobe Stock

Ag cur leis an rath sin, i mí an Mheithimh 2023 ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte le córas deimhniúcháin dhigitigh COVID-19 de chuid an Aontais, agus a bhunphrionsabail san áireamh maidir le príobháideachas a chosaint agus íoslaghdú sonraí, chun córas domhanda a bhunú a chuideoidh ó thaobh saoránaigh ar fud an domhain a chosaint ar bhagairtí sláinte atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Is é sin an chéad bhloc tógála de **Líonra Deimhniúcháin Sláinte Dhigitigh Domhanda de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte**, rud a d'fhéadfadh éascú a dhéanamh ar dhigitiú doiciméad sláinte eile amach anseo agus torthaí sláinte tábhachtacha a chur ar fáil ar scála idirnáisiúnta.

I samhradh 2022, nuair a bhris an galar bolgaí moncaí amach ar fud an domhain agus nuair a d'eascair éigeandáil sláinte poiblí as, ghníomhaigh an Coimisiún chun tacú leis na Ballstáit trí sholáthairtí éigeandála agus soláthairtí comhpháirteacha cóireálacha agus vacsaíní. In éineacht le rannpháirteachas an chomhphobail, **chuidigh an beart cinntitheach sin chun nach galar eindéimeach a d'eascrófaí as bolgach moncaí san Eoraip**. Faoi dheireadh 2022, le soláthar comhpháirteach trí chistí an Aontais a úsáid, bhí rochtain ann ar os cionn 2.3 milliún dáileog vacsaíne do na Ballstáit don tréimhse 2022-2024.

Leanadh den obair chun **Aontas Sláinte Eorpach** láidir a thógáil, éacht mór de chuid Choimisiún von der Leyen darb aidhm sláinte shaoránaigh an Aontais a chosaint; cur ar a gcumas don Aontas agus do na Ballstáit dul i ngleic le paindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus iad a chosc; agus feabhas a chur ar athléimneacht chórais sláinte na hEorpa.

In 2022, bunaíodh bunchlocha an Aontais Sláinte Eorpaigh le neartú an **Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú** agus neartú na **Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**, mar

aon le rialacha níos láidre maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus an Rialachán maidir le Creat Éigeandála. Leis an rialachán sin, tugadh cumhachtaí breise don Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte chun bagairtí sláinte trasteorann a chosc agus a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Léiríodh an dul chun cinn atá déanta againn maidir le hullmhacht agus freagairt sa chéad Tuarascáil ar Staid na hUllmhachta Sláinte i mí na Samhna 2022.

I mí na Bealtaine 2022, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na sonraí sláinte agus chun cur ar a chumas don Aontas dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an dóigh a gcuirtear cúram sláinte ar fáil do dhaoine ar fud na hEorpa, mhol an Coimisiún **Spás Eorpach Sonraí Sláinte**. Leis an tionscnamh sin, cumhachtaítear daoine chun a sonraí sláinte a rialú agus cuireann sé creat comhsheasmhach ar fáil chun leas a bhaint as cumhacht na sonraí sláinte le haghaidh nuálaíochta, cógais leighis nua, cúram sláinte agus ceapadh beartas níos fearr, agus noirm cosanta sonraí an Aontais den chaighdeán is airde á gcomhlíonadh ag an am céanna.

I mí Aibreáin 2023 cuireadh príomhcholún leis an Aontas Sláinte Eorpach, is é sin **an t-athbhreithniú ba shuntasaí ar an reachtaíocht chógaisíochta le fiche bliain anuas**. Is é is aidhm don athbhreithniú beartaithe sin margadh aonair a chruthú do chógais leighis trí infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht cógas leighis a chur chun cinn, agus nuálaíocht agus iomaíochas thionscal cógaisíochta an Aontais a neartú ag an am céanna. I mí Iúil 2022 moladh rialacha nua freisin chun sábháilteacht agus caighdeán substaintí de bhunús daonna a mhéadú a thuilleadh, chun feabhas a chur ar chosaint aon duine a dheonaíonn nó a chóireáiltear leis na táirgí sláinte criticiúla sin.

Is é **Plean Sáraithe Ailse na hEorpa**, colún lárnach den Aontas Sláinte Eorpach, an fhreagairt atá againn ar bhagairt mharthanach a raibh nó a mbeidh teagmháil phearsanta ag formhór na ndaoine san Aontas léi. Taifeadadh níos mó ná 2.7 milliún diagnóis ailse agus 1.3 milliún bás san Aontas in 2020, agus is é an rún daingean atá againn an ailse a shárú lá amháin. Is é an plean sin an tionscnamh is cuimsithí riamh de chuid an Aontais maidir le hailse, agus tá buiséad láidir €4 bhilliún ag gabháil leis. I mí Mheán Fómhair 2022, tugadh isteach cur chuige nua eolaíochtbhunaithe i leith scagthástáil ailse, agus cuireadh ailse próstataigh, ailse scamhóg agus ailsí gastracha leis na moltaí scagthástála lena gcumhdaítear anois sé chineál ailse arb iad is cionsiocair le 55 % de na cásanna nua uile agus le níos mó ná 50 % de na básanna san Aontas a bhaineann le hailse. Ag tús 2023, seoladh tionscnamh Eorpach nua um íomháú ailse chun úsáid níos fearr a bhaint as cumhacht sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, chun ailse a bhrath ar bhealach níos fearr agus chun dul i ngleic léi ar bhealach níos fearr.

I mí an Mheithimh 2023, chuireamar i láthair **an chéad chur chuige cuimsitheach de chuid an Aontais i leith na meabhairshláinte**, cur chuige ina gcuirtear chun cinn moltaí ó shaoránaigh ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus ina dtugtar freagra ar iarrataí Pharlaimint na hEorpa gníomhaíocht níos fearr a dhéanamh maidir leis an meabhairshláinte. Leis an gcur chuige cuimsitheach seo, féachtar ar an meabhairshláinte sna beartais uile agus cuirtear tionscnaimh chun tosaigh chun meabhairshláinte mhaith a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar pháistí agus ar dhaoine óga. Le 20 tionscnamh suaitheanta agus maoiniú ón Aontas dar luach €1.2 billiún, tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá meabhairshláinte.

Baineann an tsláinte phoiblí linn uile. Ó thosaigh an phaindéim, tá €47.7 billiún íoctha amach ag Team Europe – ina bhfuil an tAontas Eorpach, na Ballstáit agus institiúidí airgeadais na hEorpa – chun tacú leis an tsláinte phoiblí sna tíortha

comhpháirtíochta. An 30 Samhain 2022, chuir an Coimisiún lena cheannaireacht dhomhanda sláinte le **Straitéis nua Sláinte Domhanda an Aontais**. Leis an straitéis sin, atá ina ghné sheachtrach den Aontas Sláinte Eorpach, tugtar treoraíocht don Aontas Eorpach chun an tsláinte agus an fholláine a fheabhsú, córais sláinte a dhaingniú agus clúdach sláinte uilíoch a chur chun cinn. An 17 Bealtaine 2023 cuireadh tosaíocht thábhachtach den straitéis i gcrích, is é sin gur seoladh an Tascfhórsa Sláinte idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá chun an chomhpháirtíocht eatarthu i réimse na sláinte a leathnú, agus béim á leagan ar an gcomhar faoi thrí shnáithe: tosaíochtaí i réimse na hailse; bagairtí sláinte domhanda; agus an struchtúr sláinte domhanda a neartú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil sé tábhachtach dúinn neartú a dhéanamh ar chosc, ullmhacht agus freagairt paindéime ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá an tAontas tiomanta go gníomhach don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le Comhaontú Paindéime atá ceangailteach ó thaobh dlí agus athbhreithniú spriocdhírithe ar rialacháin idirnáisiúnta sláinte.

## Córas imirce atá inbhuanaithe agus cóir

Cuid den fhéiniúlacht Eorpach i gcónaí is ea an imirce laistigh den Eoraip, go dtí an Eoraip agus amach ón Eoraip. Mar sin féin, tar éis líon nach bhfacthas riamh de dhídeanaithe agus imircigh neamhrialta a tháinig isteach san Aontas in 2015 agus 2016, ba léir go raibh gá le hathchóirithe. I mí Mheán Fómhair 2020, nuair a bhí sáinn ann maidir le hathchóiriú a moladh roimhe, d'fhéach an Coimisiún le hathnuachan a dhéanamh ar chóras imirce agus tearmainn an Aontais tríd an g**Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** a chur chun cinn, cur chuige cuimsitheach uile-rialtais darb aidhm príomhbheartais an Aontais maidir le himirce, tearmann agus bainistiú teorainneacha a neartú agus a chomhtháthú ar bhealach cothrom daonnúil inbhuanaithe éifeachtúil. Cuireadh dlús suntasach leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach in 2023, ós rud é go bhfuil dlús curtha ag na comhreachtóirí lena n-iarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tograí reachtacha uile faoin gComhaontú Nua, ionas gur féidir iad a chomhaontú faoi dheireadh an reachtais.

Chun tacú leis na Ballstáit sin a raibh dúshláin láithreacha rompu, ghlac an Coimisiún bearta oibríochtúla freisin mar fhreagairt. An 21 Samhain 2022 chuir an Coimisiún Eorpach **plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an Meánmhuir Láir** i láthair. 20 beart a bhí sa phlean gníomhaíochta, agus tá siad á gcur chun feidhme ag an Aontas agus ag na Ballstáit. Tá siad ceaptha an imirce neamhrialta agus neamhshábháilte a laghdú; aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna; réitigh a chur ar fáil maidir leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn i réimse an chuardaigh agus na tarrthála; agus an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a threisiú, agus an fhreagracht á cur san áireamh san am céanna.

Tháinig méadú suntasach ar an ngluaiseacht neamhrialta feadh bhealaí na mBalcán Thiar in 2022. Go luath i mí na Nollag 2022, chuir an Coimisiún **plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar** i láthair, ina leagtar amach 20 beart oibríochtúil chun comhar a neartú le comhpháirtithe sna Balcáin Thiar maidir leis an imirce agus bainistiú teorainneacha. Bhí tionchar suntasach ag na bearta sin, agus tháinig laghdú timpeall 25 % ar ghluaiseacht neamhrialta in 2023 i gcomparáid le 2022.

I mí Mheithimh 2023 chuir an Coimisiún **Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le bealaí imirce na Meánmhara Thiar agus an Atlantaigh** i láthair. Tá an tAontas ag neartú a chomhpháirtíochta le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais feadh an bhealaigh. Bhí páirt mhór ag na bearta a rinne an tAontas, na Ballstáit agus comhpháirtithe idirnáisiúnta sa laghdú suntasach atá tagtha ar líon na n-imirceach neamhrialta.

An 19 Nollaig 2022 mhol an Coimisiún go neartófaí na rialacha lena ndéantar **gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac**. Gach bliain déantar gáinneáil ar níos mó ná 7,000 duine san Aontas Eorpach. Is mná agus cailíní iad formhór na n-íospartach, ach tá méadú ag teacht ar líon na n-íospartach fireann, go háirithe ar chúiseanna dúshaothraithe oibre. Leis na rialacha nuashonraithe, beidh sé níos éasca do na húdaráis forfheidhmithe dlí agus do na húdaráis bhreithiúnacha cineálacha nua dúshaothraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus cuideoidh siad le híospartaigh a shainaithint agus tacú leo.

An 14 Márta 2023 leag an Coimisiún amach an chéad timthriall riamh den bheartas straitéiseach ilbhliantúil maidir le **bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip**, rud a chumhdaíonn na 5 bliana amach romhainn, ar fís chomhroinnte maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha é. Cuireann sé creat comhordaithe ar fáil do na húdaráis náisiúnta a bhainistíonn an teorainn, agus do bhreis agus 120,000 fostaí de chuid na n-údarás teorann náisiúnta agus de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a oibríonn le chéile chun teorainneacha an Aontais a chosaint.

Trí **bhealaí dleathacha** a fhorbairt, cuirtear le laghdú na himirce neamhrialta agus is féidir leis an méid sin geilleagair na hEorpa a neartú.

Ní mór dúinn na daoine a bhfuil na scileanna agus na buanna acu atá de dhíth ar ár ngeilleagair a mhealladh, i bhfianaise daonra atá ag dul in aois agus ganntanais phráinneacha scileanna. Níos luaithe i mbliana, sheol an Coimisiún glao nua ar thograí le haghaidh deontas gníomhaíochta dar luach €40 milliún faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun bealaí dleathacha a mhaoiniú i dtreo na himirce agus an lánpháirtithe. Tá obair ar bun freisin chun Comhpháirtíochtaí Tallainne a chur i bhfeidhm le Maracó, leis an Túinéis, leis an Éigipt, leis an mBanglaidéis agus leis an bPacastáin, ina measc sin trí thacaíocht airgeadais ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) – ionstraim na hEorpa Domhanda. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Linn Tallann phíolótach de chuid an Aontais i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun lánpháirtiú mhuintir na hÚcráine sa mhargadh saothair a éascú agus cuirfidh sé togra reachtach i láthair an fómhar seo chun Linn Tallann lánfheidhme de chuid an Aontais a bhunú. Bheadh sé sin ar an gcéad ardán uile-Aontais darb aidhm an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do náisiúnaigh nach den Aontas iad atá ag lorg deiseanna fostaíochta san Aontas. Cuideoidh sé le fostóirí an Aontais na daoine tréitheacha a theastaíonn uathu a aimsiú agus dálaí córa oibre a chinntiú.


I mí Eanáir 2023 sheol an Coimisiún **an tArdán maidir le hImirce Lucht Saothair** chun imirce lucht saothair oilte ó thíortha nach tíortha den Aontas iad chuig an Aontas a chur chun cinn agus chun a chinntiú go ndéanfar é a bhainistiú go maith agus go ndíreofar air sna háiteanna ina bhfuil na riachtanais saothair agus scileanna. Tugann an t-ardán nua speisialtóirí imirce agus fostaíochta le chéile chun dlúthchomhar a chothú idir an dá earnáil, agus idir na Ballstáit agus an tAontas, chun tacú le hoibríochtú éifeachtach na dtionscnamh ar leibhéal an Aontais maidir le himirce dhleathach agus fostaíocht.

Le himeascadh agus cuimsiú ceart na náisiúnach nach den Aontas iad, cuidítear le fás, athléimneacht agus rathúnas an Aontais. Tá cur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta 2021-27 um Imeascadh agus Cuimsiú** á chur chun cinn ag an gCoimisiún, rud a dhéanann foráil maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le hoideachas, rochtain ar an margadh saothair, cóiríocht agus cúram sláinte. I mí na Nollag 2022, d'athdhearbhaigh an Coimisiún an Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le Lánpháirtiú le Comhpháirtithe Sóisialta agus Eacnamaíocha na hEorpa trí chomhráiteas a léiríonn tacaíocht ar leith do dhaoine atá ag teitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Agus sraith beart oibríochtúil á moladh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin láithreacha agus leanúnacha feadh na mbealaí imirce, braitheann réitigh struchtúracha ar **chomhbheartas an Aontais maidir le himirce**

**agus tearmann** a bheith ann. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le sraith iomlán na n-athchóirithe tearmainn agus imirce atá á gcaibidliú faoi láthair. Is díol sásaimh don Choimisiún na comhaontuithe comhréitigh ar thángthas orthu sa chaibidlíocht idirinstitiúideach i mí na Nollag 2022 maidir leis an gcreat athlonnaithe, na tograí maidir le coinníollacha i ndáil le cáiliú agus glacadh, agus an comhaontú polaitiúil rathúil ar tháinig an Chomhairle air i mí an Mheithimh maidir le dhá phríomhcholún den chomhaontú nua maidir le himirce agus tearmann, is é sin an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, mar aon leis an obair a rinne Parlaimint na hEorpa i leith na dtograí sin agus í ag aontú ar a sainorduithe don chaibidlíocht ní ba luaithe i mbliana. Tá an Coimisiún réidh le bheith ag obair le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a chinntiú go dtabharfar an chaibidlíocht idirinstitiúideach chun críche go rathúil faoi dheireadh an reachtais reatha, mar a fhoráiltear sa Treochlár Comhpháirteach.

## AN COMHAONTÚ NUA MAIDIR LE hIMIRCE AGUS TEARMANN: AMLÍNE AGUS PRÍOMHÉACHTAÍ



**Tá an Ghréig ag tabhairt tús áite do thionscadal lánpháirtíochta**, atá maoinithe ag NextGenerationEU, trína gcuirtear oiliúint ar dhídeanaithe agus ar imircigh, daoine faoi mhíchumas san áireamh, i gcosaint ar dhóiteáin agus ar chreathanna talún. Tugann an tionscadal muintir na háite agus imircigh níos gaire dá chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna.



© An Aireacht Imirce agus Tearmainn, an Phoblacht Heilléanach

# An glao daonnúil a fhreagairt

Iad siúd a bhfuil cúnamh daonnúil de dhíth orthu, dá ndéanfaidís tír dá gcuid féin bheadh sí ar an tríú tír is mó ar domhan, agus 360 milliún saoránach inti. Agus tá an tír bhréagach faoi léan sin ag fás as éadan; tá méadú 30 % tagtha uirthi ó thús 2022.

Agus é ag tabhairt tacaíocht is mó ná riamh don Úcráin, leanann an Coimisiún de chabhair dhaonnúil a chur ar fáil ar fud an domhain dóibh siúd is mó a bhfuil sé de dhíth orthu. Leithdháileadh maoiniú breise de réir mar is gá ar bhuiséad tosaigh an Aontais don chabhair dhaonnúil le haghaidh 2023, buiséad a raibh €1.7 billiún ann cheana. D'fhógair na Ballstáit, in éineacht leis an gCoimisiún, **maoiniú daonnúil tosaigh dar luach €8.4 billiún le haghaidh 2023**, mar léiriú nithiúil ar an dlúthpháirtíocht dhomhanda agus ar an ról ceannasach atá ag an Aontas sa ghníomhaíocht dhaonnúil. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ag dul i méid idir riachtanais dhaonnúla agus an maoiniú atá ar fáil ar fud an domhain, d'fhaomh na Ballstáit conclúidí ceannródaíocha ón gComhairle i mí na Bealtaine 2023 lena mbunaítear sprioc dheonach 10 % den chúnamh oifigiúil um fhorbairt a dhíriú ar an ngníomhaíocht dhaonnúil.

An 6 Feabhra 2023 bhuail crith talún ar mhéid 7.8 an tSiria agus an Tuirc, agus tharla dhá chrith talún mhóra eile ar a laghad ina dhiaidh sin, rud ba chúis le léirscrios forleathan agus na mílte taismeach.

Agus an tAontas ag déanamh gníomhaíocht den chomhbhrón agus den dlúthpháirtíocht, sheol sé láithreach an oibríocht chuardaigh agus tarrthála is mó atá á chomhordú trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Léirigh an méid sin scoth na dlúthpháirtíochta ón Aontas Eorpaigh. Sheol 21 thír Eorpach foirne céadfhreagartha agus foirne leighis, agus chuir siad na milliúin earraí ar fáil, amhail trealamh dídine, téitheoirí, gineadóirí, trealamh leighis, bia agus éadaí te trí thaisce rescEU.

## Comhdháil Idirnáisiúnta Deontóirí

Le chéile ar son mhuintir na Tuirce agus na Siria




An mhí ina dhiaidh sin rinne Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh comhóstáil ar **Chomhdháil Idirnáisiúnta Deontóirí i ndlúthpháirtíocht le híospartaigh na gcreathanna talún sa Tuirc agus sa tSiria**.

Beagnach €7 mbilliún a bhí sna gealltanais iomlána ón gcomhdháil, ina raibh deontais dar luach €911 mhilliún don tSiria agus deontais agus iasachtaí dar luach €6.05 billiún don Tuirc.

An 16 agus an 17 Márta 2023, rinne an tAontas agus Ceanada comhóstáil ar an g**Comhdháil Idirnáisiúnta i nDlúthpháirtíocht le Dídeanaithe agus Imircigh ón Veiniséala agus lena dTíortha agus lena bPobail Óstacha.** Díríodh san ócáid ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht chomhordaithe feadh an naisc theagmhasaigh idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an chobhsaíocht.

An 14 agus an 15 Meitheamh 2023 d'óstáil an tAontas **an seachtú comhdháil sa Bhruiséil maidir le todhchaí na Siria agus an réigiúin**, inar gealladh cabhair dar luach €5.6 billiún. Ag an gcomhdháil, athdhearbhaíodh tacaíocht leanúnach an Aontais agus an chomhphobail idirnáisiúnta do mhuintir na Siria, do dhídeanaithe ón tSiria agus dá bpobail óstacha sna tíortha comharsanachta, agus géarchéim na Siria ar siúl ar feadh 13 bliana anuas.

Freagraíonn an tAontas Eorpach an glao daonnúil lasmuigh dár ngarchomharsanacht chomh maith. I mí an Mhárta 2023, i bhfianaise na staide atá ag dul in olcas in oirthear **Phoblacht Dhaonlathach an Chongó**, bhunaigh an tAontas oibríocht aerdhroichid dhaonnúil go Goma. Le tacaíocht ón bhFrainc, seachadadh soláthairtí leighis agus bia i measc earraí eile. Chun éascú a dhéanamh ar sheachadadh an chúnaimh tarrthála, tá 29 gcinn d'eitiltí lastais aerdhroichid dhaonnúil á n-oibriú ag an Aontas chuig **an Afganastáin** ó mhí Lúnasa 2021 i leith, agus thuirling an eitilt is déanaí san Afganastáin an 24 Bealtaine 2023.

Mar fhreagairt láithreach ar an gcogadh a bhris amach i mí Aibreáin 2023 sa t**Súdáin**, i mí an Mheithimh 2023 chuir an tAontas €60 milliún breise lena mhaoiniú daonnúil tosaigh a raibh €73 mhilliún ann cheana féin, agus ag an am céanna d'óstáil sé ócáid gealltanas idirnáisiúnta. Ina theannta sin, thionscain an tAontas aerdhroichead daonnúil chuig an tSúdáin agus chuig **Sead** in aice láimhe chun earraí tarrthála a thabhairt isteach sna tíortha. I mí na Samhna 2022, tionscnaíodh aerdhroichead daonnúil go **Buircíne Fasó**. Chuidigh sé chun bia agus soláthairtí riachtanacha a chur ar fáil do na céadta mílte daoine a bhí i mbaol bás a fháil den ocras i gceantair atá faoi imshuí.

Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe ar fud an domhain chun fóirithint dhaonnúil a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna struchtúracha is cúis le heasáitiú, ocras agus coinbhleacht.


EUROPE
EUROPA
EURÓPA
EWROPA
EUROPA
EUROPY
EUROPA
EVROPA
ЕВРОПА

# Amlíne

# MEÁN FÓMHAIR 2022



## 6.9

Ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ballraíocht i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.




## 7.9

Chuir an Coimisiún Eorpach an Straitéis Eorpach um Chúram chun tosaigh chun seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana a chinntiú agus feabhas a chur ar an staid do na daoine dá dtugtar cúraim agus na cúramóirí araon.




## 14.9

Mhol an Coimisiún cosc a chur ar tháirgí, ar de thoradh saothar éignithe iad, a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais.




## 14.9

Rinne an Coimisiún moladh le haghaidh idirghabháil éigeandála i margaí fuinnimh na hEorpa chun dul i ngleic le harduithe praghsanna suntasacha.



## 15.9

Chuir an Coimisiún togra i láthair le haghaidh Gníomh nua um Chibear-Athléimneacht chun tomhaltóirí agus gnólachtaí a chosaint ar tháirgí nach leor na gnéithe slándála a bhaineann leo.



## 16.9

An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán: Leag an Coimisiún rialacha amach chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán san Aontas a chosaint.



## 20.9

Mar chuid d'Aontas Sláinte na hEorpa, mhol an Coimisiún cur chuige nua de chuid an Aontais chun ailse a bhrath – níos mó scagthástála a dhéanamh agus scagthástáil níos fearr a dhéanamh.



## 21.9

D'fhógair an tAontas maoiniú dar luach €715 mhilliún don Chiste Domhanda chun na milliúin daoine a shábháil ar SEIF, eitinn agus maláire.

## 21.9

Faoi rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair, d'fhormheas an Coimisiún Tionscadal Tábhachtach ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne chun tacú le taighde agus nuálaíocht, imscaradh tionsclaíoch tosaigh agus tógáil bonneagair ábhartha sa slabhra luacha hidrigine.







## 28.9

Chuir an Coimisiún cur chuige cuimsitheach i láthair chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine agus don chomhshaol ar an aispeist agus chun todhchaí saor ó aispeist a chinntiú.

## 28.9

D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a scéimeanna íos-ioncaim a nuachóiriú mar chuid den ghealltanas leanúnach chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú san Aontas.



## 29.9

Ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir le dlí iomaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair.



# DEIREADH FÓMHAIR 2022

## 4.10

Ghlac an tAontas an chéad Phlean Gníomhaíochta don Óige i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais chun rannpháirtíocht le daoine óga a neartú ar fud an domhain.







## 4.10

Chuir an tAontas a chéad teicneolaíocht chandamach in úsáid ag sé shuíomh ar fud an Aontais.




## 4.10

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach chun cómhargáil a chur chun cinn agus cosaint pá íosta a fheabhsú d'oibrithe san Aontas.



## 6.10

I ndáil leis an bhfogha míleata gan chúis gan údar faoin Úcráin, tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir leis an ochtú pacáiste de smachtbhannaí in aghaidh na Rúise.



## 10.10

An Úcráin: Sheol an Coimisiún scéim phíolótach darb ainm Linn Tallann an Aontais chun scileanna mhuintir na hÚcráine atá ag teitheadh ón gcogadh a shainaithint, cuidiú lena meaitseáil le fostóirí an Aontais agus cuidiú leo poist a aimsiú.




## 12.10

Pacáiste 2022 um méadú: Rinne an Coimisiún measúnú ar athchóirithe sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc agus mhol sé stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

## 14.10

Ag na cruinnithe bliantúla idir an Banc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, rannchuidigh an tAontas €100 milliún le hIontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis an Chiste chun tacú le tíortha leochaileacha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.







## 17.10

Eitlíocht: Shínigh an tAontas agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) comhaontú maidir le heitlíocht, lena nascfar 1.1 billiún duine.

## 18.10

Rinne an Coimisiún moltaí breise chun dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh agus chun slándáil an tsoláthair a chinntiú.







## 18.10

An Comhaontú Glas: Shínigh an Coimisiún a chéad Chomhpháirtíocht Ghlas, le Maracó, mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip.

## 19.10

Ghlac an Coimisiún creat státchabhrach athbhreithnithe le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta.



## 24.10

An tAontas Sláinte: Ghlac an Chomhairle bloic thógála dheiridh an Aontais Sláinte Eorpaigh.



© Adobe Stock




## 25.10

D'athdhearbhaigh Comhdháil Idirnáisiúnta na Saineolaithe, arna hóstáil ag an gCoimisiún agus uachtaránacht G7, an gealltanas diongbháilte chun tacú le téarnamh na hÚcráine.

## 26.10

An Comhaontú Glas don Eoraip: Mhol an Coimisiún rialacha maidir le haer agus uisce níos glaine.





## 28.10

Feithiclí astaíochtaí nialasacha: Leis an gcéad chomhaontú 'Oiriúnach do 55' cuirfear deireadh san Aontas le díolachán carranna a astaíonn $CO_2$ faoi 2035.

# SAMHAIN 2022

## 1.11

Faoin bplean REPowerEU, líon Ballstáit an Aontais a saoráidí stórála gáis chuig toilleadh 95 % roimh an ngeimhreadh, rud a sháraigh an sprioc 80 %.







## 1.11

An Gníomh um Margaí Digiteacha: Rialacha maidir le geatóirí digiteacha chun a chinntiú go dtiocfaidh margaí oscailte i bhfeidhm.

## 3.11

D'infheistigh an Coimisiún €3 bhilliún i dtionscadail nuálacha teicneolaíochta glaine chun an plean REPowerEU a chur i gcrích agus neamhspleáchas fuinnimh na hEorpa ar bhreoslaí iontaise na Rúise a luasghéarú.






## 3.11

Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín: D'fhógair an tAontas pacáiste tacaíochta fuinnimh €1 bhilliún do na Balcáin Thiar.

## 7.11

Ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe 2022 maidir leis an Athrú Aeráide (COP27), thug an tAontas comhpháirtíocht straitéiseach i gcrích leis an gCasacstáin maidir le hamhábhair, ceallraí agus hidrigin inathnuaite.






## 7.11

Ghníomhaigh an Coimisiún chun an trédhearcacht a chur chun cinn in earnáil na gcíosanna gearrthéarmacha chun leasa gach páirtí.



## 8.11

Ag COP27, thug an tAontas comhpháirtíocht straitéiseach i gcrích leis an Namaib maidir le hamhábhair inbhuanaithe agus hidrigin inathnuaite. Sheol sé comhpháirtíochtaí foraoise freisin le cúig thír chomhpháirtíochta.



## 8.11

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le laghduithe náisiúnta ar astaíochtaí ón iompar, ó fhoirgnimh, ón dramhaíl agus ón talmhaíocht.



## 9.11

REPowerEU: Chuir an Coimisiún dlús leis an aistriú glas ó ghás na Rúise trí luasghéarú a dhéanamh ar dheonú ceadanna le haghaidh foinsí inathnuaite fuinnimh.



## 9.11

Mhol an Coimisiún pacáiste tacaíochta cobhsaí agus intuartha don Úcráin le haghaidh 2023 ar fiú suas le €18 mbilliún é.



## 10.11

Mhol an Coimisiún caighdeáin nua Euro 7 chun astaíochtaí truailleán ó fheithiclí a laghdú agus cur le cáilíocht an aeir.




## 10.11

An Chibearchosaint: Chuir an Coimisiún i láthair beartas Cibearchosanta de chuid an Aontais agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0 chun borradh a chur faoi acmhainneacht an Aontais a shaoránaigh agus a bhonneagar a chosaint.



## 11.11

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, chomhaontaigh an tAontas méadú a dhéanamh ar an aistriú dé-ocsaíde carbóin trí úsáid talún, foraoiseacht agus talmhaíocht.




## 15.11

Sheol an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta Comhpháirtíocht cheannródaíoch leis an Indinéis i ndáil le hAistriú Fuinnimh Cóir.



## 16.11

Ag COP27, chomhaontaigh an tAontas agus an Éigipt dlús a chur le comhar maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glan.




## 16.11

Ag COP27, mar chuid de Global Gateway, d’fhógair Team Europe pacáiste €1 bhilliún le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht san Afraic.



## 16.11

Tháinig an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha i bhfeidhm, ar tacar nua rialacha ón Aontas é le haghaidh timpeallacht ar líne atá níos sábháilte agus níos cuntasaí.




## 18.11

Global Gateway: Sheol Team Europe dhá thionscnamh san Áise Láir maidir le fuinneamh agus le nascacht dhigiteach.



## 18.11

Ghlac an Albáin ballraíocht i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.




## 18.11

Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh an Ghnímh Eorpaigh idir-inoibrithigh chun an idir-inoibritheacht trasteorann agus comhar a neartú san earnáil phoiblí ar fud an Aontais.

## 21.11

Ag COP27, léirigh an tAontas uaillmhian chun sprioc a choimeád inbhainte amach, ar sprioc é a bhaineann leis an téamh domhanda a theorannú chuig 1.5°C agus chuidigh sé le socrú maoiniúcháin comhardaithe nua a chur i bhfeidhm.






## 22.11

Comhordú an bheartais eacnamaíoch: Leag an Coimisiún amach treoraíocht chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh agus chun an Eoraip a dhéanamh níos glaise agus níos digití.



## 22.11

Mhol an Coimisiún ionstraim nua de chuid an Aontais chun arduithe iomarcacha ar phraghsanna gáis a theorannú.




## 28.11

Sheol an tAontas agus an Chóiré Theas comhpháirtíocht dhigiteach nua.




## 28.11

Chuir an Coimisiún rialacha athbhreithnithe i láthair, rialacha a fhágfaidh go mbeidh cosaint dearaí tionsclaíocha ar fud an Aontais níos saoire, níos tapa agus níos intuartha.




## 30.11

An Comhaontú Glas don Eoraip: Mhol an Coimisiún rialacha uile-Aontais nua chun pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, in éineacht le rialacha maidir le deimhniúchán aistrithe dé-ocsaíde carbóin chun cuidiú leis an aeráidneodracht a bhaint amach.




## 30.11

Sláinte Dhomhanda: Ghlac an Coimisiún Straitéis Sláinte Domhanda nua an Aontais Eorpaigh chun feabhas a chur ar an tslándáil sláinte dhomhanda agus sláinte níos fearr a chur ar fáil do chách i ndomhan atá ag athrú.

# NOLLAIG 2022



## 2.12

Shínigh an tAontas agus an tSeapáin meabhrán comhair chun nuálaíocht a spreagadh agus margadh idirnáisiúnta hidrigine a fhorbairt.




## 2.12

An Úcráin: Mhol an Coimisiún coiriúlú a dhéanamh ar shárú smachtbhannaí de chuid an Aontais a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin.




## 3.12

Chomhaontaigh G7 caidhp phraghais ar ola, lena laghdaítear ioncaim na Rúise agus margaí fuinnimh domhanda á gcoimeád cobhsaí an tráth céanna.




## 6.12

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an tAontas dlí chun an dífhoraoisiú domhanda agus díghrádú foraoisí a chomhrac, rudaí atá á spreagadh le táirgeadh agus tomhaltas san Aontas.



## 6.12

Leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar i dTiorána na hAlbáine, athdheimhníodh fócas an réigiúin ar bhallraíocht an Aontais agus a chomhpháirtíocht straitéiseach leis an Aontas.



## 6.12

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle rialacha nua maidir le córas trádála astaíochtaí an Aontais a chur i bhfeidhm san earnáil eitlíochta.



## 7.12

Pacáiste comhionannais: Mhol an Coimisiún rialacha nua maidir leis an tuismíocht a aithint idir na Ballstáit.



## 7.12

Mhol an Coimisiún comhlachtaí comhionannais a neartú – go háirithe a neamhspleáchas, a n-acmhainní agus a gcumhachtaí – ionas gur féidir leo an t-idirdhealú a chomhrac san Aontas ar bhealach níos éifeachtaí.



## 8.12

Mhol an Coimisiún sraith beart chun córas cánach breisluacha an Aontais a nuachóiriú, chun go n-oibreoidh sé ar bhealach níos fearr do ghnólachtaí agus chun feabhas a chur ar a n-athléimneacht i gcoinne na calaoise tríd an digitiú a ghlacadh agus a chur chun cinn.



## 9.12

Sheol an Coimisiún agus a chomhpháirtithe san earnáil comhghuaillíocht thionsclaíoch nua chun borradh a chur faoin ngrianfhuinneamh agus slándáil fuinnimh an Aontais.




## 9.12

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an tAontas dlí nua maidir le ceallraí níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí chun tacú leis an aistriú fuinnimh agus leis an iomaíocht sa tionscal.




## 9.12

An tAontas Sláinte Eorpach: Tar éis an togra ón gCoimisiún chun cosc ar an ailse a neartú trí luathbhrathadóireacht, ghlac an Chomhairle cur chuige nua maidir le scagthástáil ailse.




## 9.12

Thug an tAontas agus an tSile caibidlíocht i gcrích maidir leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil.



## 11.12

Tionóladh an chéad chruinniú de bhord Global Gateway.



## 12.12

Sheol an tAontas agus a chomhpháirtithe Afracacha dhá thionscnamh de chuid Team Europe maidir leis an imirce, rud a dhíríonn ar na bealaí imirce san Atlantach agus sa Mheánmhuir Láir.




## 13.12

An tAontas Slándála: Mhol an Coimisiún rialacha nua maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí chun bainistiú teorainneacha seachtracha a éascú agus chun an tslándáil inmheánach a mhéadú.




## 13.12

An Comhaontú Glas don Eoraip: Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha.

## 14.12

Tionóladh an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus ASEAN. D'fhógair an tAontas agus a Bhallstáit slógadh €10 mbilliún mar chuid de Global Gateway chun dlús a chur leis an infheistíocht sa bhonneagar i dtíortha ASEAN.







## 14.12

Ghlac an Coimisiún rialacha nua maidir leis an státchabhair le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh agus dobharshaothraithe.

## 15.12

Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil faoi rialacha nua maidir le bearta lena gcumasófar níos mó trédhearcachta agus forfheidhmiú éifeachtach ar phrionsabal an phá chomhionainn do na mná agus na fir.






## 16.12

Mar obair leantach ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, rinne an Coimisiún óstáil ar an gcéad Phainéal Saoránach Eorpach maidir le Cur Amú Bia a Laghdú.

## 16.12

An Úcráin: Chomhaontaigh an tAontas an naoú pacáiste de smachtbhannaí in aghaidh na Rúise i ndáil lena hionradh ar an Úcráin.







## 16.12

Shínigh an tAontas agus an Úcráin pacáiste tacaíochta €100 milliún chun athchóiriú a dhéanamh ar scoileanna a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca an chogaidh.

## 18.12

An Comhaontú Glas don Eoraip: Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gcóras trádála astaíochtaí a neartú agus Ciste Aeráide Sóisialta a chruthú chun tacú le daoine san aistriú chuig fuinneamh níos glaine.



## 19.12

Ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (COP15), chuaigh an tAontas i bpáirt le 195 thír i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Kumming-Montréal, rud nach bhfacthas riamh roimhe, agus ina bhfuil cuspóirí agus spriocanna domhanda darb aidhm an dúlra a chosaint agus a athshlánú do na glúnta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

## 19.12

Mhol an Coimisiún rialacha níos láidre chun an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, coir a bhfuil méadú ag teacht uirthi.



## 21.12

Leis an gCiste don Nuachóiriú, infheistíodh €4.11 billiún i dtionscadail aistrithe fuinnimh in ocht mBallstát chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a laghdú agus rolladh amach foinsí fuinnimh inathnuaite a bhrostú.




## 31.12

Tháinig deireadh le hionstraim SURE, rud a dearadh chun poist agus ioncaim a chosaint a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu, tar éis ról ríthábhachtach a bheith aici chun tionchar na paindéime a mhaolú agus tacú leis an téarnamh eacnamaíoch. Cumhdaíodh 9 milliún duine agus níos mó ná 900,000 gnólacht le SURE in 2021 in 15 Bhallstát, agus céimniú amach soiléir ann in 2022 nuair a cumhdaíodh 350,000 duine agus 40,000 gnólacht i gceithre Bhallstát.

# EANÁIR 2023

## 1.1

Chuaigh an Chróit isteach sa limistéar euro agus i limistéar Schengen.





## 1.1

In 2023, rinne an tAontas cothrom 30 bliain a mhargaidh aonair a cheiliúradh – ceann de na príomhéachtaí a bhaineann leis an lánpháirtíocht Eorpach.

## 10.1

Shínigh an tAontas agus ECAT dearbhú comhpháirteach nua maidir le comhar. Chomhaontaigh siad a gcuid oibre a threisiú maidir le bagairtí hibrideacha, cibearbhagairtí agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, dlús a chur le comhar maidir leis an spás agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn, aghaidh a thabhairt ar impleachtaí slándála na géarchéime aeráide atá romhainn agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú.






## 12.1

Tháinig an rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha i bhfeidhm. Leis an tsraith nua rialacha sin beidh an tAontas in ann a bheith oscailte i gcónaí le haghaidh trádála agus infheistíochta, agus cothrom na Féinne á cinntiú ag an am céanna do na gnólachtaí uile a oibríonn sa mhargadh aonair.



## 17.1

Sheol an Coimisiún an ‘Sásra chun cur leis an Tallann’ chun tacú le réigiúin an Aontais dá ndéantar difear leis an meath luasghéaraithe ar a ndaonra in aois oibre.




## 17.1

Chruthaigh an Coimisiún a chéad stoc-charn straitéiseach ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach rescEU, agus é óstáilte san Fhionlainn.



## 23.1

An tAontas Sláinte Eorpach: Sheol an Coimisiún an Tionscnamh Eorpach um Íomháú Ailse chun tacú le soláthraithe cúraim sláinte, institiúidí taighde agus nuálaithe maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as réitigh nuálacha shonraíbhunaithe i dtaca le cóireáil agus cúram ailse.



## 24.1

Chuir an Coimisiún i láthair ‘Beart Nua do Phailneoirí’ chun dul i ngleic leis an meath, ar cúis imní é, ar fheithidí pailnitheacha fiáine san Eoraip.




## 25.1

Chuir an Coimisiún i láthair tionscnamh chun idirphlé sóisialta a neartú agus a chur chun cinn a thuilleadh agus bearta sonracha ann ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.



## 26.1

Sheol an Coimisiún tionscnamh na múinteoirí réigiúnacha don Afraic fho-Shahárach, ar tionscnamh de chuid Team Europe é, in Pretoria na hAfraice Theas mar chuid de Global Gateway agus ranníocaíocht €100 milliún ann ón Aontas.

# FEABHRA 2023

## 1.2

Sheol an tAontas agus Singeapór comhpháirtíocht dhigiteach.






## 1.2

Chuir an Coimisiún i láthair Plean Tionsclaíoch mar chuid den Chomhaontú Glas chun iomaíochas glan-nialasachta na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht.

## 2.2

Thaistil Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, agus 15 Choimisinéir chuig Cív le haghaidh an chéad chruinnithe riamh idir an Coláiste agus an rialtas, chun an comhar idir an tAontas agus an Úcráin a dhoimhniú i roinnt earnálacha.





## 3.2

Tionóladh an cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an Úcráin i gCív.

## 4.2

An Úcráin: Chomhaontaigh an tAontas agus comhpháirtithe G7 caidhp phraghais ar tháirgí peitriliam ón Rúis.



## 6.2

Chuir an tAontas agus an India Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta ar bun chun dul i ngleic leis na dúshláin ag an nasc teagmhasach idir an trádáil, an teicneolaíocht iontaofa agus an tslándáil.



## 6.2

Díreach tar éis do na creathanna talún uafásacha tarlú sa Tuirc agus sa tSiria, thosaigh an Coimisiún ar oibríocht a bheadh ar an oibríocht chuardaigh agus tarrthála ba mhó dá chuid trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, rud a chuidíonn le daoine a shábháil sa Tuirc agus tacaíocht á tabhairt an tráth céanna chun cabhair dhaonnúil a sholáthar do mhuintir na Siria ar fud na tíre.



## 8.2

Ghlac an Coimisiún spriocanna athléimneachta tubaistí de chuid an Aontais, agus moltaí ann do na Ballstáit chun cuidiú leo réamh-mheas, ullmhú, freagairt agus daingniú a dhéanamh ar bhealach níos fearr chun neartú a dhéanamh ar a n-athléimneacht i leith tubaistí amach anseo ar fud na hEorpa.

## 10.2



Trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, d'imscar an tAontas níos mó ná 250 freagróir éigeandála ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón bPortaingéil chun na Sile chun cúnamh a thabhairt do fhreagróirí náisiúnta chun falscaithe foircneacha a chomhrac.

## 13.2





Leag an Coimisiún rialacha amach maidir le hidrigin inathnuaite.

## 14.2



Mhol an Coimisiún sprioc astaíochtaí nialasacha 2030 le haghaidh busanna nua cathrach, in éineacht le laghduithe astaíochtaí 90 % le haghaidh trucailí nua faoi 2040.

## 23.2




Chuir an Coimisiún i láthair tacar gníomhaíochtaí darb aidhm nascacht ghigighiotáin a chur ar fáil do na saoránaigh agus na gnólachtaí uile ar fud an Aontais faoi 2030.

## 25.2



Chomhaontaigh an tAontas an 10ú pacáiste de smachtbhannaí in aghaidh na Rúise.

## 27.2

Tháinig an Coimisiún agus rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor, tacar cuimsitheach réiteach darb aidhm aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla atá roimh shaoránaigh agus gnólachtaí i dTuaisceart Éireann.

## 28.2



Global Gateway: Shínigh an Coimisiún comhaontuithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar fiú €4 bhilliún iad – arb é atá iontu comhaontú ráthaíochta lena slógfar suas le €3.5 billiún in iasachtú agus ranníocaíocht Ciste Iontaobhais ar fiú €500 milliún í – chun tacú le gnólachtaí i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin go dtí 2027.

# MÁRTA 2023

## 1.3

An tsábháilteacht ar bhóithre: Mhol an Coimisiún ceanglais nuashonraithe maidir le ceadúnais tiomána agus forfheidhmiú trasteorann níos fearr ar rialacha tráchta ar bhóithre.





© Adobe Stock

## 7.3

An tAontas Slándála: Tháinig an Córas Faisnéise Schengen athnuaite i bhfeidhm.

## 9.3

Ghlac an Coimisiún Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe nua um Státchabhair chun bearta tacaíochta a chothú in earnálacha atá ríthábhachtach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach. D'fhormhuinigh sé freisin leasú ar an Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine maidir le Státchabhair chun éascú, simpliú agus brostú a dhéanamh ar an tacaíocht d'aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais.



© Adobe Stock



© An Ghníomhaireacht Eorpach Spáis

## 10.3

Chuir an Coimisiún i láthair Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, chun Aontas níos láidre agus níos athléimní a chinntiú.



## 10.3

Thug an tAontas a straitéis slándála muirí cothrom le dáta chun úsáid shíochánta na bhfarraigí a chinntiú agus an réimse muirí a chosaint ar bhagairtí nua.



© Unsplash

## 10.3

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an tAontas rialacha níos láidre chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh.

## 14.3

Seoladh an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, ar tionscnamh comhpháirteach é chun troid ar son cur chuige duine-lárnach maidir leis an aistriú digiteach, in Bogotá na Colóime.






## 14.3

Mhol an Coimisiún athchóiriú ar an mbealach a ndeartar margadh leictreachais an Aontais, darb aidhm borradh a chur faoi fhoinsí inathnuaite fuinnimh, tomhaltóirí a chosaint ar bhealach níos fearr agus iomaíochas tionsclaíoch a fheabhsú.

## 16.3

Mhol an Coimisiún an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun monaraíocht teicneolaíochtaí glana a uas-scálú san Aontas Eorpach agus chun a chinntiú go mbeidh an tAontas dea-fheistithe le haghaidh an aistrithe chuig fuinneamh glan.





## 16.3

Mhol an Coimisiún tacar cuimsitheach beart chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag an Aontas ar sholáthar slán, éagsúlaithe, inacmhainne agus inbhuanaithe d'amhábhair chriticiúla.

## 16.3

Ag comóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair, leag an Coimisiún amach an dóigh a gcinnteoidh sé iomaíochas fadtéarmach an Aontais lastall de 2030.





## 16.3

Mar chuid den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, sheol an Coimisiún clár fothaithe acmhainneachta chun tosú ar atógáil na hÚcráine.



## 17.3

Le linn Chomhdháil Dlúthpháirtíochta Idirnáisiúnta 2023 maidir le géarchéim Veiniséala, scaoil an Coimisiún maoiniú daonnúil don tír dar luach €75 mhilliún.



## 20.3

Ag an gcomhdháil deontóirí sa Bhruiséil, chruinnigh an tAontas agus deontóirí idirnáisiúnta €7 mbilliún do mhuintir na Tuirce agus na Siria tar éis na gcreathanna talún uafásacha i mí Feabhra 2023.




## 22.3

Thug an Coimisiún isteach cearta tomhaltóirí nua a fhágfaidh go mbeidh sé níos fusa agus níos tarraingtí earraí a dheisiú. Mhol sé critéir choiteanna freisin chun dul i ngleic leis an nglas-snasú agus éilimh mhíthreoracha maidir leis an gcomhshaol.




## 23.3

An Comhaontú Glas don Eoraip: Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le hastaíochtaí iompair mhuirí a laghdú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur chun cinn le haghaidh na loingseoireachta.




## 28.3

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an tAontas dlí nua uaillmhianach chun bonneagar breoslaí malartacha leordhóthanach a chur in úsáid.




## 29.3

Mhol an Coimisiún níos mó trédhearcachta faoi chuideachtaí agus níos lú rómhaorlathais dóibh chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó san Aontas Eorpach.






## 30.3

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chomhaontaigh an tAontas reachtaíocht níos láidre chun rolladh amach foinsí fuinnimh inathnuaite a luasghéarú.

## 30.3

Thug an tUachtarán von der Leyen a haitheasc maidir le caidreamh idir an tAontas agus an tSín.







## 31.3

NextGenerationEU: Sháraigh eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an sprioc €150 billiún.

## 31.3

REPowerEU: Chomhlíon an tAontas a sprioc dheonach maidir leis an éileamh ar ghás a laghdú 15 % i gcomparáid leis na cúig gheimhreadh roimhe sin agus tá 60 % dá thoilleadh stórála gáis fós lán aige tar éis an gheimhridh.

# AIBREÁN 2023



## 3.4

Rinne an Coimisiún comóradh 30 bliain an Chiste Comhtháthaithe a cheiliúradh.
Ó bunaíodh é, leis an gCiste Comhtháthaithe infheistíodh beagnach €179 mbilliún i gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais.



## 4.4

Thosaigh an tAontas ar a stoc-chairn foscaidh rescEU féin a fhorbairt, stoc-chairn is féidir a chur in úsáid le linn géarchéimeanna nó tubaistí atá rómhór do na hacmhainneachtaí freagartha náisiúnta, atá le cur ar bun ag an gCróit, an Pholainn, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Tuirc.




## 5.4

I réimse an chomhair bhreithiúnaigh, mhol an Coimisiún rialacha maidir le haistriú imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit.



## 5.4

D'fhreagair an Coimisiún don seachtú tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun an sprioc 1 mhilliún síniú a shárú: 'Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí! I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin'.



## 6.4

Thug an tUachtarán von der Leyen cuairt ar an tSín.



© Adobe Stock

## 17.4

Sheol an Coimisiún an Lárionad Eorpach um Thrédhearcacht Algartamach chun cuidiú le forfheidhmiú a dhéanamh ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.



## 18.4

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna, darb aidhm iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a neartú san earnáil straitéiseach sin.



© Adobe Stock



## 18.4

An tAontas Baincéireachta: Mhol an Coimisiún athchóiriú ar an gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí.

## 18.4

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Gníomh an Aontais um an gCibear-dhlúthpháirtíocht, chun acmhainneachtaí cibearshlándála a neartú san Aontas, agus chuir sé an tAcadamh Scileanna Cibearshlándála i láthair, rud a bheidh ann amach anseo.

## 20.4

Ghlac an Úcráin ballraíocht i Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.



## 23.4

Chuir Painéal na Saoránach maidir le Domhain Fhíorúla 23 mholadh i láthair le haghaidh domhain fhíorúla chóra agus dhuine-lárnacha san Aontas.



## 24.4

An Comhaontú Glas don Eoraip: Bhunaigh an tAontas agus an Iorua Comhghuaillíocht Ghlas chun comhar a dhoimhniú maidir leis an aeráid, an comhshaol, fuinneamh agus tionsclaíocht ghlan.



## 25.4

Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh: Sheol an Coimisiún an chéad ghlao ar ghnólachtaí chun gás a cheannach go comhpháirteach.



## 25.4

An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha: D'ainmnigh an Coimisiún an chéad tacar d'ardáin agus innill chuardaigh an-mhór ar líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.


© Adobe Stock

## 26.4

Chuir an Coimisiún tograí reachtacha i láthair chun an t-athchóiriú is cuimsithí ar rialacha rialachas eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme tar éis iarmhairt na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais.




## 26.4

An tAontas Sláinte Eorpach: Mhol an Coimisiún athchóiriú ar reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte chun go mbeidh cógais leighis níos inrochtana, níos inacmhainne agus níos nuálaí ann.

## 26.4

An Comhaontú Glas don Eoraip: Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le dlí nua chun astaíochtaí eitlíochta a laghdú trí bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur chun cinn.







## 27.4

Global Gateway: D'fhógair an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta cistí ar fiú €18 mbilliún iad chun borradh a chur faoin infheistíocht sa ghníomhaíocht ar son na haeráide agus i ngeilleagair inbhuanaithe.



## 27.4

Mhol an Coimisiún rialacha nua chun cuidiú le gnólachtaí leas a bhaint as a n-aireagáin, teicneolaíochtaí nua a ghiaráil agus rannchuidiú le hiomaíochas agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais.

## BEALTAINE 2023

### 3.5

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Gníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Airm, plean €500 milliún chun borradh a chur ar bhonn práinne faoi acmhainneachtaí tionscail cosanta an Aontais chun cuidiú leis an Úcráin.






### 3.5

Mhol an Coimisiún rialacha níos láidre chun an t-éilliú a chomhrac san Aontas agus ar fud an domhain.

### 4.5

Mhol an Coimisiún bearta chun píoráideacht ar líne ar spóirt agus imeachtaí beo eile a chomhrac.







### 9.5

Cuireadh tús le Bliain Eorpach na Scileanna le féile scileanna.

### 10.5

I bhfianaise na riachtanas daonnúil méadaitheach atá ann de dheasca na coinbhleachta sa tSúdáin, sheol an tAontas aerdhroichead daonnúil lenar aistríodh soláthairtí criticiúla chuig a chomhpháirtithe daonnúla i gCalafort na Súdáine.







### 16.5

Thionóil an tAontas agus an India an chéad chruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta sa Bhruiséil. Díríodh sa chruinniú ar rannpháirtíocht straitéiseach a dhoimhniú maidir le trádáil agus teicneolaíocht.

## 17.5

Seoladh an Tascfhórsa Sláinte idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe.


© Adobe Stock



## 17.5

Chuir an Coimisiún tograí ar aghaidh le haghaidh an athchóirithe is uaillmhianaí agus is cuimsithí ar aontas custaim an Aontais ó bunaíodh in 1968 é.

## 18.5

Chuir an Coimisiún an chéad ‘ionchas maidir le tionscal meán na hEorpa’ i láthair, tuarascáil lena bhfiosraítear treochtaí éilimh agus soláthair sna hearnálacha closamhairc, físchluichí agus meán nuachta.





## 19-21.5

Ghlac an tUachtarán von der Leyen páirt i gcruinniú mullaigh G7 in Hiroshima na Seapáine.



## 21.5

Mar fhreagairt ar iarraidh na hIodáile ar chúnamh leis na tuilte tubaisteacha a bhuail tuaisceart na tíre, shlóg an Coimisiún cúnamh éigeandála láithreach, ar cúnamh é arna sholáthar ag an mBeilg, an Fhrainc, an tSlóivéin agus an tSlóvaic trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.



## 22.5

Tionóladh an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an Chóiré Theas i Súl, agus fógraíodh comhpháirtíocht ghlas chun doimhniú a dhéanamh ar chomhar maidir le gníomhú ar son na haeráide, fuinneamh glan agus cosaint an chomhshaoil.

## 22.5



In aghaidh leibhéal riachtanais dhaonnúil ar fud an domhain nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ghlac an Chomhairle sprioc dheonach 10 % de chabhair oifigiúil um fhorbairt lena díriú ar ghníomhaíocht dhaonnúil.

## 24.5



© Adobe Stock

Aontas na Margaí Caipitil: Mhol an Coimisiún rialacha nua chun infheisteoirí miondíola san Aontas a chosaint agus a chumhachtú.

## 30.5



Rinne an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, aerloingeas comhraic dóiteáin rescEU a dhúbailt le haghaidh an tséasúir falscaithe atá le teacht san Eoraip.

## 30.5



Rinne an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha, croílár acmhainneachtaí práinnfhreagartha agus inneall Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, ceiliúradh ar chomóradh 10 bliain a bhunaithe.

## 31.5



Tionóladh an ceathrú cruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe in Luleå na Sualainne. Tháinig an tAontas agus na Stáit Aontaithe ar chomhaontú chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do thorthaí iniúchtaí na nDea-chleachtas Monaraíochta Cógaisíochta le haghaidh táirgí tréidliachta.

# MEITHEAMH 2023



## 1.6

Ghlac an Coimisiún rialacha athbhreithnithe chun treoraíocht níos soiléire agus níos cothroime le dáta a sholáthar do ghnólachtaí chun cuidiú leo measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht a gcomhaontuithe cothrománacha comhair le rialacha iomaíochta an Aontais.



## 1.6

D'fhógair an tUachtarán von der Leyen pacáiste nua tacaíochta don Mholdóiv.



## 7.6

Leag an tAontas clár oibre nua amach chun a chomhpháirtíocht a neartú le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.



## 7.6

An tAontas Sláinte Eorpach: Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh cur chuige cuimsitheach maidir leis an meabhairshláinte.



## 8.6

Comhlacht Eitice an Aontais: Mhol an Coimisiún comhchaighdeáin eitice a chruthú d'institiúidí uile an Aontais.



## 8.6

D'imscar an tAontas beagnach 300 comhraiceoir dóiteán ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón bPortaingéil chun cuidiú le falscaithe foircneacha i gCeanada a chomhrac.




## 8.6

D'fhaomh an Coimisiún, faoi rialacha an Aontais maidir le státchabhair, Tionscadal Tábhachtach ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne chun tacú le taighde, nuálaíocht agus an chéad chur in úsáid tionsclaíoch ar mhicrileictreonaic agus teicneolaíochtaí cumarsáide.

## 12-16.6

Thaistil an tUachtarán von der Leyen chuig an mBrasaíl, an Airgintín, an tSile agus Meicsiceo, agus d’fhógair sí infheistíocht €10 mbilliún ón Aontas i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib trí Global Gateway.



## 13.6



An geilleagar sóisialta: Mhol an Coimisiún bealaí chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair shóisialta maidir le poist, an nuálaíocht agus an cuimsiú sóisialta.

## 14.6



Bhog an tAontas Eorpach chun cinn leis an gcaibidlíocht faoin Chomhaontú maidir le Mianraí Criticiúla le Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## 15.6



Le linn an seachtú Comhdháil sa Bhruiséil maidir le ‘Tacú le todhchaí na Siria agus an Réigiúin’, gheall an pobal idirnáisiúnta €5.6 billiún le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin.

## 19.6




Tugadh caibidlíocht i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Chéinia le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche uaillmhianach a mbeidh forálacha láidre inbhuanaitheachta ann.

## 20.6




Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch i láthair. Dírítear sa straitéis ar laghdú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as idirthuilleamaíochtaí eacnamaíocha, agus uasleibhéil oscailteacht eacnamaíoch agus dhinimiceas an Aontais á gcaomhnú ag an am céanna.

## 20.6



Buiséad an Aontais Eorpaigh: Mhol an Coimisiún buiséad fadtéarmach an Aontais a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is práinní. Chuir sé pacáiste coigeartaithe ar aghaidh chomh maith don chéad ghlúin eile d’acmhainní dílse.

## 20.6



© Adobe Stock

An Úcráin: Bheartaigh an Coimisiún Saoráid thiomnaithe a bhunú chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine.



## 23.6

Ghlac an tAontas an 11ú pacáiste de smachtbhannaí i gcoinne na Rúise mar gheall ar a cogadh neamhdhleathach leanúnach i gcoinne na hÚcráine.





## 28.6

Mhol an tAontas ionchas nua cuimsitheach ar bhagairtí maidir leis an athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil ar shíocháin, slándáil agus cosaint.

## 28.6

Chuir an Coimisiún dhá thogra i láthair chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh agus gnólachtaí leanúint de nótaí bainc agus boinn euro a fháil agus íocaíochtaí a dhéanamh leo ar fud an limistéir euro, agus chun creat a leagan amach le haghaidh foirm dhigiteach nua den euro a d’fhéadfadh an Banc Ceannas Eorpach a eisiúint amach anseo mar aon leis an airgead tirim.

# IÚIL 2023




## 3.7

An Úcráin: Cuireadh tús le hoibríochtaí an Lárionaid Idirnáisiúnta chun ionchúiseamh a dhéanamh ar choir fhoghach na Rúise faoin Úcráin.



## 5.7

Ghlac an Coimisiún bearta chun príomhacmhainní nádúrtha a úsáid go hinbhuanaithe, rud a neartóidh athléimneacht chórais bhia agus fheirmeoireacht an Aontais chomh maith.



## 5.7

D’fhoilsigh an Coimisiún an ceathrú tuarascáil maidir leis an smacht reachta, ina ndearnadh measúnú ar mholtaí na bliana anuraidh agus ina soláthraíodh moltaí sonracha do na Ballstáit.

## 9.7

Shínigh an tAontas agus an Nua-Shéalainn comhaontú saorthrádála uaillmhianach.





## 11.7

Mhol an Coimisiún bearta chun go mbeidh an t-iompar lastais níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe, trí fheabhas a chur ar bhainistíocht bonneagair iarnróid, agus eolas níos fearr a sholáthar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar lastais.

## 11.7

Chuir an Coimisiún straitéis an Aontais i láthair maidir le Web 4.0 agus domhain fhíorúla.







## 12.7

Mhol an Coimisiún cearta íospartach coireachta a neartú ar fud an Aontais ionas go bhfaigheann siad tacaíocht agus rochtain ar eolas, go lorgaíonn siad ceartas agus go bhfaigheann siad cúiteamh.



## 13.7

Tionóladh an 29ú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin sa Bhruiséil.



## 16.7

An Túinéis: Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le pacáiste cuimsitheach comhpháirtíochta.

## 17-18.7




Ag an tríú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh, tháinig ceannairí ón Aontas agus ceannairí ó Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC) le chéile sa Bhruiséil. Chuir an Coimisiún i láthair Clár Oibre Infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

## 19.7



Chuir an tAontas a chéad athbhreithniú deonach i láthair ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe ag Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

## 31.7



Global Gateway: Sheol an tUachtarán von der Leyen tionscnamh Team Europe maidir leis an ngeilleagar glas sna hOileáin Fhilipíneacha.

# LÚNASA 2023

**9.8**

Tar éis tuilte tubaisteacha sa tSlóivéin, chuir an tAontas cúnamh éigeandála ar fáil agus shlóg sé tacaíocht mheántéarmach agus fhadtéarmach.






**18.8**

Bhain an tAontas sprioc 90 % de stóráil gáis amach, níos mó ná 2 mhí roimh spriocdháta mhí na Samhna.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-05625-7 | doi:10.2775/57526 | NA-09-23-325-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-05606-6 | doi:10.2775/46224 | NA-09-23-325-GA-N |